
Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland



# Bonneagar Iompair Éireann
# Tuarascáil Bhliantúil
## agus Ráitis Airgeadais

# 2024

# Maidir leis an Tuarascáil Seo

Tugtar achoimre ghairid sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2024 ar Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) agus ar an gcuspóir atá againn seirbhísí agus bonneagar iompair inbhuanaithe a sholáthar agus, dá bhrí sin, caighdeán saoil níos fearr a chur ar fáil, tacú le fás eacnamaíoch, agus a bheith measúil ar an gcomhshaol. Tá sé i gceist go bhfaighidh ár gcuid páirtithe leasmhara eolas sa tuarascáil faoi ráitis airgeadais, straitéis agus creat rialachais BIÉ. Agus sinn ag tuairisciú ar ár gcuid gníomhaíochtaí, is mian linn léargas soiléir a thabhairt ar éachtaí BIÉ in 2024 agus ar na spriocanna i gcomhair 2025. Réitíodh an t-eolas sa tuarascáil seo i gcomhréir leis an gcáipéis, An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

# Gluais

| | |
|---|---|
| **AADT** | Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana |
| **BRUCE** | Measúnú ar Mhuirearú Níos Fearr i leith Úsáideoirí Bóithre |
| **CEDR** | Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa |
| **DPENDR** | An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe |
| **DoT** | An Roinn Iompair |
| **ETC** | Ríomhbhailiúchán Dolaí |
| **EVanna** | Feithiclí Leictreacha |
| **GCT** | Gáis Ceaptha Teasa |
| **HGVanna** | Feithiclí Earraí Troma |
| **LiDAR** | Brath agus Raonáil le Solas |
| **PFN** | An Plean Forbartha Náisiúnta (2018-2027) |
| **ÚBN** | An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta |
| **NTA** | An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| **MMaRC** | Conradh Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (Conraitheoirí) |
| **OMTTCC** | An Lárionad Rialaithe um Oibriú agus Cothabháil Tollán agus Tráchta |
| **CPP** | Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí |
| **RPA** | An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród |
| **SAR** | Tuarascáil Measúnaithe Straitéisigh |
| **SIP** | Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta |
| **BIÉ** | Bonneagar Iompair Éireann |
| **VMS** | Comharthaí um Theachtaireachtaí Athraitheacha |

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| **Ráiteas tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** | **1** |
| **Ár Struchtúr Eagraíochtúil agus Léargas Ginearálta** | **3** |
| **Ár Straitéis agus Spriocanna Straitéiseacha á gCur i nGníomh** | **5** |
| **Inbhuanaitheacht ag BIÉ** | **11** |
| **Ár bPobal** | **21** |
| **20 Bliain de Luas** | **23** |
| **Comhdhálacha agus Dámhachtainí** | **27** |
| **MetroLink** | **31** |
| **Bainistíocht agus Oibríochtaí an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta** | **35** |
| **Oibríochtaí Tráchtála** | **39** |
| **An Clár Caipitil** | **43** |
| **Seirbhísí Gairmiúla** | **53** |
| **Seirbhísí Rialála agus Corparáideacha** | **57** |
| **Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird** | **61** |




Deilbhíní arna ndearadh ag Freepik



Glasbhealach Mór an Iarthair, Co. Mhaigh Eo





# Ráiteas tosaigh ón gCathaoirleach agus ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Leanann turas claochlaitheach na soghluaisteachta ar aghaidh

### Feabhsúcháin ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta agus Méadú an Luais a sheachadadh

I gcomhpháirt le húdaráis áitiúla, chuir BIÉ go leor tionscadal mór i gcrích in 2024 agus tá sé ag dul ar aghaidh le hobair in 2025. Osclaíodh Acomhal Dhún Chitil an N40/M8/N25 i mí Feabhra, rud a d'fheabhsaigh sreabhadh tráchta agus nascacht i réigiún Chorcaí. I mí an Mhárta, críochnaíodh tionscadal an N56 ón gClochán Liath chuig na Gleannta, agus cuimsíodh rotharbhealach scartha 27 ciliméadar. Osclaíodh go hoifigiúil an N69 (Seachbhóthar Lios Tuathail) i mí an Mheithimh, lenar cuireadh feabhas ar bhonneagar agus inrochtaineacht i gCiarraí thuaidh. Leanadh ar aghaidh le tionscadal an N5 ó Bhealach an Doirín - Scramóg a thógáil i rith na bliana agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin in 2025.

Cuireadh tús le réamhoibreacha ar an N21 (Seachbhóthar Áth Dara), agus bronnadh an conradh foirgníochta go foirmiúil i mí Feabhra 2025. Tá an seachbhóthar sin mar chuid de thionscadal níos leithne an N21/N69 (Luimneach go Faing) atá dírithe ar nascacht a fheabhsú ar an ngréasán bóithre náisiúnta. Tá dul chun cinn déanta freisin le tionscadal an M28 (Corcaigh-Rinn an Scidígh) agus síníodh an conradh le tús a chur leis an obair i mBealtaine 2025. Rinneadh dul chun cinn le tionscadail iarnróid éadroim a phleanáil agus a dhearadh i rith na bliana.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhaomh an Rialtas an Cás Gnó do shíneadh an Luais go Fionnghlas tar éis gur cuireadh a iarratas Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Pleanála i Samhain 2024. Rinneadh dul chun cinn le tionscadal Luas Chorcaí le roghnú an bhealaigh is dealraithí, agus cuireadh tús leis an gcomhairliúchán poiblí neamhreachtúil i mí Bealtaine 2025. Críochnaíodh an staidéar acmhainne i ndáil le Luas (Leamhcán), agus leantar ar aghaidh le bealach a roghnú in 2025.

### Dícharbónú na Soghluaisteachta

Tá an-dul chun cinn déanta ag BIÉ i ndáil le dícharbónú na soghluaisteachta i rith 2024, agus leantar ar aghaidh le hiarrachtaí in 2025.

I mí Bealtaine 2024, d'fhoilsigh an Roinn Iompair Plean an Ghréasáin Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (EVanna) ar Bhóithre Náisiúnta, agus cuireadh béim ar bhonneagar EV a fheabhsú feadh an Ghréasán Bóithre Náisiúnta in Éirinn. I gcomhpháirt le Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI), d'fhorbair agus sheol BIÉ roinnt Scéimeanna Deontas arna mhaoiniú ag an Rialtas um Bonneagar Athluchtaithe Feithiclí Leictreacha chun seachadadh a dhreasú san earnáil phoiblí.

Rinneamar dul chun cinn freisin maidir le cleachtais foirgníochta inbhuanaithe a chur chun cinn trí thriail phíolótach rathúil ar an Dréimire Charbóin ar Scéim an M7 (Seachbhóthar Chill Dara) um Athnuachan Dromchlaí Bóthair. Ba é sin an chéad triail ar an Dréimire Charbóin in Éirinn agus baineadh amach laghdú Carbóin 21% i gcomparáid le modhanna caighdeánacha foirgníochta. Tá sé mar chuid de thionscnamh chun critéir ghlasa a chur i bhfeidhm sa soláthar.

Mhaoinigh muid clár de 44 tionscadal Glasbhealaigh in 2024 agus táimid ag leanúint ar aghaidh á seachadadh in 2025. Astu siúd, osclaíodh naoi gcinn don phobal, lenar áiríodh Glasbhealach 6 km Loch Cairlinn agus an Glasbhealach 15 km ó Mhaigh Dhíle go hEochaill. Freisin soláthraíodh 6.5 km de bhonneagar scartha taistil ghníomhaigh faoi Mhionchlár Sábháilteachta BIÉ um Bóithre. Cuireadh tús le ceithre thionscadal taistil ghníomhaigh eile a thógáil: N28 Sráidbhaile Rinn an Scidígh, N71 Glaislinn, N71 An Gallán, agus N72 An Fosadh–Cill Áirne.

Freisin tógadh céim mhór chun cinn ar MetroLink, an infheistíocht is mó riamh in iompar poiblí in

Éirinn nuair a ceapadh an Dr Sean Sweeney mar Stiúrthóir Cláir in 2024. Tugann an Dr Sweeney leis saibhreas taithí agus fís láidir don chéad olltionscadal riamh in Éirinn, agus beidh a shaineolas ríthábhachtach chun an tionscadal seo a sheachadadh. Tá foireann tionscadail an Dr Sweeney ag plé leis an margadh agus déanfaidh siad comhairliúcháin mhargaidh i rith 2025.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Mhaoinigh BIÉ oibreacha le tacú le tionscnamh an Gharda Síochána chun forfheidhmiú luasteorainneacha a fheabhsú trí cheamaraí sábháilteachta a chur chun feidhme. Freisin, i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla, bhain BIÉ úsáid as €20 milliún ar scéimeanna feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre feadh an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta. Cuireadh thart ar 90% de na scéimeanna sin ar chodanna de charrbhealach aonair. Bhí roghnú agus socrú ord tosaíochta na scéimeanna treoraithe ag Creat Beartais AE um Shábháilteachta ar Bhóithre 2021–2030 agus ag an Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre de chuid an Rialtais: Fís Nialais, arb í an aidhm atá i gceist léi an líon básanna ar bhóithre náisiúnta a laghdú faoi leath faoi 2030.

## Rannpháirteachas Páirtithe Leasmhara agus Oiriúnú don Athrú Aeráide

Thar ceann an Rialtais, reáchtáil BIÉ Comhdháil na hAiréine Taighde Iompair (TRA) 2024 i mí Aibreáin. Tá TRA ar cheann de na comhdhálacha iompair is tábhachtaí ar domhan agus déanann tír Eorpach dhifriúil í a óstáil gach re bliain. Feidhmíonn an t-imeacht mar fhóram idirghníomhach comhair i measc trí phríomhearnáil i réimse an iompair: pobal na scoláirí acadúla taighde, an tionscal, agus lucht déanta beartas. Tharraing comhdháil 2024 breis is 4,000 toscaire, agus cothaíodh leis sin malartú eolais agus nuálaíocht ar fud earnáil an iompair. Tá rannpháirteachas gníomhach páirtithe leasmhara á chothú ag BIÉ i rith 2025 agus cuirfidh sé béim fós ar chomhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt chun tacú lenár sainordú seachadta.

## Oibríochtaí

I mí an Mheithimh, cheiliúramar fiche bliain d'oibríochtaí sheirbhís iarnród éadroim Luas. Ceiliúradh an ócáid le foilsiú tuarascála, inar tarraingíodh aird ar thionchar claochlaitheach Luas ar fhorbairt Bhaile Átha Cliath le fiche bliain anuas mar chóras iompair phoiblí ardlín paisinéirí atá iontaofa. Déanann BIÉ maoirseacht ar oibriú agus ar chothabháil ghréasán Luas i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Áirítear le freagrachtaí BIÉ bainistiú ar chonradh oibríochtaí agus cothabhála Luas le Transdev, Oibreoir Luas.

Bhí an t-éileamh paisinéirí fós ag dul i méid in 2024, agus breis is 54 mhilliún turas taifeadta ar an Líne Dhearg agus an Líne Uaine agus cuireadh amchlár nua i bhfeidhm don dá líne i mBealtaine 2025, rud a d'fheabhsaigh eispéiris paisinéirí. Baineann tuairim is dhá mhilliún gluaisteánaí leas as bóithre dola an M50 agus Thollán Bhaile Átha Cliath gach bliain. Tháinig méadú eile in 2024 ar an méid tráchta ar fud an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta, agus tiocfaidh méadú eile air ar fud na tíre in 2025. Rinneadh 68.4 milliún idirbheart dola ar luach €240 milliún san iomlán don stát. Déantar an glanioncam a bhailítear (ollioncaim lúide costais oibriúcháin, cánacha, agus rátaí údaráis áitiúil) a infheistiú in oibriú agus i gcothabháil an ghréasán bóithre náisiúnta, rud a laghdaíonn méid na riachtanas cistiúcháin i leith an státchiste.

## Buíochas

Thar ceann Bhord BIÉ, ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl d'fhoireann BIÉ as a gcuid oibre crua agus díograise. Ní bhainfí na héachtaí uile in 2024 amach gan iad. Ba bhreá linn aitheantas a thabhairt freisin don ghealltanas agus don treoir a léirigh na Comhaltaí Boird eile i rith na bliana. Gabhaimid buíochas ó chroí leis an Aire Eamon Ryan, leis an Aire Stáit Jack Chambers, agus le foireann na Roinne Iompair as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht leanúnach. Ba mhaith leis an mBord freisin fáilte a chur roimh an Aire Iompair nua, an tAire Darragh O'Brien, agus tá BIÉ geallta chun tacú leis an Aire leis an bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) a mhúnlú agus a sheachadadh. Beifear in ann é sin a bhaint amach le hiarrachtaí leanúnacha ár gcuid comhghleacaithe in BIÉ, trí hoibriú i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla, leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an bpobal innealtóireachta, dearaidh, agus foirgníochta i gcoitinne. Táimid geallta le chéile chun bonneagar iompair sábháilte, inbhuanaithe agus nasctha a sheachadadh d'Éirinn.

**Gareth and Peter**



Cathaoirleach an Bhoird



Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# Ár Struchtúr Eagraíochtúil agus Léargas Ginearálta

Faoi stiúir na Roinne Iompair agus i gcomhar le húdaráis áitiúla agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair, glacann Bonneagar Iompair Éireann cur chuige comhtháite i leith fhorbairt agus oibriú an ghréasáin bóithre náisiúnta agus an bhonneagair iarnróid éadroim ar fud na hÉireann amach anseo. Tá sé rannán in BIÉ a thacaíonn lena chéile.

- MetroLink
- Bainistíocht Gréasáin
- Oibríochtaí Tráchtála
- An Clár Caipitil
- Seirbhísí Corparáideacha
- Seirbhísí Gairmiúla
- Seirbhísí Gnó

Pléitear ár bhfeidhmíocht in 2024 i gcomhthéacs gach ceann dár rannáin, agus cuirtear míreanna ar leith ar fáil inár dTuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais atá tiomnaithe do MetroLink, Bainistíocht Gréasáin, Oibríochtaí Tráchtála, Cláir Chaipitil agus Seirbhísí Gairmiúla, agus cuimsítear Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Gnó tacaíochta BIÉ in aon mhír amháin thíos.

Oibríonn Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh ar fud BIÉ chun rannáin a nascadh agus a chomhordú agus chun tionscnaimh straitéiseacha tras-rannáin a chomhcheangal.

Is é an ceann is suntasaí díobh sin straitéis chomhtháite Bhonneagar Iompair Éireann i leith inbhuanaitheachta agus ghníomhú ar son na haeráide.

Tugann Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh tacaíocht agus cabhair dhíreach don Phríomhfheidhmeannach i ngach réimse, lena n-áirítear cumarsáid, bainistíocht páirtithe leasmhara agus caidrimh, comhoibriú, tionchar agus plé.

# Ár Straitéis agus Sprio-canna Straitéiseacha á gCur i nGníomh

Comhlíonann Bonneagar Iompair Éireann cuspóir mórluachach lena mbaineann tábhacht straitéiseach náisiúnta; téann sé i gcion ar an saoránach agus ar an gcuairteoir araon gach lá.

**Is é an cuspóir atá againn seirbhísí agus bonneagar iompair inbhuanaithe a sholáthar agus, dá bhrí sin, caighdeán saoil níos fearr a chur ar fáil, tacú le fás eacnamaíoch, agus a bheith measúil ar an gcomhshaol.**

Táimid meáite, agus ár gcuspóir á chomhlíonadh againn, ar thrí aidhm uileghabhálacha, a léiríonn ár bhfís, a bhaint amach:

A chinntiú go bhfuil bonneagar náisiúnta bóithre agus iarnróid éadroim na hÉireann sábháilte agus seasmhach, d'fhonn inrochtaineacht níos fearr agus soghluaisteacht inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine agus d'earraí.

A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le bonneagar agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a sholáthar agus a oibriú.

A bheith aitheanta mar eagraíocht ag a bhfuil meas ara pobal, ar chustaiméirí, ar chomhpháirtithe agus ar an timpeallacht.


Tacaíonn Ráiteas Straitéise 2021-2025 dár gcuid le cur i bhfeidhm na an Phlean Forbartha Náisiúnta, ar aon dul le beartais náisiúnta iompair agus aeráide.

Déanaimid breithniú aireach ar an méid seo a leanas agus ár Ráiteas Straitéise á chur ar fáil againn:

- Beartais, straitéisí, pleananna agus creataí náisiúnta a bhaineann le cúrsaí iompair agus leis an méid a rinne BIÉ ar son na forbartha;
- Forbairtí agus treochtaí ábhartha i dtimpeallachtaí eacnamaíocha, sóisialta, teicniúla agus dlíthiúla; agus
- Cumas BIÉ torthaí a bhaint amach i gcomhréir lena sainchúram reachtúil.

Cuireann Bonneagar Iompair Éireann a straitéis i ngníomh de thairbhe seacht sprioc agus cuspóirí sna catagóirí seo a leanas:

- An Bonneagar atá ann faoi Láthair
- Bonneagar Nua
- Seirbhísí
- Sábháilteacht
- Pobal
- Rannpháirtíocht agus Comhoibriú
- Sármhaitheas Eagraíochta


Glasbhealach Luimnigh, Co. Luimnigh

**Sprioc**

## An Bonneagar atá ann faoi Láthair

An gréasán bóithre náisiúnta agus an bonneagar iarnróid éadroim a oibriú agus a chothabháil, agus a saolré a mhéadú, d'fhonn sábháilteacht agus éifeachtúlacht ár ngréasán iompair a chinntiú. A chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar acmhainní comhshaoil agus aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

## Bonneagar Nua

Bonneagar náisiúnta bóithre, iarnróid éadroim, meitreo agus Taistil Ghníomhaigh a sholáthar, ar mhaithe le cur le borradh dlúth, le soghluaisteacht inbhuanaithe, le hinrochtaineacht fheabhsaithe réigiúnach agus an leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin.

**Cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaineann ár spriocanna amach**

### An Bonneagar atá ann faoi Láthair

1. An bonneagar atá ann faoi láthair a chothabháil agus a athrú chun básanna, gortuithe agus rioscaí a bhaineann le cúrsaí iompair a laghdú.
2. Saolré ár mbonneagair taistil a mhéadú agus an leas is fearr is féidir a bhaint as, d'fhonn an gá atá le bonneagar nua a thógáil a laghdú an oiread agus is féidir.
3. Ár gcórais iompair a chothabháil lena chinntiú go bhfuil siad sábháilte, seasmhach agus ar fáil lena n-úsáid.
4. Bearta a thabhairt isteach chun tacú le laghdú an charbóin agus na n-astaíochtaí eile inár gcuid oibríochtaí.
5. Tacú leis an úsáid as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ar nós soghluaisteacht cheangailte, chomhoibritheach agus uathoibrithe.
6. Eolas a thabhairt dár gcustaiméirí.

### Bonneagar Nua

1. Básanna agus gortuithe a bhaineann le cúrsaí iompair a laghdú trínár mbonneagar a nuachóiriú.
2. Tacú le téarnamh geilleagrach na hÉireann trí ghluaiseacht éifeachtúil daoine agus táirgí.
3. Feabhas a chur ar inrochtaineacht réigiúnach d'fhonn freastal ar riachtanais na n-oibreoirí bus agus a bpaisinéirí, agus bealaí ríthábhachtacha tarrthála a sholáthar do phobail tuaithe.
4. Bonneagar a sholáthar a thacaíonn le córais iompair ísealcharbóin agus le laghduithe ar astaíochtaí.
5. Mórscéimeanna iompair a phleanáil agus a dhearadh chun taisteal gníomhach agus iompar poiblí a spreagadh.
6. Níos mó úsáide as táirgí ísealcharbóin inár dtionscadail tógála a chur chun cinn.
7. An bhithéagsúlacht a chur chun feabhais ar thalamh Bhonneagar Iompair Éireann agus dianiarracht a dhéanamh glanghnóthachan a bhaint amach i dtionscadail amach anseo.

**Feidhmíocht sa bhliain 2024**

### An Bonneagar atá ann faoi Láthair

- Sheol BIÉ tionscadal ar Thollán Theas an M50/ M1 chun oibríochtaí tolláin a fheabhsú trí chomharthaí rialaithe lána agus luasteorainneacha éagsúla, lenar bhain droichid nua, leasuithe ar bhonneagar, agus uasghráduithe ar threalamh ITS.
- Rinneamar dul chun cinn maidir leis an tionscnamh iarnróid éadroim a neartú, chun acmhainn agus iontaofacht a fheabhsú.
- Chuireamar tús le Tionscadal SRAR chun seomraí rialúcháin a sheachadadh, agus bhí sé sin nach mór críochnaithe i mí na Nollag 2024.
- Chuir BIÉ tús le staidéir ar fheabhsú acmhainne don Líne Dhearg agus don Líne Uaine Luas, agus é measta go mbeidh sé críochnaithe ag deireadh 2025.
- Rinneamar dul chun cinn le hobair an tionscadail chun Íosta na Ba Deirge a mhéadú.

### Bonneagar Nua

- Chuireamar trí thionscadal mór i gcrích, lenar áiríodh an Scéim um Uasghrádú Acomhal Dhún Chitil, an N56 ón gClochán Liath chuig na Gleannta agus an N69 (Seachbhóthar Lios Tuathail).
- Rinneamar 60km de Ghlasbhealaí a sheachadadh, agus cuirfear tús ar 88km eile a thógáil in 2025. Mhaoinigh muid 44 tionscadal taistil ghníomhaigh in 2024 agus tá siad ag céimeanna difriúla seachadta.
- Rinneadh an-dul chun cinn leis an gcéim pleanála agus forbartha dearaidh don MetroLink. Ceapadh Stiúrthóir Cláir, tugadh dara babhta de chomhairliúchán poiblí i gcrích, cuireadh breis is 700 ball foirne i mbun oibre, agus eisíodh Fógraí Táscacha Tréimhsiúla le haghaidh comhairliúchán margaidh.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le conradh fadtéarmach um sholáthar flít a fháil le haghaidh rothstoc nua Luas, agus an chéim réamhchlárúcháin tugtha chun críche, doiciméid chonartha agus tairisceana curtha ar aghaidh, an cás gnó faofa, agus an tairiscint don chéad bheart chun dul in ionad fhlít na Líne Deirge idir lámha faoi láthair

**Sprioc**

## Pobal

Cumas ár bpobail a chothabháil, a fheabhsú agus a chur chun tairbhe, agus luachanna BIÉ á gcur chun cinn, lena chinntiú go mbaintear amach ár gcuid spriocanna.

## Seirbhísí

Córais iarnróid éadroim, dola agus rialaithe tráchta BIÉ a oibriú. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí a bhainistiú amhail córais iompair chliste, comhordú comharthaí tráchta, agus ionaid um rialú mótarbhealaigh chun monatóireacht a dhéanamh ar shreabhadh tráchta agus é a bharrfheabhsú. Tá ról lárnach ag na céimeanna sin maidir le leictriú, digitiú agus dícharbónú an ghréasáin iompair in Éirinn.

**Cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaineann ár priocanna amach**

### Pobal

1. Eispéireas dearfach a chruthú do na fostaithe, agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur san áireamh.
2. Tacú le forbairt phearsanta agus cumas ár bhfoirne a spreagadh agus a neartú.
3. Pleanáil lucht oibre, atá de réir an dea-chleachtais, a leabú agus sinn ag dul i ngleic le hathruithe.
4. Eolas agus saineolas Bhonneagar Iompair Éireann a chothabháil, a fhorbairt agus a roinnt.

### Seirbhísí

1. Feidhmíocht córas iarnróid éadroim agus seirbhísí bóithre náisiúnta BIÉ a bharrfheabhsú, lena dtacaíonn an nuálaíocht agus feabhsúcháin leanúnacha ar fheidhmíocht.
2. Beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht éilimh, d'fhonn daoine a spreagadh chun leas a bhaint as iompar poiblí. eFlow, Tollán Bhaile Átha Cliath, seirbhísí idir-inoibritheachta a fheidhmiú, agus beartais náisiúnta a sholáthar maidir le soghluaisteacht, maoiniú bonneagair agus an Comhaontú Glas don Eoraip.
3. Tacú le bearta laghdaithe carbóin san earnáil iompair agus forbairt a dhéanamh orthu.
4. Infheistiú i gcórais iompair chliste chomhoibritheacha chun feabhas a chur ar ár seirbhísí.
5. Leanúint le caighdeáin dearaidh a bhaint amach le haghaidh bóithre agus droichead.
6. Laghdú 73% ar astaíochtaí a bhaint amach, idir dhíreach agus indíreach, agus astaíochtaí carbóin, a ghintear go hindíreach, a laghdú níos faide síos sa slabhra soláthair. Ní mór a chur san áireamh go gcaithfidh an earnáil iompair astaíochtaí a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030 i gcomhréir le spriocanna aeráide domhanda.

**Feidhmíocht sa bhliain 2024**

### Pobal

- Ritheamar tionscnaimh chun eispéireas fostaithe a chothú, lenar áiríodh Seachtain na Folláine, Oiliúint Feasachta ar Néara-Éagsúlacht agus ar na Bodhair, agus tionscnaimh chun tacú le Mná atá ag Dul Tríd an Meanapás.
- Sheolamar suirbhé ar Mheon na Foirne i leith na Rannpháirtíochta, agus Plean Gníomhaíochta atá dírithe ar chumarsáid, cultúr, agus aitheantas.
- Chuireamar tionscnaimh um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (CEI) ar fáil amhail an clár "Mná i mbun Ceannaireachta a Thabhairt chun Tosaigh", oiliúint Feasachta ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann agus ar Mhíchumas, agus Anailís Straitéiseach ar Bheartas/Dhoiciméid CEI.
- Bhunaíomar Aonad Tionscadal Breoslaí Malartacha (ATBM) chun soláthair bonneagair um athluchtú feithiclí leictreacha agus bonneagar breoslaí malartacha a stiúradh.
- Ghlac ár bhfoireann páirt i gcomhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus in imeachtaí um roinnt eolais.
- Thacaíomar le for-rochtain oideachasúil trí hurraíocht ar thionscnaimh eolaíochta scoile agus Comórtas na Scoileanna Bithéagsúlachta.

### Seirbhísí

- Iompraíodh breis is 54 milliún paisinéir ar ár gcórais iarnróid éadroim, rud a léiríonn an t-éileamh leanúnach ar iompar poiblí agus iontaofacht an ghréasáin.
- Tharla méid mór gníomhaíochtaí dola ar an M50 fós; tháinig méadú 2% ar thrácht agus sháraigh na leibhéil AADT 160,000 feithicil in aghaidh an lae.
- Bhaineamar amach comhlíontacht dola 97.14% don M50, agus phróiseáil an tArdán Bainistíochta Idir-inoibritheachta 68.4 milliún idirbheart dola.
- Leanamar orainn ag uasghrádú soilse gréasáin go soilse LED, rinneamar nuachóiriú ar ár bhflít, agus shuiteálamar painéil ghréine PV chun astaíochtaí a laghdú, ar aon dul le Treochlár BIÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Leis an Scéim um Uasghrádú Acomhal Dhún Chitil baineadh amach coigiltis charbóin trí 450,000 tona d'ábhar líonta a aimsiú ar bhealach inbhuanaithe sa cheantar áitiúil.
- Chuireamar i bhfeidhm tionscnaimh i bhfoirgnimh chun uisce agus dramhaíl a rianú, agus chuireamar feabhas ar áiseanna rothaíochta chun soghluaisteacht inbhuanaithe a spreagadh. D'fhoilsíomar 144 doiciméad teicniúil ar www.tiipublications.ie.

**Sprioc**

## Plé agus Comhoibriú

Dul i mbun plé agus comhoibriú, i gcomhpháirtíocht éifeachtach le páirtithe seachtracha, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, chun tacú lenár straitéis a bhaint amach.

**Cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaineann ár priocanna amach**

1. Caidreamh a chothú agus a choinneáil le páirtithe leasmhara agus soláthraithe seachtracha.
2. Ár gconarthaí a sholáthar agus a bhainistiú go freagrach
3. Páirt a ghlacadh i dtaighde agus i gcomhoibriú chun tacú le nuálaíocht agus dea-chleachtas.
4. Cumarsáid a dhéanamh leis na pobail a bhfuil tionchar ag tionscadail BIÉ orthu.
5. Plé le soláthraithe lena chinntiú go gcuirtear ár bprionsabail inbhuanaitheachta i bhfeidhm.
6. Feasacht ar obair, saineolas agus tionchar BIÉ a mhéadú.

**Feidhmíocht sa bhliain 2024**

- Reáchtálamar go rathúil an 10ú eagrán den Airéine Taighde Iompair (TRA2024), a bhí ar siúl ón 15–18 Aibreán, 2024. Tharraing an t-imeacht stáit, a ritheadh thar ceann na Roinne Iompair, breis is 4,200 toscaire ó Éirinn, ón Eoraip, agus ar fud an domhain.
- D’fhreastail níos mó ná 300 oifigeach Údaráis Áitiúil ar ár gcomhdháil bhliantúil um Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí a tionóladh i mBaile Átha Luain i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- Chuamar i gcomhpháirtíocht le hEolas chun Comhdháil Iompar Éireann 2024 a sheachadadh i mí an Mheithimh. Ag an imeacht sin tógadh le chéile príomhpháirtithe leasmhara chun iniúchadh a dhéanamh ar na mianta, na dúshláin agus na deiseanna doláimhsithe is deireanaí do chinnteoirí ó thaobh earnáil iompair na hÉireann a athrú ó bhonn.
- Bhí ról gníomhach ag BIÉ i meithleacha oibre éagsúla ar leibhéal náisiúnta agus AE, lenar áiríodh iad siúd a bhí dírithe ar fhorfheidhmiú ceamaraí, ar cháblaí ardvoltais ar bhóithre, agus ar Shábháilteacht Astaíochtaí Nialasacha.

## Sábháilteacht

Riosca agus líon na n-imbhuailtí, na ngortuithe agus na mbásanna ar ár mbonneagar iarnróid éadroim agus bóithre a laghdú.

1. Aghaidh a thabhairt ar ghníomhartha Bhonneagar Iompair Éireann sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid an Rialtais.
2. Díriú ar infheistíocht bunaithe ar anailís ar shonraí faoi imbhuailtí agus cur chuige réamhghníomhach bunaithe ar riosca.
3. Feabhas leanúnach a chur ar shábháilteacht na n-oibrithe a thugann faoi thógáil agus oibríochtaí Bhonneagar Iompair Éireann.
4. Teicneolaíochtaí, caighdeáin dearaidh agus nósanna imeachta nua a chur chun cinn d’fhonn sábháilteacht ar ghréasán Bhonneagar Iompair Éireann a fheabhsú.
5. Cultúr sábháilteachta Bhonneagar Iompair Éireann a neartú trí cheannaireacht, plé agus cumarsáid.
6. Córais iarnróid éadroim agus meitreo a chur ar fáil atá sábháilte don uile dhuine.

- In 2024, sholáthair BIÉ maoiniú €20m le haghaidh scéimeanna feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre ar an ngréasán reatha bóithre, agus leithdháileadh thart ar €18m do ghréasáin carrbhealaigh aonair agus €1m do ghréasán na mótarbhealaí.
- Tharla 172 bás san iomlán ar bhóithre in 2024, ba ionann sin agus laghdú de 8 ó 2023. Astu siúd, tharla 70 ar bhóithre náisiúnta.
- Chuaigh líon na mbásanna coisithe ar bhóithre náisiúnta i laghad faoi 1, agus 12 san iomlán tarlaithe in 2024.
- Tharla an líon céanna básanna i measc rothaithe is a tharla in 2023, agus tuairisc tugtha ar 1 bhás.
- Cuireadh gníomhaíochtaí í gcrích laistigh de Chéim 1 den Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre in 2021-2024: (2024: 12 Ghníomhaíocht BIÉ - 11 tugtha chun críche, 1 Ghníomhaíocht le críochnú in 2025).
- Thugamar faoi 537 príomhchigireacht droichid.

## Sprioc

### Sármhaitheas Eagraíochta

Dea chleachtas sa rialachas agus sa chaoi a dtugaimid faoinár ngnó in BIÉ a chur chun feidhme, ardchaighdeán gairmiúlachta, comhlíonta agus dearbhaithe a bhaint amach, agus luach ar airgead a dhaingniú i ngach a ndéanaimid.

## Cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaineann ár priocanna amach

1. Cultúr dea-rialachais a chur chun cinn i mBonneagar Iompair Éireann i gcomhréir le treoirlínte comhlachta phoiblí.
2. Córas agus struchtúir dhaingne rialaithe a chur chun feidhme a chinntíonn comhlíonadh agus cuntasacht.
3. An nuálaíocht a chur chun cinn trí mhodhanna agus teicneolaíochtaí úra.
4. Tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár bPrionsabal Inbhuanaitheachta.
5. Tuairisciú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
6. Ár n-ábaltachtaí a neartú ar mhaithe le heolaíocht sonraí agus anailísíocht a úsáid chun gréasáin iompair BIÉ a bharrfheabhsú, agus an t-eolas a roinnt lenár bpáirtithe leasmhara.
7. Seirbhísí atá éifeachtúil, atá furasta le húsáid agus atá freagrúil a chur ar fáil do chustaiméirí BIÉ.

## Feidhmíocht sa bhliain 2024

- D'fhoilsíomar nuashonrú cuimsitheach ar Threoirlínte um Bhreithmheas ar Thionscadail BIÉ, i gcomhréir le Creat Breithmheasa Iompair na Roinne Iompair agus Treoirlínte Bonneagair an Rialtais.
- Rinneamar forbairtí suntasacha eagraíochta in 2024, lenar áiríodh Rannán MetroLink a bhunú mar rannán tiomnaithe, seoladh an tionscnaimh um Neartú Iarnróid Éadrom, agus cruthú Aonad nua AFIR (An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha) chun tacú le seachadadh bonneagair atá ar aon dul le bonneagar an AE le haghaidh feithiclí astaíochtaí ísle agus nialasacha.



Droichead Lann Gaoithe ar Ghlasbhealach Mhainistir na Corann-Eochaille, Corcaigh

# Inbhuanaitheacht ag BIÉ

**Is é ár bhfís ceannas a ghlacadh ar sholáthar agus oibriú iompair inbhuanaithe, a chumasóidh ár ngréasáin chun borradh ionchuimsitheach a chur chun cinn, deiseanna poist a chruthú, feabhas a chur ar fholláine gach duine lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, ár seasmhacht a neartú chun dul i ngleic le hathrú aeráide, leanúint de bheith tiomanta don chomhshaol agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt tús áite don tsábháilteacht.**


Is é an cuspóir is mó atá ag Bonneagar Iompair Éireann seirbhísí agus bonneagar iompair inbhuanaithe ar ardchaighdeán a sholáthar d'fhonn tacú le fás eacnamaíoch agus cur le caighdeán saoil. Cuirtear le folláine ár sochaí, bíonn ár ngeilleagar níos éifeachtúla agus cosnaítear ár gcomhshaol do na glúnta atá le teacht de bhrí inbhuanaitheacht níos fearr i ndearadh agus in oibriú ár gcórais iompair.

Tá BIÉ tiomanta do dhea-rialachas agus do chleachtas eiticiúil agus aithnímid a ríthábhachtaí atá inbhuanaitheacht mar thosaíocht chorparáideach.

## Próifíl Astaíochtaí Carbóin na hÉireann

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), freagrach as tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann. Tá na sonraí is déanaí faoi astaíochtaí GCT i gcás na hÉireann bunaithe ar fhigiúirí sealadacha arna n-áireamh i gcothromaíocht fuinnimh SEAI a soláthraíodh i mí an Mheithimh 2024. Ní mór don earnáil iompair astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoi 2030.

Léirítear leis na figiúir is deireanaí atá ar fáil ó 2023 go meastar go bhfuil laghdú 6.8% tagtha ar astaíochtaí GCT i gcomparáid leis an mbliain roimhe (coibhéis de 55.01 milliún tona de dhé-ocsaíd charbóin (Mt CO2eq), i gcomparáid le 59.00 Mt CO2 eq). Is ionann an earnáil iompair agus foinse mhór astaíochtaí GCT in Éirinn, agus í ina cúis le breis is 21% (11.2 Mt CO2eq) de na hastaíochtaí. Ní mór don earnáil iompair astaíochtaí a laghdú faoi 50% faoi 2030 (i gcomparáid le 2018) ó 122 Mt CO2eq go 62 Mt CO2eq.



## An Prótacal maidir le Gáis Ceaptha Teasa

Féadtar astaíochtaí gás ceaptha teasa a rangú ar dhóigheanna éagsúla ar mhaithe le hastaíochtaí, agus an tuairisciú a dhéantar orthu, a thuiscint. Baineann Bonneagar Iompair Éireann úsáid as an bPrótacal maidir le Gáis Ceaptha Teasa chun a chuid astaíochtaí a thomhas agus a thuairisciú. Is caighdeán é an Prótacal maidir le Gáis Ceaptha Teasa (GCT) a aithnítear go hidirnáisiúnta chun astaíochtaí a thomhas agus a bhainistiú.

## Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024

Díríonn Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide, a leagtar amach in Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024 (CAP 24), ar na príomhchuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide agus ar na spriocanna dícharbónaithe maidir le hastaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2. Caithfidh comhlachtaí poiblí, BIÉ ina measc, iad sin a ghlacadh chucu féin agus dea-shampla a thabhairt maidir leis an dícharbónú.

Foilsíodh Treochlár BIÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024 (Treochlár) i mí an Mheithimh agus leagtar amach ann na pleananna atá ag BIÉ chun astaíochtaí a laghdú agus spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach. Is féidir an Treochlár agus eolas faoi thionscadail agus ghníomhaíochtaí BIÉ i ndáil leis an inbhuanaitheacht a fháil ar an gcuid de shuíomh gréasáin BIÉ faoin Inbhuanaitheacht. I dteannta le tuairisciú ar dhul chun cinn sa Treochlár, cuireann BIÉ freagra isteach ar an sainordú ar thairseach tuairiscithe SEAI de réir mar a éilítear.

Tá BIÉ fós ag tabhairt aghaidh ar ghníomhartha BIÉ mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Chomh maith leis na gníomhartha ainmnithe sin a chur i gcrích, tá na gníomhartha atá leagtha amach sa sainordú á gcur i bhfeidhm go gníomhach ag BIÉ agus tá an dul chun cinn reatha leagtha amach i dTreochlár BIÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá gníomhaíochtaí áirithe i ndáil leis an sainordú taifeadta sa tuarascáil seo freisin lena n-áirítear dul chun cinn maidir le laghdú astaíochtaí, tionscnaimh inbhuanaitheachta agus oiliúint srl.

Tá BIÉ ag cloí le Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a chúiteamh a ghabhann le haerthaisteal oifigiúil.

Ní foláir don earnáil phoiblí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoin mbliain 2030. Tá SEAI tar éis sprioc aonair a leagan síos do gach eagraíocht san earnáil phoiblí, ar sprioc í a bhaineann le laghdú astaíochtaí GCT ó fhuinneamh.

Is é an sprioc i dtaca le hastaíochtaí atá ag BIÉ astaíochtaí GCT ó fhuinneamh a laghdú faoi 73% faoin mbliain 2030 le hais bhonnlíne 2016-2018 (meán). B'ionann astaíochtaí GCT BIÉ ó fhuinneamh agus 19,326 tCo2 in 2023, laghdú 32% ar an bonnlíne. Leagtar 25 tionscadal amach sa treochlár atá le cur i gcrích idir 2024 agus 2030. Tá dóigh againn go mbainfimid ár gcuid spriocanna amach má dhéanfar an eangach leictreachais a dhícharbónú mar a bhí beartaithe agus más féidir an uile thionscadal a mhaoiniú agus a fhorfheidhmiú.

Is ionann astaíochtaí BIÉ a áirítear leis na spriocanna sin i láthair na huaire agus níos lú ná 1% d'astaíochtaí iomlána BIÉ. Níl an 99% eile d'astaíochtaí faoi rialú BIÉ, ach is féidir le BIÉ tionchar a imirt orthu. Tá BIÉ ag obair le comhpháirtithe, le páirtithe leasmhara, agus le soláthraithe chun na hastaíochtaí foriomlána a laghdú a ghabhann le hoibriú, le cosaint agus athnuachan, agus le tógáil bonneagair iompair, agus le húsáid gréasáin iompair BIÉ.

Áirítear a leanas ann:

- Forbairt beartas, straitéisí, caighdeán agus treoirlínte tionscail ag BIÉ;
- Oibriú leis an tslabhra soláthair chun tionscadail agus próisis inbhuanaithe a úsáid le haghaidh tionscadal; agus
- Roghanna taistil inbhuanaithe a spreagadh trí bhearta bainistíochta éilimh a fhorbairt agus iompar poiblí chomh maith le bonneagar agus seirbhísí taistil ghníomhaigh a sholáthar.

## Buaicphointí Inbhuanaitheachta 2024 agus Spriocanna Amach Anseo

Tá Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta (SIP) Bhonneagar Iompair Éireann ina cháipéis tacaíochta a ghabhann le Ráiteas Straitéise BIÉ, arb é an bhunchloch le haghaidh dhaingniú na hinbhuanaitheachta ar fud Bhonneagar Iompair Éireann é. San áireamh sa cháipéis tá fís shoiléir maille le treochlár i dtreo fhorfheidhmiú na hinbhuanaitheachta ar fud ár n-eagraíochta agus ár gcuid gníomhaíochtaí. Tá sé threoirphrionsabal i gcroílár na cáipéise a chabhraíonn le hinbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm inár n-eagraíocht.

Rinneadh athruithe móra ar bheartais Eorpacha agus ar bheartais náisiúnta mar fhreagra ar na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta. Ar an ábhar sin, athbhreithníodh agus nuashonraíodh an Plean Forfheidhmithe Inbhuanaitheachta le linn 2023. Mar thoradh ar an athbhreithniú sin rinneadh nuashonrú ar an leagan agus foilsíodh i mí an Mhárta 2024 é. Tugtar aghaidh sa leagan is déanaí den SIP ar na hathruithe ar na beartais. Chomh maith leis sin, déantar forbairt ann ar an bplean a bhí ann roimhe seo agus dírítear ar thionchar na ngníomhartha inbhuanaitheachta.

Sna míreanna a leanas tugtar breac-chuntas ar na príomh-éachtaí agus ar na spriocanna don todhchaí faoi gach ceann de na sé threoirphrionsabal.

**Soghluaisteacht éifeachtach éifeachtúil chothrom a chur ar fáil**

*Borradh dlúth uirbeach agus inrochtaineacht réigiúnach a chumasú trí ghréasáin agus seirbhísí a thacaíonn le haistir níos éifeachtúla, nascacht níos éifeachtaí, agus inrochtaineacht mhéadaithe.*

**Gréasáin agus seirbhísí atá sábháilte agus seasmhach a chumasú**

*Taisteal sábháilte, slán, inrochtana agus ionchuimsitheach a chumasú trí ghréasáin, córais agus seirbhísí iompair a sholáthar a bheidh in ann ag athruithe amach anseo.*

**Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach**

*Sócmhainní agus seirbhísí a fhorbairt atá cliste agus inbhuanaithe trí phleanáil, dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil an ghréasáin iompair a nuáil agus a fheabhsú, agus comhoibriú agus smaointeoireacht córas a mhéadú le comhghnóthachain a lorg agus le seachtrachtaí diúltacha a mhaolú.*

**Feabhsúcháin ó cheann go ceann a sholáthar**


*Luach feabhsaithe a sholáthar thar an tsaolré iomlán trí thionchar a imirt, agus dul i gcion, ar pháirtithe leasmhara, ar chomhpháirtithe, agus ar sholáthraithe.*

**Luach iomlán a chruthú don tsochaí**

*Soláthar cothrom luacha gheilleagraigh, comhshaoil, agus shóisialta a chothú agus a fheabhsú trí phleanáil dhian, breithmheas dian agus cinntí a thugann tús áite don inbhuanaitheacht.*

**Aistriú chuig neodracht astaíochtaí**

*An tionchar carbóin atá ag foirgníocht, oibriú agus úsáid an ghréasáin iompair a laghdú trí úsáid fhreagrach a bhaint as acmhainní, athúsáid agus athrú cuspóra, chomh maith leis an aistriú chuig neodracht astaíochtaí a chur chun cinn agus a chur ar chumas na gcustaiméirí roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh*



Ceannaireacht, comhar agus comhpháirtíocht

Oibriú le chéile agus daoine a chumasú



Gléach na Deisceart, Cill Mhaintain

## Prionsabal SIP 1 - Soghluaisteacht éifeachtach éifeachtúil chothrom a chur ar fáil

Borradh dlúth uirbeach agus inrochtaineacht réigiúnach a chumasú trí ghréasáin agus seirbhísí a thacaíonn le haistir níos éifeachtúla, nascacht níos éifeachtaí, agus inrochtaineacht mhéadaithe.

### Buaicphointí 2024

- **MetroLink** - I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn le MetroLink, lenar áiríodh trí éisteacht ó bhéal sé-seachtaine roimh an mBord Pleanála in 2024 a thabhairt chun críche, foireann eatramhach ceannaireachta a thabhairt ar bord, agus Stiúrthóir Cláir MetroLink a earcú i mí Mheán Fómhair.


- **Gréasán Náisiúnta Raonta Rothar (NCN)** - Sheol an tAire Iompair Eamon Ryan Plean an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar ar an 10 Eanáir 2024. Tá BIÉ freagrach as bainistíocht cláir i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara. Is í an aidhm atá i gceist leis an NCN 3,500km de bhealaí rothar sábháilte ardchaighdeáin a chruthú chun breis is 200 cathair, baile agus sráidbhaile ar fud na hÉireann a nascadh. Lenár ról féin cinntítear go ndéantar glasbhealaí, bonneagar bóithre, agus bealaí rothar eile atá ann cheana agus atá beartaithe a chomhtháthú chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus sláinte an phobail a fheabhsú.

- **Glasbhealaí** - cuireadh maoiniú ar fáil i gcomhair 79 Tionscadal Glasbhealaigh in 2024. Cuireadh 60km i gcrích agus osclaíodh don phobal iad agus súil ann go dtosófar ar 88km breise a thógáil in 2025.

- **Conairí Iompair Phoiblí** - In 2024, rinneadh dul chun cinn leis an bhfoirgníocht chun conair bus phíolótach le haghaidh tréimhsí buaice a chur ar fáil agus úsáid á baint as bóthar náisiúnta an N/M4 soir ó Chill Droichid go Léim an Bhradáin/Leamhcán - ar an mbealach i dtreo Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús le hoibreacha pleanála, dearaidh agus meastóireachta comhshaoil chun scéim cosúil leis a chur chun cinn ó Léim an Bhradáin/Chill Droichid siar i dtreo Mhá Nuad. Ina theannta, cuireadh obair ar chodanna de chonair bóthair an N3 agus an N11/M11 ar aghaidh tríd na próisis reachtúla. Tá réitigh iompair á bhfiosrú chun idirthurais ar iompar poiblí agus gluaiseachtaí taistil ghníomhaigh a fheabhsú.

- **Bearta Tosaíochta Bus ar an M4 Soir** - In 2024, cuireadh tús le scéim phíolótach le haghaidh lána bus tosaíochta ar an M4 soir idir Acomhal 6 Cill Droichid agus Acomhal 5 Léim an Bhradáin agus táthar ag déanamh dul chun cinn le hoibreacha i gcodanna discréideacha chun go gcuirfí isteach a laghad agus is féidir ar an timpeallacht tráchta beo. Chuimsigh na hoibreacha sin draenáil & duchtú, pliontaí ITS agus leataoibh chothabhála le haghaidh na gcodanna tosaigh. Déanfar neartú ar an ngualainn chrua, suiteálfar bacainní agus déanfar athdhromchlú a an mótarbhealach in 2025. Ina dhiaidh sin déanfar an trealamh ITS a sholáthar agus a chomhtháthú sa chóras bainistíochta tráchta (NIMS) chun oibriú na háise a éascú faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.

- **Muirearú Úsáideoirí Bóthair** - Leanadh ar aghaidh le hobair chun seisiúin dea-chleachtais um roinnt eolais a chur ar aghaidh agus le hullmhúcháin le triail phíolótach de mhuirearú úsáideoirí bóthair ar feitheamh thoradh na Straitéise Náisiúnta um Bainistíocht Éilimh ag an Roinn Iompair "Ag Bogadh Le Chéile/Moving Together".



## Prionsabal SIP 2 - Gréasáin agus seirbhísí sábháilte agus seasmhach a chumasú

Taisteal sábháilte, slán, inrochtana agus ionchuimsitheach a chumasú trí ghréasáin, córais agus seirbhísí iompair a sholáthar a bheidh in ann ag athruithe amach anseo.

## Buaicphointí 2024

### Oiriúnú don Athrú Aeráide

- Tá BIÉ ag leanúint ar aghaidh le hullmhú le tionchair an athraithe aeráide trína thuiscint ar rioscaí aeráide a fheabhsú.
- In 2024, lean BIÉ ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na ngníomhartha atá leagtha amach i Straitéis BIÉ um Oiriúnú don Athrú Aeráide, 2022. Dhírigh muid ar na céimeanna luatha de mheasúnuithe ar riosca an athraithe aeráide le haghaidh bóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim, lenar bhain bailiú sonraí aeráide agus sócmhainne araon. Tugadh faoi roinnt measúnuithe píolótacha ar riosca an athraithe aeráide. Freisin forbraíodh modheolaíocht chun na costais a mheas a bhaineann le Straitéis BIÉ um Oiriúnú don Athrú Aeráide a chur i bhfeidhm.
- D'oibrigh BIÉ leis an GCC agus le Climate Ireland chun táscairí um oiriúnú aeráide a fhorbairt don ghréasán bóithre náisiúnta agus d'iarnród éadrom. Foilsíodh an tuarascáil sin in 2024.

### Sábháilteacht ar Bhóithre

- Tá cur chuige an Chórais Shábháilte comhtháite go hiomlán i gcaighdeáin agus i gcáipéisí treorach BIÉ, ar aon dul leis an Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre de chuid an Rialtais agus an Treoir Eorpach maidir le Sábháilteacht an Bhonneagair Bóthair a Bhainistiú. Chun tacú leis an gcomhtháthú sin, sholáthair Sábháilteacht ar Bhóithre BIÉ breis is 5,000 uair an chloig duine d'oiliúint in 2024, a bhí dírithe ar phrionsabail an Chórais Shábháilte a thuiscint agus a chur i bhfeidhm ar fud na hearnála.
- I gcomhar leis an nGarda Síochána, leathnaíodh bearta bainistíochta luais ar an N5, an N2 agus an N3, agus suiteáladh Ceamaraí Sábháilteachta Meánluais. Freisin suiteáladh ceamaraí luais statacha breise ar an N17, N59, N13, N69, N22, N25 agus N80.
- Forbraíodh Rangú Sábháilteachta do Bhóithre Náisiúnta a dtabharfar faoi arís gach cúig bliana ar aon dul leis an Treoir Eorpach.



Acomhal Dhún Citil

## Prionsabal SIP 3 - Comhoibriú a dhéanamh chun cur chuige iomlánaíoch a bhaint amach

Sócmhainní agus seirbhísí a fhorbairt atá cliste agus inbhuanaithe trí phleanáil, dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil an ghréasáin iompair a nuáil agus a fheabhsú, agus comhoibriú agus smaointeoireacht córas a mhéadú le comhghnóthachain a lorg agus le seachtrachtaí diúltacha a mhaolú.

### Buaicphointí 2024

- **Creatchonradh Meáigh-Faoi-Shiúl (WIM) Ardluais:** Bhronn BIÉ an creatchonradh dara glúine um Meáigh-Faoi-Shiúl Ardluais (WIM) ar BAM / QFree i mí an Mhárta 2025. Leis an gcead chonradh glao isteach sa chreat seo déanfar 10 láithreán WIM a sheachadadh chun bailiú agus stóráil sonraí meáchain a éascú i ndáil le feithiclí a úsáideann gréasán bóithre náisiúnta na hÉireann. Freisin tá Réiteach um Bainistíocht Sonraí Meáigh-Faoi-Shiúl á fhorbairt ag BIÉ chun comhtháthú Sonraí WIM in Oibríochtaí Líonra BIÉ a chumasú chun bonn eolais a chur faoi chur chuige sábháilte agus inbhuanaithe i dtreo dhearadh bonneagair, bainistíochta sócmhainní, agus cosanta.
- **Ceanglóir Bithbhunaithe:** Ar aon dul lenár Straitéis um Gheilleagar Ciorclach, chuireamar go leor tionscadal píolótach um chothabháil dromchla bóthair i gcrích agus úsáid á baint as Ceanglóirí agus Ábhar Athnuachana Bithbhunaithe um Dhromchlaí Bóthair Asfailt le breiseáin meascáin teo agus iad measctha le leibhéil arda de dhromchla bóthair asfailt athchúrsáilte i gContaetha an Chláir agus na Mí chun feidhmíocht bith-cheanglóirí i gcoinníollacha an fhíorshaoil a thástáil.
- **Soláthar:** In 2024, bhunaíomar córas chun sonraí faoi Sholáthar Poiblí Glas a bhailiú agus a thaifeadadh ar aon dul le caighdeáin oscailte an Aontais Eorpaigh um fhoilsiú sonraí Soláthair Phoiblí. Ritheamar triail phíolótach rathúil den Dréimire Feidhmíochta $CO_2$ ar an Scéim um Athnuachan Dromchlaí Bóthair ar an M7 (Seachbhóthar Chill Dara). Fuair an conraitheoir a dheimhniú leibhéal 4, agus baineadh amach laghdú 21% ar choigiltis $CO_2$ le haghaidh an tionscadail seo. Tar éis gur éirigh leis an tionscadal píolótach, aontaíodh an Dréimire Feidhmíochta $CO_2$ a chur i bhfeidhm ar gach tionscadal um Dromchlaí Bóthair Ardluais atá ar conradh le BIÉ.
- **Slabhra Soláthair:** Tá BIÉ ina chomhpháirtí agus ina Chomhalta Boird de chuid Scoil Inbhuanaitheachta an tSlabhra Soláthair in Éirinn. Tá an scoil agus a cuid comhpháirtithe ag obair chun timpeallacht thógtha inbhuanaithe den chéad scoth a fhorbairt trí heolas agus trí chomhar.

## Prionsabal SIP 4 - Feabhsúcháin ó cheann go ceann a sholáthar

Luach feabhsaithe a sholáthar thar an tsaolré iomlán trí thionchar a imirt, agus dul i gcion, ar pháirtithe leasmhara, ar chomhpháirtithe, agus ar sholáthraithe.

### Buaicphointí 2024

**Gheilleagair Chiorclaigh**

- Ar aon dul lenár Straitéis um Gheilleagar Ciorclach, tá samhlacha nua um Measúnú Saolré (LCA) á mbunú chun cothromaíocht a bhaint amach idir costais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta. Ullmhófar treoir ar LCA agus ar sholáthar in 2025/6, agus déanfar iniúchadh ar LCA le haghaidh dromchlaí bóthair.
- Chuir BIÉ tús le tionscadal chun paraiméadair chomhshaoil a leabú i gcothabháil dromchlaí bóthair in R2 2024. Dírítear leis sin ar phleanáil um bainistíocht sócmhainní agus córais bhainistíochta in BIÉ agus in údaráis áitiúla. Chuir Coimisiún um Chaighdeáin BIÉ tús le caighdeáin i leith sonraí a fhorbairt in 2024, agus tá beartas agus straitéis maidir le samhaltú faisnéise idir lámha.

## Prionsabal SIP 5 - Aistriú chuig neodracht astaíochtaí

An tionchar carbóin atá ag foirgníocht, oibriú agus úsáid an ghréasáin iompair a laghdú trí úsáid fhreagrach a bhaint as acmhainní, athúsáid agus athrú cuspóra, chomh maith leis an aistriú chuig neodracht astaíochtaí a chur chun cinn agus a chur ar chumas na gcustaiméirí roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh.

### Buaicphointí 2024

Leis an gClár um Bonneagar Breoslaí Malartacha de chuid BIÉ, i gcomhpháirt le Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) tá borradh á chur faoi sholáthar bonneagair um athluchtú feithiclí leictreacha trí rannpháirtíocht na hearnála poiblí a dhreasú le Scéim Deontais arna maoiniú ag ZEVI um Bonneagar Athluchtaithe do Bhóithre Náisiúnta le haghaidh Feithiclí Saothair Éadroim (LDV). Luaitear thíos cuid de na príomh-bhuaicphointí:

- **Céim 1 (LDV1):** Seoladh in 2024 é agus clúdaítear 1,010km den NRN. I mí Iúil 2024, fógraíodh 17 gcomhthiomsú athluchtaithe ardchumhachta nua, agus 131 pointe athluchtaithe ag gabháil leo. Meastar go mbeidh siad tugtha chun críche faoi mhí na Nollag 2025.
- **Céim 2 (LDV2):** Seoladh in 2024 é agus clúdaítear 1,200km de NRN Cuimsitheach TEN-T. Meastar go mbeidh siad tugtha chun críche faoi mhí na Nollag 2025.

#### Tionscnaimh um Dhícharbónú

- Ar aon dul le Treochlár BIÉ um Ghníomhú ar son na hAeráide, táimid ag leanúint orainn ag seachadadh tionscadal dícharbónaithe amhail soilse a uasghrádú go soilse LED agus painéil ghréine a shuiteáil chun ár gcuid astaíochtaí a laghdú.
- Thugamar chun críche an Tionscadal um Thagarmharcáil agus Anailís Charbóin ar an N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha, ar aon dul le Beartas BIÉ um Gheilleagar Ciorclach.
- Tugadh chun críche an Scéim um Uasghrádú Acomhal Dhún Chitil in 2024. Baineadh amach coigiltis charbóin leis an tionscadal trí, i measc gníomhartha eile, 450,000 tona d'ábhar líonta ginearálta breise a aimsiú go hinbhuanaithe ó láithreáin foirgníochta eile a bhí suite laistigh de 8km seachas ón gcairéal ceadúnaithe is gaire atá suite thart ar 15km ón tionscadal.
- Chuireamar tús leis an bpróiseas Deimhnithe ISO 14001 um Chóras Bainistíochta Comhshaoil le haghaidh ár n-oifige ar Shráid Gheata na Páirce.
- Chuireamar go leor tionscnamh i bhfeidhm inár gcuid foirgneamh lenar áiríodh úsáid uisce agus dramhaíl a rianú; deireadh a chur le háiseanna páirceála de réir a chéile agus iompar poiblí curtha ina n-áit (agus cúig spás tiontaithe go háiseanna rothaíochta); cliabháin rothair, áiteanna triomaithe, locair agus cithfholcadáin a shuiteáil; agus rothaíocht chun na hoibre a chur chun cinn go gníomhach.
- Thugamar faoi athbhreithniú ar phróisis pháipéar-bhunaithe agus thugamar faoi ghníomhaíochtaí chun úsáid páipéir a laghdú mar chuid de na gníomhaíochtaí faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2024.






Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

## Prionsabal SIP 6 - Luach iomlán a chruthú don tsochaí

Soláthar cothrom luacha gheilleagraigh, comhshaoil, agus shóisialta a chothú agus a fheabhsú trí phleanáil dhian, breithmheas dian agus cinntí a thugann tús áite don inbhuanaitheacht.

## Buaicphointí 2024

### Iarnród Éadrom

Baineadh amach cloch mhíle maidir leis an síneadh Luas go Fionnghlas i mí na Samhna 2024 leis an aighneacht faoin Ordú Iarnróid. Beidh raon féir ar chuid mhór den bhealach beartaithe, ar nuálaíocht álainn, inbhuanaithe í don iompar uirbeach in Éirinn. Rinneamar dul chun cinn le hobair ar an mbealach is dealraithí a roghnófar le haghaidh Iarnród Éadrom Chorcaí agus ar shíneadh ar an Luas go Leamhcán.

### Treoir, Caighdeáin Theicniúla agus Taighde

D'fhoilsíomar caighdeáin náisiúnta agus treoirlínte bainistíochta tionscadal chun gach úsáideoir bóthair ar an ngréasán bóithre náisiúnta a éascú, lena n-áirítear:

- Nuashonruithe ar na Treoirlínte um Measúnachtaí Tionchair ar an Oidhreacht Chultúrtha le haghaidh Thionscadail um Bóithre & Ghlasbhealaí Náisiúnta BIÉ
- Nuashonrú ar na Treoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail chun tacú le breithmheas tionscadal ar bhealach níos inbhuanaithe
- Nuashonrú ar an Treoir agus na sonraíochtaí maidir le hOibreacha Créafóige chun cur le húsáid níos fearr acmhainní nádúrtha
- Caighdeán nua ar Dhaonra agus Shláinte an Duine - Measúnú ar Bhóithre Náisiúnta Beartaithe
- Doiciméad Teicniúil uileghabhálach um Dhearadh agus Sheachadadh Cóireálacha Boga Tírdhreacha i dTimpeallachtaí Iompair Uirbigh
- Nuashonruithe ar an Treoir um Úsáideoirí Uirlisí Carbóin chun cur leis an dícharbónú.

### Deireadh a Chur le Breoslaí Iontaise de réir a chéile

Rinneamar nuashonrú ar ár gcuid treoirlínte soláthair agus dearaidh chun an ceanglas a chomhlíonadh mar atá deireadh a chur le téamh breoslaí iontaise tar éis 2023. Tá roghanna malartacha um sholáthar fuinnimh á bhfiosrú againn. Cuirfear an ceanglas sin i bhfeidhm maidir le gach foirgneamh nua nó athchóiriú faoi shainchúram BIÉ amach anseo.

### Oiliúint ar Inbhuanaitheacht

Ar aon dul leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide, thug na bainisteoirí sinsearacha faoi oiliúint ar cheannaireacht um ghníomhú ar son na haeráide. Rinneadh gach modúl a thaifeadadh agus tá siad ar fáil anois do gach ball foirne.



# Ár bPobal

In 2024, chuir BIÉ lena mbeartas um obair chumaisc agus rinne sé iarrachtaí móra chun a spás oifige reatha a bharrfheabhsú. Ar aon dul le beartais an rialtais ar Ghníomhú ar son na hAeráide, ar Obair Chumaisc, an Beartas Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe, agus le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí 2024-2026, rinne BIÉ athbhreithniú ar a riachtanais maidir le spás oifige ceanncheathrún agus aird tugtha ar an laghdú ar úsáid ag foireann reatha BIÉ agus an méadú tuartha ar sholáthar acmhainní do thionscadail atá le teacht. Tá an spás oifige atá ann faoi láthair á bharrfheabhsú, in áit oifigí a leathnú a thuilleadh nó in áit oifigí nua a fháil.

Ghabh BIÉ do roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar an gcuspóir straitéiseach a chomhlíonadh mar atá ‘Eispéireas dearfach a chruthú do na fostaithe, agus éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur chun cinn’ agus i dtreo na sprice níos leithne, ‘Pobal’ mar atá ‘Cumas ár bpobail a chothabháil, a fheabhsú agus a chur chun tairbhe, agus luachanna BIÉ á gcur chun cinn, lena chinntiú go mbaintear amach ár gcuid spriocanna.’

Cuimsíodh leis sin plé rialta le hidirghabhálaí na bhfostaithe, leanúint le Clár ‘Faoi Rath’ (Flourish) BIÉ um shláinte agus folláine, seimineáir agus tionscnaimh mhíosúla a sholáthar atá dírithe ar fholláine fhisiceach, mheabhrach agus shóisialta na foirne a fheabhsú, lena n-áirítear Seachtainí Folláine 2024, tionscnaimh um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht mar Oiliúint Feasachta ar Néara-Éagsúlacht, tionscnaimh chun tacú le Mná atá ag dul tríd an Meanapás, Feasacht ar na Bodhair, agus Oiliúint ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann.

San aiseolas ó bhaill foirne a cuireadh ar fáil tríd an suirbhé ar mheon na foirne i leith na rannpháirtíochta in 2023, trí fhócasghrúpaí ina dhiaidh sin, agus ceardlanna rannáin a rinneadh in 2024, tarraingíodh aird ar réimsí béime le haghaidh BIÉ agus cuireadh eolas ar fáil lenar treoraíodh forbairt Phlean Rannpháirtíochta Fostaithe agus lenar leagadh amach sraith gníomhaíochtaí agus é mar aidhm uileghabhálach áit oibre iontach a dhéanamh de BIÉ. Cuireadh na baill foirne go léir ar an eolas faoin bplean in R4 2024, agus bhí tús curtha le go leor gníomhaíochtaí faoi dheireadh na bliana 2024, lenar áiríodh iad siúd i réimsí na cumarsáide, an chultúir, agus an aitheantais, agus é beartaithe gníomhaíochtaí eile a sheachadadh i rith 2025.

## Tionscnaimh um Chomhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht

Tá sé mar mhian ag BIÉ a bheith ina n-eagraíocht rathúil ina bhfuil cleachtais agus córais chothroma agus ionchuimsitheacha, arna spreagadh ag ár ngréasán éagsúil fostaithe agus páirtithe leasmhara. Ghabh BIÉ do shraith tionscnamh i rith 2024 chun cabhrú le borradh a chur faoi chomhlíonadh a fhíse agus a chuid cuspóirí, lenar áiríodh:

- An Clár, Taithí na mBan atá i gCeannas a Chur chun Feabhais.
- Cur i bhfeidhm oiliúna ar CEI lenar áiríodh Oiliúint ar Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas, Oiliúint Bainistíochta Líne-Tacú le Mná atá ag dul tríd an Meanapás.
- Beartas Straitéiseach CEI/Anailís ar Cháipéisí.

D'fhoilsigh muid ár dtríú tuarascáil ar an mBearna Phá i mí na Nollag. Sainaithníodh gníomhartha straitéiseacha sa tuarascáil úd, is gníomhartha a dhéanfaidh BIÉ chun a bhearna phá a laghdú amach anseo. Áirítear leis na gníomhartha úd:

- Straitéis Earcaíochta & Coinneála - Leanfaidh BIÉ d'athbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis Earcaíochta & Coinneála d'fhonn a aithint cén chaoi gur féidir leis níos mó ban agus réimse níos éagsúla d'fhostaithe cumasacha a tharraingt isteach in BIÉ agus iad a choinneáil agus a ngairmeacha in BIÉ a fhorbairt.
- Bainistíocht Fostaithe Cumasacha & Pleanáil Chomharbais – Leanfaidh BIÉ d'fheabhas a chur ar a chur chuige i dtreo fostaithe cumasacha a bhainistiú agus i dtreo pleanála comharbais lena gcuimseofar béim ar éagsúlacht ár soláthar fostaithe cumasacha.
- Rannpháirtíocht & Cultúr Fostaithe - Leanfaidh BIÉ d'iniúchadh a dhéanamh ar dhifríochtaí inscne i ndáil le heispéireas an fhostaí ina chuid Suirbhéanna ar Rannpháirtíocht Fostaithe agus i dtionscnaimh rannpháirtíochta i gcoitinne.

De thoradh na dtionscnamh sin, tá sé mar aidhm againn cultúr ionchuimsitheachta agus comhionannais a chruthú i mBonneagar Iompair Éireann, áit a ndéantar éagsúlacht a cheiliúradh agus ina n-aithnítear iompraíochtaí atá díobhálach nó a d'fhéadfadh a bheith idirdhealaitheach, agus ina dtugtar aghaidh orthu agus ina gceartaítear iad.

Aithnímid gurb é seo tús an turais, agus go mbeidh gá le hiarrachtaí spriocdhírithe chun oideachas a chur ar ár n-eagraíocht agus chun a chinntiú go ndéantar feabhsúcháin leanúnacha chun tacú lenár mbaill foirne agus chun a chur ar a gcumas a bheith rathúil, go háirithe dóibh siúd atá níos leochailí d'iompar a d'fhéadfadh a bheith leithchealach, ar mhaithe le cur chun cinn comhionannas deiseanna do chách.



# 20 Bliain de Luas

Ar an 30 Meitheamh 2024, cheiliúir seirbhís iarnróid éadroim Luas 20 bliain ar an bhfód, cloch mhíle lena ndéantar ceiliúradh ar fhiche bliain dá thionchar claochlaitheach ar thimpeallacht iompair Bhaile Átha Cliath. Ó seoladh in 2004 é, tá Luas tagtha chun bheith ina chuid ríthábhachtach den ghréasán iompair phoiblí, agus soghluaisteacht thapa, iontaofa agus inbhuanaithe á cur ar fáil aige do na milliúin paisinéir gach bliain.

Le 20 bliain anuas, tá fás tagtha ar Luas agus é ina ghréasán anois a chlúdaíonn 43 chiliméadar le 67 stad feadh na Líne Uaine agus na Líne Deirge. Tá breis is 650 milliún paisinéir iompartha aige, agus in 2024 sáraíodh 50 milliún turas bliantúil den chéad uair. Sa lá atá inniu ann, tógtar 1 as 5 turas iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath ar Luas, rud a léiríonn an ról ríthábhachtach atá aige ó thaobh pobail a nascadh agus tacú le fás eacnamaíoch.

Spreagann Luas athmhúnlú na timpeallachta uirbí i mBaile Átha Cliath, cothaíonn sé feabhas inbhuanaithe, agus feabhsaíonn sé an cháilíocht bheatha do chónaitheoirí. Leis na síntí líne agus na feabhsúcháin acmhainne dá chuid tugtar tacaíocht d'fhás na tithíochta agus na fostaíochta feadh a chuid conairí. Nascann an Luas pobail agus áiteanna, tacaíonn sé le forbairt agus fás nua a sholáthar, agus soláthraíonn sé nasc ardchaighdeáin do phríomhionaid eacnamaíocha ar fud Bhaile Átha Cliath.

Mar mhodh iompair áisiúil, iontaofa agus sábháilte, cuireann Luas chun cinn taisteal inbhuanaithe agus ag an am céanna cuireann sé le spriocanna na hÉireann um ghníomhú ar son na haeráide. Tá a oibriú astaíochtaí nialasacha ar leibhéal sráide ag teacht le hiarrachtaí náisiúnta an lorg carbóin a laghdú agus spreagann sé aistriú iompraíochta i ndáil le hiompar poiblí a úsáid.

Tá an t-éileamh bliantúil ar Luas imithe i méid go seasta le himeacht ama. In 2024, b'ionann meánlíon seachtainiúil na bpaisinéirí agus 1 mhilliún, agus an tseirbhís á húsáid ag 75% de na paisinéirí dhá uair sa tseachtain ar a laghad. Cé nach bhfuil ach fad 43km i gceist leis, déantar nach mór d'aon séú de na turais iompair phoiblí go léir in Éirinn ar Luas, rud a léiríonn a éifeachtúlacht agus an tóir a bhíonn air. I rith buaicuaireanta, freastalaíonn 58 tram oibriúcháin ar suas le 18,000 paisinéir, agus cuireann siad acmhainn dhosháraithe ar fáil i gcomparáid le modhanna iompair uirbigh eile.

## An Todhchaí

De réir mar a leanann Baile Átha Cliath ar aghaidh ag dul i méid, tá Luas fós ag croílár na bpleananna don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe. Eiseamláir é den chaoi ar féidir fás ar scála mór a bhaint amach go hinbhuanaithe trí phrionsabail na Forbartha Dírithe ar Idirthurais a chur i bhfeidhm. Le síntí amach anseo, amhail an síneadh beartaithe ar an Líne Uaine go Fionnghlas, táthar ag súil go bhfeabhsófar nascacht agus inrochtaineacht do chónaitheoirí ar fud na cathrach.

Chun go n-éireoidh leis i gcónaí, áirítear le tosaíochtaí na todhchaí don Luas feidhmíocht agus acmhainn a fheabhsú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mar róphlódú agus iompraíocht fhrithshóisialta. Trí thosaíocht a mhéadú ag acomhail agus sócmhainní a athnuachan cinnteofar go leanfaidh Luas ar aghaidh ag freastal go héifeachtach ar riachtanais mhuintir Bhaile Átha Cliath.

Agus é ag súil le clocha míle na todhchaí, leanann Luas ar aghaidh ag múnlú thuras na cathrach i dtreo todhchaí níos glaise agus níos nasctha.




Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

D'úsáid

**1 mhilliún**

paisinéir ar an meán é gach seachtain in 2024




**75%**

Taistealaíonn 75% de phaisinéirí ar Luas dhá uair sa tseachtain ar a laghad






Rinneadh

**1 as 5**

thuras iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath ar Luas

58 tram oibríochta i mbuaicphointe na maidine - acmhainn iomlán do **18,000** duine

**2 as 3**

Taistealaíonn 2 as 3 paisinéirí Luas chun na hoibre, na scoile nó an choláiste









Tá fás

**58%**

tagtha ar an éileamh ar Luas le deich mbliana anuas

# Comhdhálacha agus Dámhachtainí

## Airéine Taighde Iompair

Reáchtáladh an 10ú heagrán den Airéine Taighde Iompair (TRA2024) i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) ón 15-18 Aibreán, 2024. Tharraing an imeacht stáit, a d'óstáil an Roinn Iompair agus a sholáthair BIÉ, i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus Eorpacha, breis is 4,200 toscaire ó Éirinn, ón Eoraip, ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar fud an domhain i gcoitinne.

Mar an gcomhdháil taighde agus nuálaíochta is mó i leith an iompair ilmhódaigh san Eoraip, chuir TRA2024 ardán ar fáil le haghaidh comhair idir taighdeoirí, lucht déanta beartas, ceannairí tionscail agus údaráis phoiblí. Faoin téama "Aistrithe Iompair: Soghluaisteacht Inbhuanaithe agus Ionchuimsithe a chur chun Cinn", dhírigh an t-imeacht ar thodhchaí an iompair a mhúnlú trí nuálaíocht, trí inbhuanaitheacht agus trí ionchuimsitheacht.

Gach lá díríodh ar cheann amháin de cheithre théama lárnacha, a bhí ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna is mó ó thaobh taighde agus nuálaíochta iompair. Cuireadh creat um chomhar ar fáil leo siúd, lenar cuireadh ar chumas rannpháirtithe dea-chleachtais a roinnt, nuálaíocht úrscothach a thaispeáint, agus beartais a chur i gcomhréir leis na treochtaí atá ag teacht chun cinn ó thaobh na soghluaisteachta.

Ócáid ríthábhachtach ab ea TRA2024 don earnáil iompair in Éirinn, lenar tugadh deis uathúil aird a tharraingt ar a ghealltanas chun na soghluaisteachta inbhuanaithe agus ceangail idirnáisiúnta á neartú. Leis an imeacht tógadh le chéile rannpháirtithe leasmhara éagsúla ar fud gach modh iompair—bóthar, iarnród, eitlíocht, uisce agus córais tras-mhodha—agus cothaíodh idirphlé ar na saincheisteanna ríthábhachtacha a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí na soghluaisteachta.

Bhí ionadaithe ardleibhéil ar Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (DG RTD) an Aontais Eorpaigh agus ar Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (DG MOVE) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh i láthair chomh maith le ceithre Chomhargnhóthas Eorpach: Eitlíocht Ghlan, Hidrigin Ghlan, Iarnród na hEorpa, agus SESAR. Ba é sin an chéad uair go raibh láithreacht shuntasach ag na Comhairgnhóthais sin ag comhdháil TRA.

Rinne an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA) bainistíocht ar "Chrios Nuálaíochta" inar thaispeáin tionscadail arna maoiniú ag an AE forbairtí ceannródaíocha. Ina theannta sin, le himeacht bróicéireachta Fís Eorpach a d'éascaigh GREENET, cuireadh ar chumas rannpháirtithe iniúchadh a dhéanamh ar chomhair taighde don todhchaí ar aon dul le glaonna Fís Eorpach ata le teacht.

TRA TRANSPORT RESEARCH ARENA DUBLIN 2024 10th CONFERENCE • 15-18 April

- Iompar Sábháilte & Ionchuimsitheach
- Soghluaisteacht Inbhuanaithe Daoine & Earraí
- Córais Éifeachtúla & Sheasmhacha
- Digitiú Comhoibritheach

**Téamaí Chomhdháil TRA2024**




D’fheidhmigh TRA2024 freisin mar ardán chun plé na hÉireann le comhpháirtithe Eorpacha a neartú. Tugadh cuireadh d’oifigigh shinsearacha as ballstáit an AE agus d’ionadaithe ar choistí parlaiminte an AE. Le hiarrachtaí for-rochtana speisialta díríodh ar thíortha aontachais an AE trí imeachtaí saincheaptha a dearadh chun cur lena rannpháirtíocht.

Leagadh tuilleadh béime ar mhisean oideachasúil an imeachta agus cuireadh tugtha do mheánscoileanna chun scoláirí 15/16 bliana d’aois a ainmniú le haghaidh clár saincheaptha, lenar áiríodh seisiún speisialta ar an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe le lucht déanta beartas agus straitéisithe iompair.

Bhí an tAire Iompair Eamon Ryan mar Uachtarán TRA2024, agus bhí an tAire Jack Chambers ina Leas-Uachtarán air. Léirigh a gceannaireacht gealltanas na hÉireann chun imeacht stáit den chéad scoth a óstáil chun a cur chuige nuálach i dtreo an bheartas iompair agus réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe a thaispeáint.

## Comhdháil Iompar Éireann

Reáchtáladh Comhdháil Iompar Éireann le haghaidh 2024 i mBaile Átha Cliath ar an 20 Meitheamh. Ag an imeacht sin, a d’eagair Eolas i gcomhpháirt le BIÉ, tugadh le chéile príomhpháirtithe leasmhara chun iniúchadh a dhéanamh ar na mianta, na dúshláin agus na deiseanna doláimhsithe is deireanaí do chinnteoirí ó thaobh earnáil iompair na hÉireann a athrú ó bhonn. Áiríodh leis na páirtithe leasmhara Jack Chambers TD, Aire Stáit, An Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus Rannóg Iompair Tallinn (An Eastóin).

D’fheidhmigh an imeacht mar ardán do chinnteoirí chun iniúchadh a dhéanamh ar straitéisí a d’fhéadfaí gníomhaíocht a ghlacadh ina leith chun córais iompair na hÉireann a chur ar aghaidh. Chuimsigh sé plé ar fheabhsúcháin ar iompar poiblí, tionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre, agus leas a bhaint as sonraí d’fhonn iompar a phleanáil níos fearr.

## An Chomhdháil ar Bhóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí

I mí Dheireadh Fómhair, d’óstálamar an Chomhdháil ar Bhóithre Náisiúnta agus Ghlasbhealaí i mBaile Átha Luain. Ag an imeacht bliantúil sin tugadh le chéile breis is 300 údarás áitiúil agus príomhpháirtí leasmhar ar fud earnáil an iompair, agus iad ag obair i gcomhpháirtíocht le BIÉ chun iompar a fheabhsú ar bhóithre náisiúnta agus ghlasbhealaí.

Ag an gcomhdháil i mbliana díríodh ar roinnt téamaí ríthábhachtacha: nascacht tuaithe, soghluaisteacht uirbeach, glasbhealaí agus Plean an Ghréasáin Náisiúnta Raonta Rothar, cosaint agus athnuachan ár gcuid sócmhainní bonneagair, agus dícharbónú. B’onóir dúinn an tAire Iompair Eamon Ryan a bheith i láthair le heochairóráid a thabhairt, inar tarraingíodh aird ar thábhacht na dtionscnamh sin.

## Dámhachtainí

Bhí áthas orainn gur ainmníodh muid le haghaidh roinnt dámhachtainí i réimse catagóirí in 2024, rud a léirigh ár ngealltanas chun na nuálaíochta, chun na hinbhuanaitheachta agus chun bonneagar agus seirbhísí iompair a sheachadadh

**Gradaim Ríomhsheirbhísí an Rialtais**

An chatagóir IS & Rialachas: As leas a bhaint as an intleacht shaorga chun sócmhainní a bhainistiú don bhonneagar taistil ghníomhaigh agus do na gréasáin ghlasbhealaigh.

**Gradaim um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí**

Buaiteoir: An chatagóir 'Cion Suntasach ar son an Domhain': As modheolaíocht a fhorbairt um chuntasaíocht Ghlanghnóthachan Bithéagsúlachta.

An chatagóir 'Rannpháirtíocht Pobail': Aitheantas a thabhairt don chur chuige a ghlacann BIÉ i dtreo comhairliúchán poiblí lena dtugtar tús áite don réimse digiteach.

**Gradaim Tionscail Theicneolaíocht na hÉireann**

Nuálaíocht Teicneolaíochta na Bliana: As ardteicneolaíochtaí digiteacha a chuimsiú i dtionscadail bonneagair iompair.

**Gradaim Institiúid Chairte na Lóistíochta agus Iompar Éireann**

An chatagóir 'Soghluaisteacht & Iompar': As cion a dhéanamh ar son tionscnamh don tsoghluaisteacht inbhuanaithe ar fud na hÉireann.




RA
ARCH ARENA
2024
• 15-18 Ap
Transport Transitions:
Advancing Sustainable and Inclusive Mobility
TRA
DUBLIN 2024
WATER

# MetroLink

Eochairthionscadal sa Phlean Forbartha Náisiúnta is ea MetroLink. Is é BIÉ an Ghníomhaireacht Urraíochta do MetroLink agus é freagrach as an tionscadal a chur i gcrích. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an tÚdarás Formheasta agus déanann sé maoirseacht ar sheachadadh BIÉ.

Is ionann MetroLink agus an infheistíocht is mó in iompar poiblí i stair an Stáit. Is gné bhunathraitheach de bhonneagar iompair phoiblí é, an chéad cheann dá shamhail in Éirinn. Nuair a chuirfear tús le hoibríochtaí, beidh traenacha gach trí nóiméad le linn buaicthréimhsí. Féadfaidh sé sin ardú chuig gach 90/100 soicind faoi 2060 más gá. Beidh an córas in ann suas le 20,000 paisinéir a iompar in aghaidh na huaire i ngach treo.

Beidh MetroLink comhdhéanta d'iarnród meitreo ardlín paisinéirí, ardmhinicíochta, nua-aimseartha agus éifeachtach, le 16 stáisiún nua ag rith ó Shord go Charlemont. Nascfaidh an t-ailíniú seirbhísí Aerfort Bhaile Átha Cliath, Iarnród Éireann, DART, Bhus Átha Cliath agus Luas, agus cruthóidh sé líonra iompair phoiblí iomlán comhtháite i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Nuair a bheidh MetroLink críochnaithe, tabharfaidh sé 25 nóiméad nó mar sin ar phaisinéirí taisteal ó Shord go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus é measta go n-iompróidh MetroLink suas le 53 milliún paisinéir in aghaidh na bliana. Tá MetroLink difriúil le seirbhísí iarnróid eile atá ar fáil in Éirinn faoi láthair (DART, Seirbhís Idirchathrach agus Luas), sa mhéid is go mbeidh sé:

- In ann seirbhísí minicíochta níos airde a thairiscint;
- In ann mó daoine a iompar thar achair níos giorra;
- Deighilte go hiomlán ó gach úsáideoir bóithre eile (cur isteach ar thrácht bóithre nó coisithe); agus
- Uathoibrithe go hiomlán (Seirbhís traenach gan tiománaí).

## Acmhainn Seachadta a Neartú

Bliain ríthábhachtach ab ea 2024 le haghaidh MetroLink, agus dul chun cinn suntasach déanta ar an tionscadal maidir le pleanáil, soláthar, agus foireann a chur i mbun oibre.

Chun tacú le scála agus le castacht MetroLink, leanamar orainn le foireann seachadta den chéad scoth a fhorbairt. Tá breis is 800 ball foirne curtha i mbun oibre anois chun oibriú go heisiach ar an tionscadal, agus iad ag plé le hullmhú agus le seachadadh an dearaidh tairisceana, le hoibreacha cumasaithe, agus le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, i measc gníomhaíochtaí eile. Príomhfhorbairt in 2024 ab ea ceapadh an Dr Sean Sweeney mar Stiúrthóir Cláir do MetroLink, ról ríthábhachtach agus an tionscadal ag druidim i dtreo seachadta.

Tá breis is 30 bliain de thaithí ag an Dr Sweeney ar thionscadail bhonneagair ar mhórscála a sheachadadh. Le déanaí, d'fheidhmigh sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin City Rail Link in Auckland, áit ar stiúir sé forbairt agus seachadadh na chéad líne meitreo sa Nua-Shéalainn. Beidh a shaineolas bunriachtanach agus MetroLink ag druidim le roinnt clocha míle ríthábhachtacha, lena n-áirítear deonú féideartha Ordú Iarnróid agus breithniú an Rialtais ar Gheata Cinnidh a Dó, lena gceadófaí tús a chur le soláthar i gcomhair na bpríomhchonarthaí bonneagair.




Bealach Isteach Fhaiche Stiabhna

## An Bealach a Réiteach le Seachadadh

In 2024, rinneadh dul chun cinn ar na céimeanna pleanála agus soláthair de thionscadal MetroLink. Leagadh béim faoi leith ar dhul chun cinn leanúnach maidir leis an bpróiseas Ordú Iarnróid, ar céim ríthábhachtach í chun formheas reachtúil a fháil i gcomhair na foirgníochta.

Chuimsigh an próiseas dhá bhabhta chuimsitheacha de chomhairliúchán poiblí, lenar áiríodh an babhta is deireanaí i mí Dheireadh Fómhair 2024, lenar gineadh 43 aighneacht chuig an mBord Pleanála.

Tá an-dul chun cinn déanta freisin maidir le hullmhú le soláthar. Eisíodh Fógraí Réamheolais (PINanna) le haghaidh na nOibreacha Casta, an Chomhpháirtí Seachadta Tionscadail, agus na gconarthaí shraith M400, chun rannpháirtíocht an mhargaidh a iarraidh agus an bonn a leagan um sholáthar amach anseo. Tugadh chun críche comhairliúcháin mhargaidh le haghaidh na bpacáistí sin in 2024, rud a léirigh scála agus castacht an chláir, agus na deiseanna um chomhar le tionscail.

Bhí na comhairliúcháin sin mar bhonn eolais um fhorbairt ar shé phacáiste mórscóipe atá le heisiúint in 2025:

- M110 – Oibreacha Cumasúcháin agus Oibreacha Oidhreachta Speisialtóra
- M130 – Seirbhísí Seandálaíochta
- M140 – Fóntais Ó Dheas
- M150 – Fóntais ó Thuaidh agus sa Lár
- M160 – Monatóireacht Chomhshaoil
- M170 – Oibreacha um Neartú Fóntas
- Tá an pacáiste um Oibreacha Oidhreachta Speisialtóra an M120 comhdhlúite sa chonradh M110, chun seachadadh a shruthlíniú agus comhordú a fheabhsú.


Tá PIN eile um Oibreacha Casta/ Oibreacha Cumasaithe agus Fóntas sceidealaithe le haghaidh 2025.

## An Todhchaí

Agus muid ag bogadh ar aghaidh go 2025, tá MetroLink ar tí céim nua a bhaint amach. Faoi réir fhormheas an Rialtais ar Gheata Cinnidh a Dó, táimid ag súil le soláthar a sheoladh le haghaidh na bpríomhchonarthaí bonneagair, céim ríthábhachtach i dtreo seachadta ar scála iomlán.

Cé go bhfuil na réamh-mheastacháin lárnacha seirbhíse fós ag teacht leis an Réamhchás Gnó, tá nuashonrú déanta ar an amlíne seachadta chun fírinní reatha ó thaobh na pleanála agus an mhaoinithe a léiriú. Tar éis gur deonaíodh Ordú Iarnróid agus formheasanna ina dhiaidh sin, meastar go dtosófar an fhoirgníocht sna blianta atá le teacht, agus é réamh-mheasta go gcuirfear tús leis na chéad seirbhísí paisinéara in 2034.










An Choill Thuaidh ón Aer



Plás Shoird

# Bainistíocht agus Oibríochtaí an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta



## Oibríochtaí agus Trácht ar an nGréasán

### Bóithre Náisiúnta

Tá freagracht iomlán ar BIÉ as bainistiú agus as oibriú an Ghréasáin Bóithre Náisiúnta (NRN), i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla. Déanaimid bainistiú díreach ar thart ar 50% den ghréasán príomhbhóithre náisiúnta, lena n-áirítear timpeall 1,300 ciliméadar de mhótarbhealaí agus de dhébhealaí. As an méid sin, déantar bainistíocht ar thart ar 460 ciliméadar den ghréasán mótarbhealaí trí 13 chonradh Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (PPP), agus déanann trí Chonraitheoir Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (MMaRC) cothabháil ar na codanna eile den ghréasán mótarbhealaí.

Déanann BIÉ bainistiú ar Thollán Bhaile Átha Cliath agus ar Thollán Sheáin Uí Loingsigh i gCorcaigh faoi chonradh an Lárionaid Rialaithe um Oibriú agus Cothabháil Tollán agus Tráchta (OMTTCC). Bainistítear Tollán Luimnigh faoi chonradh PPP. Ina theannta sin, oibrímid naoi Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh ar líne trí shocruithe lamháltais CPP, nach ionann iad agus na Limistéir Seirbhíse as líne faoi úinéireacht phríobháideach atá suite gar d'acomhail.

### Aonad Tionscadal Breoslaí Malartacha (AFPU)

Leathnaíodh freagrachtaí BIÉ chun go n-áireofaí bonneagar athluchtaithe feithiclí leictreacha agus athbhreoslaithe breoslaí malartacha a sholáthar. Mar fhreagra air sin, bhunaíomar an tAonad Tionscadal Breoslaí Malartacha, agus é dírithe ar phleanáil chun ceithre phríomhghné a sholáthar:

- Bonneagar NRN um athluchtú feithiclí leictreacha do ghluaisteáin agus veaineanna (LDVanna).
- Athluchtú NRN feithiclí leictreacha d'fheithiclí tromshaothair (HDVanna) amhail leoraithe agus busanna.
- Stáisiúin NRN athbhreoslaithe hidrigine d'fheithiclí tromshaothair (HDVanna) amhail leoraithe agus busanna.
- Bonneagar sonraí a bhunú chun tacú le húsáideoirí sonraí an bhonneagar feithiclí leictreacha in Éirinn agus oibleagáidí rialála na hÉireann a chomhlíonadh mar a leagtar amach faoin Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR).



## Trácht ar an nGréasán

In 2024, tháinig méadú 2% ar thrácht ar fud an ghréasáin i gcomparáid le 2023, rud a léiríonn méadú seasta ar an tsoghluaisteacht fhoriomlán. Sháraigh na leibhéil de Mheántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana (AADT) 160,000 feithicil in aghaidh an lae ar fud an ghréasáin. Laistigh de Thollán Bhaile Átha Cliath, shroich an méid iomlán tráchta 9,684,812 feithicil le haghaidh na bliana, agus astu siúd bhí 6,401,148 feithicil faoi réir táillí dola, rud a léiríonn go mbaintear go úsáid fhairsing as an mbonneagar ríthábhachtach seo.

Tarlaíonn méideanna difriúla fáis ar bhóithre i réigiúin dhifriúla. Tháinig ardú beag (1% i gcomparáid le 2023) ar líon na bhFeithiclí Earraí Troma (HGVanna). Tháinig ardú 4% ar líon na bhFeithiclí Earraí Éadroma (LGVanna) in 2024. Le blianta beaga anuas, tá trácht LGV ag dul i méid níos tapúla ná trácht HGV.

Tá tús curtha le tionscadal breise ar an láithreán ar bhealach isteach an M50 / M1 ó dheas chuig Tollán Bhaile Átha Cliath chun comharthaí um rialú lána agus córais luasteorann éagsúla a thabhairt isteach le tacú le hoibriú Thollán Bhaile Átha Cliath. Is é atá i gceist leis sin ná droichid nua a thógáil, an bonneagar reatha a leasú, agus trealamh ITS a athsholáthar nó a shuiteáil.

In 2024, rinneadh athruithe móra ar bhainistíocht bóithre náisiúnta in Éirinn. Ar an 10 Nollaig, shínigh an tAire Iompair Ionstraim Reachtúil lenar sannadh an M50 agus codanna den N1 agus den N11 mar bhóithre bainistithe náisiúnta. Dá bhrí sin, tá BIÉ freagrach anois as na comharthaí agus na luasteorainneacha a ghabhann leo, freagracht a bhíodh ar údaráis áitiúla roimhe sin.

Cé go bhfuil feidhm le tabhairt fós do Chuid 77A d'Acht na mBóithre, cuirfidh sé ar chumas BIÉ ceamaraí CCTV a oibriú ar bhóithre náisiúnta, mar an M50. Mar ullmhúchán dó seo, suiteáladh ceithre cheamara sábháilteachta ar an M50 in 2024. Tá BIÉ ag obair i gcomhar le DoT, leis an nGarda Síochána, agus leis an tSeirbhís Chúirteanna faoi láthair chun modh a shocrú le hoibríochtaí forfheidhmiúcháin a thosú. Tá an tionscnamh sin mar chuid de na hiarrachtaí leanúnacha le DoT agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.

### Bainistíocht Teagmhas

Cé gur féidir le teagmhais titim amach ar aon chuid den ghréasán, titeann an chuid is mó díobh amach ar mhótarbhealaí uirbeacha ar a mbíonn an brú tráchtais mó. In 2024, d'fhreagair ár Lárionad Rialaithe um Oibriú Mótarbhealaí do 15,171 teagmhas, a bhí comhionann le méadú 9% i gcomparáid le 2023. I measc na dteagmhas sin, imbhuailtí tráchta ar bhóithre a bhí in 2,160 díobh. Tugadh tuairisc ar 5,884 teagmhas san iomlán in 2024.

### Tollán Bhaile Átha Cliath

Chuireamar tús le sraith d'uasghráduithe móra a bhí dírithe ar oibríochtaí Thollán Bhaile Átha Cliath a nuachóiriú. Áirítear leis na huasghráduithe sin feabhsúcháin ar chórais CCTV agus rialaithe, chun sábháilteacht agus éifeachtúlacht níos fearr a chinntiú do gach úsáideoir. Rinneadh dúnta sealadacha san oíche chun a chinntiú go bhféadfaí na huasghráduithe a dhéanamh, chun cur isteach i rith buaicuaireanta a íoslaghdú agus chun caighdeáin arda oibriúcháin a choinneáil.

### Oibríochtaí an Gheimhridh

Bainistíonn BIÉ gréasán 134 stáisiún aimsire, atá suite go príomha ar an NRN. Freastalaíonn na stáisiúin sin ar ár ngréasán bóithre agus ar chóras LUAS. Soláthraíonn na stáisiúin sin mionsonraí aimsire fíor-ama a úsáidtear chun réamhaisnéisí aimsire an gheimhridh a chruthú; teastaíonn a leithéid lena chinneadh an gá na bóithre a chóireáil nó nach gá. Suiteáladh naoi gcinn de na 11 láithreán monatóireachta aimsire ar Dhroichid an M50 in 2024. Freisin d'fhormheas muid suiteáil 20 braiteoir Groundcast chun cabhrú le húdaráis áitiúla lena gcuid oibríochtaí cothabhála geimhridh. Tá obair idir lámha faoi láthair ar an gclár um shuiteáil braiteoirí Groundcast.

I rith shéasúr 2024, bhain oibreoirí MMaRC agus údaráis áitiúla úsáid as 47,412 tona de shalann ar an NRN.

Rinneadh uasghrádú ar chúig iosta stórála salainn in 2024, agus suiteáladh sáithitheoirí sáile in iostaí Údaráis Áitiúil mar chuid d'aistriú BIÉ i dtreo oibríochtaí salainn réamhfhliuchta ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta a ndéanann Údaráis Áitiúla cothabháil air.

Tá obair idir lámha ar an Iosta straitéiseach stórála salainn nua i gContae Shligigh, tá an tionscadal seo ar siúl i gcomhar leis an Roinn Iompair.

## Oibríochtaí agus Trácht ar an nGréasán

Bhí fadhbanna áitiúla ar mhótarbhealaí roinnt uaireanta i gcaitheamh na bliana de dheasca ceathanna cloichshneachta, agus tharla 16 imbhualadh le 21 fheithicil ar an NRN mar thoradh orthu. Bhí ceathanna cloichshneachta mar bhonn le laghdú tapa ar theocht dromchla an bhóthair agus le sraith oighir ar dhromchla an bhóthair. Toisc na luasanna a bhíonn i gceist ar na mótarbhealaí, má thagann feithicil ar bhrat cloichshneachta ar an mbóthar gan choinne, d'fhéadfaí smacht a chailleadh ar an bhfeithicil agus d'fhéadfadh imbhuailtí tromchúiseacha titim amach dá bharr. Ní oibríonn réamhchóireáil salainn i gcás cloichshneachta.

Leanaimid ag comhoibriú go dlúth leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus leis an Garda Síochána i bhfeachtas le béim a leagan ar na rioscaí a ghabhann le cloichshneachta agus le tiománaithe a spreagadh chun a luasanna a laghdú nuair a bhíonn baol cloichshneachta ann. Tá prótacal tionscanta againn le Met Éireann, a sholáthraíonn foláirimh réigiúnacha maidir le cloichshneachta agus taispeántar iad ar na comharthaí um theachtaireachtaí athraitheacha ar an ngréasán.

Seoladh scéim phíolótach in 2023 chun brath cloichshneachta a fheabhsú. Is é an aidhm atá i gceist leis an gcóras sin brath imeachtaí cloichshneachta a uathoibriú agus rabhaidh a thaispeáint ar chomharthaí VMS in aice. Níor tugadh taifead ar imeacht cloichshneachta ar bith i réigiún an iarthair le linn na céime píolótaí. Déanann BIÉ, Met Éireann, agus ár Seirbhís Eolais Aimsire Bóthair monatóireacht ar na láithreáin chun sonraí agus feidhmíocht a athbhreithniú.

In 2024, ceadaíodh uasghráduithe arbh fhiú €3.5 milliún iad chun naoi leatóir réamhfhliuchta a d'fhéadfaí a fheistiú go buan a sheachadadh, chun naoi gcinn eile a fhail, agus chun cúig fhearas sáithitheora sáile nua a shuiteáil.

### Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh

Oibrímid naoi n-ionad seirbhíse, faoi shocruithe CPP, ag sé láthair feadh an ghréasáin mótarbhealaí. Tá dhá chineál i gceist: áiseanna ag a bhfuil dhá thaobh a fhreastalaíonn ar gach treo den mhótarbhealach, nó áiseanna ag a bhfuil taobh amháin a fhreastalaíonn ar an dá threo trí acomhal bóithre saintógtha.

Tá siad suite sna háiteanna seo a leanas:

- An M1: Lusca (dhá thaobh)
- An M1: Baile an Ghearlánaigh (dhá thaobh)
- An M4: An Bóthar Buí (dhá thaobh)
- An M6: Baile Átha Luain (taobh amháin)
- An M9: Cill Chuillinn (taobh amháin)
- An M11: Guaire (taobh amháin)

Leanadh ar aghaidh le hoibreacha um athnuachan agus feabhsú inrochtaineachta i Lusca, i mBaile an Ghearlánaigh, agus sa Bhóthar Buí chun áiseanna saoráide a uasghrádú le cinntiú go mbeidh gach duine in ann rochtain a fháil orthu agus iad a úsáid. Áirítear leo siúd athnuachan agus feabhsú áiseanna leithris phoiblí agus cithfholcadáin, áiseanna athraithe clúidíní, agus limistéir shúgartha nua faoi dhíon do leanaí. Meastar go gcríochnófar na hoibreacha in R1 2025.

### Córais Iompair Chliste agus Teicneolaíocht a Chur chun Feidhme

Rinneadh an-dul chun cinn leis an gclár chun Córais Iompair Chliste (ITS) a chur chun feidhme in 2024. I measc na n-éachtaí ba mhó bhí críochnú oibreacha timpeall Dhún Chitil i gCorcaigh. Cuireadh Comharthaí um Theachtaireachtaí Athraitheacha (VMS) chun feidhme ar bhealaí idiruirbeacha móra amhail an M4, an M7, an M8, agus an M9. Ina theannta sin, rinneadh sean-VMSanna ar an M1 a athsholáthar faoin gClár um Athsholáthar Saolré.

Suiteáladh VMS, ceamaraí, agus córais ama aistir ar gach bealach isteach ó bhóithre náisiúnta chuig Acomhal Dhún Chitil. Chabhraigh na córais sin go mór le bainistíocht shealadach tráchta agus le freagraí ar theagmhais, go háirithe le linn aistriú tráchta ar naisc éagsúla.

I mí Feabhra seoladh an Tionscadal Píolótach um Chórais Iompair Cliste Chomhoibritheacha (CIC-C) atá cómhaoinithe ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh, don phobal, agus fuair breis is 900 rannpháirtí teachtaireachtaí trí threalamh i bhfeithiclí nó trí aip fón póca. Chuimsigh na teachtaireachtaí sin, a sheol oibreoirí sa Lárionad Rialaithe um Oibríochtaí Mótarbhealaí de chuid BIÉ, foláirimh faoi theagmhais, amanna aistir, agus teachtaireachtaí sábháilteachta. Tháinig deireadh leis an gcéim phíolótach i mí na Nollag 2024, agus

tarraingíodh aird i dtuarascáil mheastóireachta ar athruithe dearfacha ar iompraíocht tiomána, agus tairbhí don tsábháilteacht, don éifeachtúlacht, agus don tsochaí.

Faoi láthair táimid ag fiosrú bealaí le cur le rath an chláir phíolótaigh. In 2025, forbróimid pleananna chun an córas píolótach a fheabhsú, feidhmiúlachtaí nua a chur leis, agus aistriú chuig córas a bheidh go hiomlán i bhfeidhm. Is é an aidhm atá i gceist leis na pleananna sin cumarsáid CIC-C a chuimsiú trí fheithiclí Monaróra Tosaigh Trealaimh (OEM) a fheistiú le C-ITS ionsuite, a shíneann níos faide ná rannpháirtithe sa chéim phíolótach amháin.

### Athnuachan Sócmhainní

Is ionann luach sócmhainní an ghréasáin bóithre náisiúnta agus timpeall €31 billiún (mar a measadh in 2019) agus teastaíonn athinfheistíocht leanúnach chun a luach a chosaint agus chun a chinntiú go leanann sé ag feidhmiú mar a ceapadh é.

### Dromchlaí Bóthair an Ghréasáin

Leanadh ar aghaidh in 2024 le clár rollach nuashonraithe trí bliana i gcomhair athnuachan dromchla bóthair.

### Athshlánú agus Neartú Droichead

Choinníomar orainn lenár gclár oibreacha athshlánaithe agus neartaithe droichead faoi chóras bainistíochta droichead BIÉ, EIRSPAN. Rinneadh 537 príomhchigireacht ar dhroichid agus lintéir ar an ngréasán, lenar áiríodh 329 droichead, 169 droichead iompair, agus 39 crann ard.

Rinneadh gnáthchothabháil bhliantúil ar 1,844 droichead agus lintéar bóthair náisiúnta chun sábháilteacht tráchta agus inúsáidteacht a chinntiú. Rinneadh oibreacha móra athchóirithe ar 20 struchtúr. I measc na bpríomhthionscadal bhí athphróifíliú agus ceartú próifíle ar an Droichid Rothlach ag Acomhal 6 an M50, ailt infhorbartha a athsholáthar ar Dhroichead N6 na Sionainne, agus athchóiriú fairsing ar Dhroichead Coisithe Lána an Tae i Ráth Cúil. Ina theannta sin, rinneadh deisiúcháin chlaífort bóthair ar an N70 i nGlísc chun sleamhnú a chobhsú; chun an obair sin a chur i gcrích tógadh balla comhtheagmhálach nua 41km ar fad, ar balla carntha agus leabaithe é.

### Comharthaí agus Línte

Is ríthábhachtach go ndéantar caighdeán na líneála agus an línithe a chothabháil chun an gréasán bóithre náisiúnta a oibriú go sábháilte i rith an ama. Sa bhliain 2024, chríochnaíomar 585 ciliméadar de mharcanna bóthair agus d’athnuachan stodaí ar an ngréasán carrbhealaigh aonair. Tá riocht líneála ár ngréasáin mar an gcéanna leis an mbliain roimhe den chuid is mó; ach tá laghdú tagtha ar fheidhmíocht stodaí bóthair agus díreofar air sin mar chuid de chlár 2025.

### AFHDV agus ZEHDV

Chuir BIÉ críoch le riar scéim Dhreasacht Dola d’Fheithiclí Astaíochtaí Ísle (LEVTI), ag deireadh 2023. Cuireadh scéim na bhFeithiclí Tromshaothair atá Saor ó Astaíochtaí (ZEHDV) ina ionad ag tús 2024.

Rinneadh 20 iarratas i gcomhair 36 feithicil in 2024. Astu siúd, síneadh 5 iarratas isteach i 2025, cuireadh 6 cinn ar ceal, agus tugadh íocaíocht i leith 9 gcinn. Íocadh go sonrach 9 n-iarratasóir ZEHDV as 15 fheithicil in 2024, agus íocadh freisin 3 iarratasóir ar Fheithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Malartacha (AFHDV) as 6 fheithicil, a tugadh ar aghaidh ó 2023.

Íocadh €1,129,561 san iomlán le hiarratasóirí ZEHDV agus íocadh €436,935 le hiarratasóirí AFHDV, b’ionann sin agus €1,566,496 san iomlán. Is suntasach an méid spéise a bhí ann ó oibreoirí bus i gcomparáid le blianta roimhe sin.




Leatóirí Salainn

# Oibríochtaí Tráchtála

## Gnóthaí Luas agus Dola

### Bainistíocht an Ghréasáin Iarnróid Éadroim

Déanann BIÉ maoirseacht ar oibriú, ar chothabháil, agus ar bhainistíocht sócmhainní ar an ngréasán Luas i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

Áirítear le freagrachtaí Bhonneagar Iompair Éireann bainistiú ar chonradh oibríochtaí agus cothabhála Luas le Transdev, Oibreoir Luas, chomh maith leis an méid seo a leanas:

- Maoirseacht ar chúrsaí sábháilteachta oibriúcháin;
- Beartas maidir le ticéadú agus táillí taistil, bainistíocht buiséid agus ioncam, i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair;
- Bainistíocht sócmhainní saolré agus athnuachan ar bhonneagar agus rothstoc Luas;
- Socrú amchláir agus pleanáil seirbhíse;
- Maoirseacht ar fhógraíocht agus ar sholáthar eolais margaíochta agus phoiblí; agus
- Bainistíocht páirtithe leasmhara a dhéanann idirphlé le gréasán Luas (e.g. pleanáil agus forbairt).

In 2024, chuir Luas tús le haistriú céimnitheach cainéal seirbhíse do chustaiméirí chuig Ionad Cabhrach TFI, i dteannta le hoibreoirí iompair phoiblí eile mar Bhus Éireann, Iarnród Éireann, Go Ahead agus Bus Átha Cliath. Is é aidhm an ionaid glaonna chomhdhlúite sin a bhainistíonn Capita Ireland i gCloch na gCoillte, Corcaigh, ná seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur ar fáil le haghaidh na bpaisinéirí go léir a thaistealaíonn ar an iompar poiblí in Éirinn.

### Feidhmíocht agus Torthaí in 2024

Tháinig méadú arís in 2024 ar phátrúnacht ar líne dhearg agus líne uaine an Luas, agus shroich sé an méid ba mhó riamh d’aistir paisinéirí, b’ionann sin agus 54,015,041 aistear. Sáraíonn an figiúr sin aon fhigiúir nó réamh-mheastacháin roimhe sin.

D’oibrigh Luas timpeall 4,175,590 milliún ciliméadar tram in 2024, arb ionann é agus 98.25% de chiliméadair seirbhíse sceidealaithe.

### Oibríochtaí Dola


Baineann tuairim is dhá mhilliún gluaisteánaí intíre agus eachtrach leas as bóithre dola an M50 agus Thollán Bhaile Átha Cliath gach bliain. Déantar an glanioncam a bhailítear — ollioncaim lúide costais oibriúcháin, cánacha, agus rátaí údaráis áitiúil — a infheistiú in oibriú agus i gcothabháil an ghréasáin bóithre náisiúnta, rud a laghdaíonn an brú ar riachtanais chistiúcháin an Státchiste.

### Feidhmíocht agus Torthaí 2024 - Córas Dola eFlow ar an M50

Tháinig méadú eile in 2024 ar an méid tráchta, agus ar ioncam le haghaidh Chóras Dola eFlow an M50; bhí an méadú sin ag teacht leis an méadú a feiceadh sna blianta roimhe.

Ba é an Meántrácht Laethúil in aghaidh na Bliana don bhóthar dola 158,733 turas, méadú de bheagnach 2% ar an mbliain roimhe sin (2023: 156,028). Cláraíodh timpeall 58 milliún turas ar an mbóthar dola, ar méadú 2% é sin ar an mbliain roimhe sin (2023: 57 milliún).


Tháinig méadú 12% ar an ioncam ó dholaí (bliain i ndiaidh bliana) go €212 milliún de thoradh níos mó tráchta agus ardú ar tháillí dola (a bhain le boilsciú) a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2024. 97.14% ab ea ráta comhlíontachta measta iomlán maidir le dolaí, tá sé sin ar aon dul le 2023 (97.17%) den chuid is mó.



## Feidhmíocht agus Torthaí 2024 - Dola Thollán Bhaile Átha Cliath

In 2024, b'ionann an Meántrácht Laethúil Bliantúil do Thollán Bhaile Átha Cliath agus 26,503, a léiríonn méadú 0.8% ó 2023 (26,285). Tugadh taifead ar thart ar 9.7 milliún paisinéir i gcaitheamh na bliana, agus 65% aicmithe mar thrácht 'faoi réir táillí dola' agus an 35% eile aicmithe mar thrácht nach bhfuil faoi réir táillí dola (díolmhaithe ar mhuirir dola faoi na Fodhlíthe).

B'ionann an tIoncam ó Dholaí do Thollán Bhaile Átha Cliath agus timpeall €32 milliún, arna bhailiú ó 6.3 milliún gluaiseacht. Is ionann sin agus méadú 18% (2023: €27 milliún).




**Borradh faoi Mhéideanna AADT Bliain ar Bhliain: eFlow ar an M50.**


## Idir-Inoibritheacht Dolaí

Cuireann BIÉ Seirbhísí Bainistíochta Idir-Inoibritheachta dolaí ar fáil chun tacú le hoibriú clibeanna leictreonacha ar an uile phlás dola in Éirinn. In 2024, d'fheabhsaigh muid an fheidhmiúlacht tuairiscithe ar an Ardán Bainistíochta Idir-inoibritheachta (IMP) agus cuireadh níos mó béime ar anailís ar threochtaí. Freisin d'uathoibrigh muid go leor próiseas láimhe, go háirithe próisis i ndáil le foláirimh/le haláraim agus tuairisciú.

Tháinig méadú eile in 2024 ar an méid tráchta agus ar líon na dturas gaolmhar ar fud an ghréasáin bóithre náisiúnta. Phróiseáil an IMP 68.4 milliún idirbheart dola san iomlán, arb ionann iad agus luach airgeadais de €240 milliún. B'ionann sin agus méadú 4% ar líon na n-idirbheart agus méadú 16.5% ar an luach airgeadais.

Tháinig méadú 2% freisin ar líon iomlán na dturas a thaifeadadh feadh an NRN (gan an Nascbhóthar Thoir san áireamh), b'ionann sin agus 147.62 milliún turas. Chuaigh idirbhearta bailiúcháin dolaí leictreonacha, gluaiseacht ar an M50 san áireamh, i méid faoi 5%.

I measc na mbuaicphointí, sroicheadh an chloch mhíle 1 mhilliún úsáideoir clibe, agus ullmhaíodh agus formheasadh doiciméid chreidiúnaithe le haghaidh seirbhísí dolaí leictreonacha Eorpacha (EETS) chun glacadh le soláthraithe EETS i Líonra Dolaí na hÉireann.




**Idirbhearta ETC Idir-inoibritheacha Náisiúnta (is i milliúin atá na figiúirí)**

Leagtar amach sa tábla thuas na príomhstaitisticí dola idir 2019 agus 2024.

# Fíricí in 2024

## Fíricí i dtaobh Luas

**54 milliún**
aistear paisinéara

## Fíricí i dtaobh Bhainistíocht an Ghréasáin

Is éard atá inár bhflít seirbhíse geimhridh

**340** céachta sneachta in-díshuite

**401** leatóir salainn

**47,412**
tona salainn úsáidte ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta in 2024

**67**
oíche in 2024 ina raibh an teocht faoin REOPHOINTE

**134**
stáisiún aimsire i bhfeidhm ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta




Líne Uaine Luas, Baile Átha Cliath

# Clár Caipitil

## Clár Caipitil um Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí Taistil Ghníomhaigh & Plean Infheistíochta Caipitil um Iarnród Éadrom (Luas)

### Plean Infheistíochta Caipitil

**Bóithre**

Tugtar sainordú le hAcht na mBóithre, 1993 do BIÉ a áirithiú go soláthrófar gréasán bóithre náisiúnta sábháilte éifeachtúil. Déantar na Cláir Chaipitil um bóithre, taisteal gníomhach agus glasbhealaí a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla agus trí ghréasán Oifigí Bóithre Náisiúnta na nÚdarás Áitiúil. Soláthraítear tionscadail ó chéim an choincheapa agus na féidearthachta go dtí céim na tógála agus an oibrithe.

Leithdháiltear i bplean infheistíochta caipitil an Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN) cistiú caipitil Státchiste ar BIÉ de thart ar €2,400 milliún i gcaitheamh na tréimhse 2021-2025 agus de thart ar €5,600 milliún i gcaitheamh na tréimhse 2026-2030. Tá dealramh air go ndéanfar dul chun cinn níos tapúla maidir le Feabhsúcháin Bóithre Nua sa tréimhse 2026-2030; tabharfar tús áite don mhéid seo a leanas:

- An tsócmhainn bhóthair atá ann faoi láthair a chothabháil;
- Tionscadail atá á dtógáil a chur chun cinn nó dul ar aghaidh go dtí an tógáil;
- Tionscadail ag a bhfuil ceadú pleanála, nó atá sa phróiseas ceadaithe pleanála, a chur chun cinn; agus
- Maidir le tionscadail atá ag céim na luathphleanála, dírítear ar chur chun cinn na seachbhóithre agus na dtionscadal eile a thacaíonn leis an gCuspóir Bailte ar dTús agus le borradh dlúth..

Tá maoiniú bliantúil, ar fiú os cionn €60 milliún é, geallta ag an státchiste chun clár na nGlasbhealaí a chur ar fáil. Tá thart ar leath den mhaoiniú sin daite don tógáil agus tá an fuílleach daite do chur chun cinn punainne tionscadal tríd an bpróiseas pleanála agus deartha.

### Críochnú Mórthionscadal

- **Uasghrádú Acomhal Dhún Chitil:** D'oscail an Tánaiste, Micheál Martin TD, go hoifigiúil an Scéim um Uasghrádú Acomhal Dhún Chitil ar an 12 Feabhra. Leis an tionscadal €215 milliún sin feabhsaítear sreabhadh agus sábháilteacht tráchta ag acomhal ceithre bhóthar náisiúnta in aice le Cathair Chorcaí. Áirítear leis 18 nasc bóthair nua, seacht ndroichead nua, uasghráduithe ar chúig struchtúr atá ann cheana, agus 2.9km de shiúlbhealaí agus de rotharbhealaí nua. D'ainneoin méid ard tráchta, tá amanna aistir ag na buaicuaireanta laghdaithe faoi nach mór 50%, agus coigiltis mhóra á mbaint amach ar bhealach an N40 go N25 agus an M8 ó Dheas.
- **N56 An Clochán Liath chuig na Gleannta:** D'oscail an tAire Stáit sa Roinn Iompair, Jack Chambers go hoifigiúil bóthar an N56 ón gClochán Liath chuig na Gleannta, ar an 25 Aibreán. Clúdaíonn an comhthionscadal 27km agus áirítear leis rotharbhealach scartha feadh a fhaid, a léiríonn infheistíocht iomlán de níos mó ná €100 milliún. Leis an tionscadal feabhsaítear thart ar 27 km den N56 agus cuirtear cosán agus raon rothar neamhspleách 2m ar leithead ar fáil.
- **An N69 (Seachbhóthar Lios Tuathail):** D'oscail an Taoiseach, Simon Harris TD, Seachbhóthar nua an N69 Lios Tuathail ar an 19 Lúnasa. Seachbhóthar 6 chiliméadar ar an taobh thiar agus thuaidh de lár baile Lios Tuathail atá i gceist leis an tionscadal seo ar luach €62 milliún, tá tuairim is 3.6km de bhóthar nua i gceist leis, chomh maith le 2.3km d'fheabhsúchán ar líne ar an ngréasán atá ann cheana agus 1.5km de thimpealláin nua agus d'fheabhsúcháin ar acomhail. Cuirfidh an seachbhóthar 7,000 feithicil ar mhalairt treo gach lá, amach ó lár bhaile Lios Tuathail, agus cuirfidh sé go mór le bonneagar agus le hinrochtaineacht i gCiarraí thuaidh.

- **Glasbhealach Ghleann na Bóinne go Fearann na Lochanna:** Ar an 12 Bealtaine 2024, d'oscail an tAire Airgeadais, Jack Chambers TD, agus an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, go hoifigiúil Glasbhealach Ghleann na Bóinne go Fearann na Lochanna. Leis an nGlasbhealach seo, a forbraíodh feadh na líne iarnróid nach bhfuil in úsáid ón Uaimh go Dún an Rí, cuirtear bealach 30 km ar fáil do shiúlóirí agus rothaithe. Tosaítear an bealach i bPáirc na hAbhann Duibhe san Uaimh agus críochnaítear é ag Stáisiún Iarnróid Dhún na Rí, agus é ag dul trí Bhaile Bhailcín, Baile an Chaisleáin, tríd an Obair agus trí Chill Mhaighneann, agus é ag nascadh le Páirc Foraoise Dhún an Rí. Ós rud é go bhfuil 98% den bhealach scartha agus saor ó thrácht, cuirtear conair álainn shábháilte ar fáil leis.
- **Glasbhealach na Canálach Móire:** Ar an 10 Eanáir 2024, d'oscail an tAire Iompair, Eamon Ryan TD, an síneadh is deireanaí ar Ghlasbhealach na Canálach Móire, síneadh 11 km ó Dhroichead Aylmer chuig na Solláin, Co. Chill Dara. Le linn na hoscailte freisin, nocht an tAire an plean nua NCN. Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfidh an Glasbhealach bealach a bheidh nach mór leanúnach, agus scartha den chuid is mó ar fáil feadh na canála 130 km ina hiomláine, agus é ag síneadh ó Bhaile Átha Cliath chuig an tSionainn.

**Tionscadail atá á dTógáil:**

- **N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg:** Tógfar 33.4 km de charrbhealach aonair nua sa tionscadal seo. Nascfaidh an bóthar nua le Seachbhóthar Bhealach an Doirín atá ann cheana féin agus rachaidh sé a fhad le baile fearainn Scramóige i gContae Ros Comáin agus seachnóidh sé Dún Gar, Béal Átha na gCarr, Tuilsce agus Béal na mBuillí. Meastar go mbeidh cuid mhór den tionscadal críochnaithe faoin mbliain 2027.

## Feabhsú ar Sholáthar Flít Luas:

I gcaitheamh na bliana 2024, rinneadh an-dul chun cinn ó thaobh conradh fadtéarmach soláthair flít a sholáthar ar mhaithe le rothstoc úr a chur ar fáil le haghaidh línte Luas atá ann faoi láthair agus tionscadail nua. Tugadh an chéim réamhcháilithe chun críche, agus rinneadh cuid mhaith dul chun cinn ar na doiciméid chonartha agus tairisceana. Críochnaíodh agus formheasadh an cás gnó. Tá an tairiscint don chéad bheart chun dul in ionad fhlít na Líne Deirge idir lámha faoi láthair.



**Luas (Fionnghlas), Iarnród Éadrom Idirthurais Chorcaí (LRT) agus Luas (Leamhcán)**

- **Luas (Fionnghlas):** D'fhormheas DoT an réamhchás gnó do Luas Fhionnghlais ar an 22 Deireadh Fómhair, agus cuireadh Ordú Iarnróid faoi bhráid an Bhoird Pleanála ar an 18 Samhain. Táthar ag ullmhú le comhairliúchán margaidh, agus tá tús curtha le plé le Coiste Conarthaí an Rialtais don Fhoirgníocht ar mhaoluithe maidir le conarthaí NEC4 a úsáid.

- **LRT Chorcaí:** Rinneadh moltaí maidir le roghanna i gcomhair comhairliúcháin phoiblí ar LRT Chorcaí i rith 2024. Tá ullmhúcháin ar siúl i gcomhair comhairliúcháin phoiblí ag tús 2025 ar feitheamh go dtí go mbeidh comhaontú idir na páirtithe maidir leis na Bealaí is Dealraithí a Roghnófar.

- **Luas (Leamhcán):** Tugadh chun críche staidéar acmhainne ar an Líne Dhearg, agus tá obair ar siúl ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar. Ina theannta sin, tá tús curtha le hobair ar an staidéar oibriúcháin agus cothabhála agus ar an straitéis iostaí.

## Mórthionscadail Bhreise

Tá siad seo a leanas i measc na Mórthionscadal Breise atá gníomhach ag an gcéim Pleanála agus Deartha:

- **An N/M20 (Corcaigh-Luimneach):** Tá an tionscadal curtha ar aghaidh chuig Céim 3 mar atá an Chéim Dearaidh & Meastóireachta Timpeallachta. Tá beachtú breise déanta ar na conairí iompair is dealraithí a roghnófar don mhótarbhealach 80km, chun áiseanna iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh a chuimsiú. Is é an aidhm atá i gceist leis an tionscadal conair iompair níos sábháilte agus níos éifeachtúla a chruthú idir Corcaigh agus Luimnigh. Is é Geata 1 an chéad chloch mhíle eile, agus beidh an fhoirgníocht faoi réir achomhairc phleanála agus rialtais. Tá an raon costas réamh-mheasta fós níos airde ná €1 bhilliún.

- **TEN-T, Dún na nGall:** Tá an Tionscadal Feabhsúcháin don Bhealach Tosaíochta TEN-T i nDún na nGall curtha ar aghaidh chuig Céim 3 mar atá an Chéim Dearaidh & Meastóireachta Timpeallachta. Leis an tionscadal seo dírítear ar nascacht agus rochtain i nDún na nGall a athrú ó bhonn trí aghaidh a thabhairt ar easnaimh mhóra iompair ar thrí chuid spriocdhírithe den TEN-T/den bhealach náisiúnta reatha. Cuimsítear leis an tionscadal 42km de phríomhlíne fheabhsaithe agus de sheachbhóthar nua, 63km de chonairí taistil ghníomhaigh, agus 8 mol nua ilmhodha agus luchtú EV ar fáil iontu. Tá an measúnú ar an bPríomhchás Gnó idir lámha, agus an chéad chloch mhíle atá i gceist ná Formheas Réamhthairisceana Gheata 2. Táthar ag súil go gcuirfear tús le foirgníocht tar éis 2027, faoi réir achomhairc phleanála agus rialtais. Tá raon costas réamh-mheasta idir €780m agus €915m i gceist

- **Scéim Bóthair an N2 (Cluain Tiobrad-an Teorainn):** Tá an scéim bóthair 28km imithe ar aghaidh go Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta. Is é an aidhm atá i gceist leis an scéim uasghrádú a dhéanamh ar chuid de Bhóthar an N2 ó Bhaile Átha Cliath go Doire chun sábháilteacht a fheabhsú, amanna aistir a laghdú, agus bailte agus sráidbhailte a sheachaint feadh an bhealaigh. Déanfaidh an tionscadal, atá ar feitheamh Fhormheas Gheata 1 i



bPrionsabal, nascacht a fheabhsú idir Baile Átha Cliath agus réigiún an Iarthuaiscirt. Meastar go gcuirfear tús le foirgníocht tar éis 2030, agus raon costas réamh-mheasta idir €370m agus €425m atá i gceist leis.

- **An N3 (Seachbhóthar Achadh an Iúir):** Tá an scéim iompair ilmhodha seo atá 14.5km ar fad imithe ar aghaidh go Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta. Tá sé mar aidhm aige príomhbhealach náisiúnta an N3 a fheabhsú. Seachnóidh an tionscadal baile Achadh an Iúir, le trácht a mhaolú agus feabhas a chur ar an leibhéal torainn agus ar cháilíocht an aeir do chónaitheoirí. Táthar ag feitheamh le Formheas Gheata 1 i bPrionsabal don scéim, a shíneann ó Edenburt go Lios Cré.
- **An N4 (Seachbhóthar Chora Droma Rúisc-Dromad):** Tá an tionscadal ag Céim 3, Dearadh agus Meastóireacht Timpeallachta anois, agus tá sé déanta suas den N4 (Seachbhóthar Chora Droma Rúisc) agus Bearta Taistil Ghníomhaigh agus Bainistíochta Éilimh. Beidh an Seachbhóthar 5.8km ar fad agus áireofar leis droichead nua thar an tSionainn. Áireofar leis na Bearta Taistil Ghníomhaigh agus Bainistíochta Éilimh luasteorainneacha laghdaithe, trasrianta coisithe, cosáin agus rotharbhealaí roinnte, rotharbhealaí dhá-bhealaigh nua agus uasghráduithe acomhail chun sábháilteacht agus inrochtaineacht a fheabhsú le haghaidh úsáideoirí bóthair leochaileacha i gCora Droma Rúisc.
- **An N6 (Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe):** Cuimsíonn an bóthar náisiúnta nua atá beartaithe 12.5 km de mhótarbhealach, 5 km de charrbhealach aonair, agus droichead úr trasna Abhainn na Gaillimhe. Bhí an scéim faoi réir imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh, agus mar thoradh air sin rinne an Bord Pleanála í a bhreithniú arís agus ghlac sé cinneadh nua. Tá BIÉ fós tiomanta do Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (an N6) agus tá siad ag tacú le Comhairle Contae agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá tuilleadh eolais leagtha isteach le breithniú ag an mBord Pleanála. Tá an tionscadal ag Céim 4, An Próiseas Reachtúil, anois.
- **Scéim Feabhsúcháin Réimse Phoiblí agus Seachbhóthar Bhaile Shláine (an N2):** Tá an tionscadal beartaithe 3.4 km ar fad agus tá sé i gceist go rithfidh sé soir ó Shráidbhaile Bhaile Shláine. Tá sé imithe ar aghaidh go Céim 4, An Próiseas Reachtúil, agus raon costas réamh-mheasta idir €130m agus €140m i gceist leis. I mí na Nollag 2023, rinne Comhairle Contae na Mí iarratas ar an mBord Pleanála ar thoiliú forbartha.
- **An N52 (Seachbhóthar Baile Átha Fhirdhia):** Is éard atá sa scéim seo 4.5 ciliméadar de Charrbhealach Aonair Chineál 2, sé acomhal bóthair, lena n-áirítear timpeallán beartaithe ar an N2, agus dhá struchtúr droichid abhann. Tá an tionscadal ag Céim 4, An Próiseas Reachtúil, anois, agus foirgníocht beartaithe ó 2026 go dtí 2028; rachaidh sé ar aghaidh go formheas geata faoi réir imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. Tá raon costas réamh-mheasta idir €40m agus €50m i gceist, faoi réir athbhreithnithe.
- **Bóthar Faoisimh Mhala an N72:** Tá an tionscadal beartaithe 5km ar fad agus an aidhm atá i gceist leis ná faoiseamh sonrach a chur ar fáil do lár baile Mhala. Bóthar náisiúnta den dara grád é an N72 a théann soir-siar óna acomhal leis an N25 in aice le Dún Garbháin i bPort Láirge chuig an N70 i gCill Orglan i gCiarraí. Tá an bealach is dealraithí a roghnófar aitheanta don tionscadal. Is é Formheas Gheata 1 i bPrionsabal an chéad chloch mhíle eile, agus beidh an fhoirgníocht faoi réir pleanála. Tá raon costas réamh-mheasta idir €40m agus €50m i gceist.
- **N3 M50 go Cluain Aodha (Conair Iompair):** Tá an tionscadal beartaithe 7km ar fad agus é mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar chur isteach ar shreabhadh iompair phoiblí agus feithiclí tráchtála ar an N3 idir Acomhal 1 (M50) agus Cluain Aodha (Acomhal 4). Cuimsítear leis an tionscadal, atá ag Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta faoi láthair, feabhsúcháin fhéideartha ar líne ar an bpríomhlíne agus ar na hacomhail, chomh maith le lánaí bus a fhorbairt. Roghnaíodh an Bealach is Dealraithí. Is é Formheas Gheata 1 i bPrionsabal an chéad chloch mhíle eile, agus tá achair ama don fhoirgníocht le deimhniú.


- **N11/N25 Maolán na nGabhar go Cuan Ros Láir:** Is é an aidhm atá i gceist leis an tionscadal 33km feabhas a chur ar bhealach an N11 ó dheas de mhótarbhealach an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh, chun sráidbhaile Mhaolán na nGabhar a nascadh le bóthar an N25 chuig Eoraphort Ros Láir. Tá an tionscadal ag Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta, agus raon costas réamh-mheasta idir €400m agus €500m i gceist leis. Feabhsófar sábháilteacht, acmhainn, agus nascacht idir Loch Garman, na ceantair ina thimpeall, agus margaí idirnáisiúnta mar thoradh ar an tionscadal.
- **N24 An Chathair go hAcomhal Luimnigh:** Tá an tionscadal 35km seo atá beartaithe ag Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta faoi láthair, agus feabhsóidh sé inrochtaineacht idir Luimneach agus Port Láirge, agus aghaidh á tabhairt ar staid bóithre faoi bhun caighdeáin agus fadhbanna brú tráchta. Is é Formheas Gheata 1 i bPrionsabal an chéad chloch mhíle eile, agus tá achair ama don fhoirgníocht le deimhniú.
- **N2 Timpeallán na Rátha go Crois Chill Mhúine (Conair Iompair):** Tá an tionscadal beartaithe 6km ar fad agus é mar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht, ar shreabhadh iompair phoiblí, agus ar fhadhbanna maidir le cur isteach ar thrácht ar an N2. Is é Formheas Gheata 1 i bPrionsabal an chéad chloch mhíle eile, agus tá achair ama don fhoirgníocht le deimhniú. Raon costas réamh-mheasta idir €90m agus €100m atá i gceist leis, agus beidh Cóimheas Tairbhe-Costas ar fáil nuair a bheidh meastóireacht déanta.
- **Bóthar Faoisimh Mhainistir na Féile an N21:** Tá an tionscadal beartaithe 6.55km ar fad agus an aidhm atá i gceist leis ná aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna brú tráchta i Mainistir na Féile. Leis an tionscadal, atá ag Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta faoi láthair, feabhsófar nascacht idir Luimneach, Ciarraí, agus réigiún an Iardheiscirt. Tá raon costas réamh-mheasta idir €75m agus €100m i gceist agus feabhsóidh an tionscadal sábháilteacht ar bhóithre, iontaofacht amanna aistir, agus an timpeallacht uirbeach; bainfidh muintir na gceantar áitiúil tairbhe as sin agus tacóidh sé le fás eacnamaíoch sa réigiún.
- **Bóthar Faoisimh an Chaisleáin Nua an N21:** Tá an tionscadal beartaithe 7.3km ar fad agus an aidhm atá i gceist leis ná aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna brú tráchta sa Chaisleán Nua. Leis an tionscadal, atá ag Céim 3, Dearadh & Meastóireacht Timpeallachta faoi láthair, feabhsófar nascacht idir Luimneach, Ciarraí, agus réigiún an Iardheiscirt. Is é Formheas Gheata 1 i bPrionsabal an chéad chloch mhíle eile, agus tá achair ama don fhoirgníocht le deimhniú. Tá raon costas réamh-mheasta idir €75m agus €100m i gceist.

## Scéimeanna a Ullmhú lena dTógáil

- **An M28 (Corcaigh-Rinn an Scidígh):** Tá mar chuspóir ag an tionscadal seo, atá mar chuid de chroíghréasán TEN-T, thart ar 12.5 ciliméadar den N28 ó Chuarbhóthar Theas an N40 go dtí an calafort i Rinn an Scidígh a uasghrádú. Cuireadh an tionscadal amach chun tairisceana in 2024, agus anois tá sé ag druidim le tairiscint a bhronnadh agus tús a chur leis an bhfoirgníocht.
- **An N21 (Faing-Luimneach):** Mar gheall ar scéim an N21 (Faing-Luimneach), cuirtear débhealach ar fáil don N21 (Luimneach-Ciarraí), mar aon le nasc nua le Calafort Fhainge de Leibhéal a hAon. 16 chiliméadar de bhóthar nua ó Fhaing go Ráth Caola atá ann ina bhfuil bóthar ceangail carrbhealaigh aonair leis an N69 atá ann cheana ag Eas Géitine, chomh maith le 16 chiliméadar de dhébhealach ó Ráth Caola go hÁit Tí Flainn, lastoir d'Áth Dara, ina gcuimsítear Seachbhóthar Áth Dara. Táthar i mbun réamhoibreacha agus ceannach talún i rith an ama. Dámhadh an conradh foirgníochta le haghaidh Sheachbhóthar Átha Dara i mí na Nollag 2024. An chéad chuid den tionscadal ó Áth Dara go Faing atá i gceist leis na hoibreacha seo, agus beidh na codanna eile ag céim an tsoláthair in 2025.



An N59 (Seachbhóthar Mhaigh Chuilinn), Gaillimh


Glasbhealach Phort Láirge, Co. Phort Láirge

## Miontionscadail Bóithre

Tugadh trí mhionscéim chun críche in 2024; ba iad sin ná an N16 i Log an Tobair, an N60 i gCnoc na mBuachalán Theas agus an N73 in Áth na Cise. Tá an N15 i Mc Groary's Brae agus an N55 ón gCorr Dhubh go Coill an Dúin nach mór críochnaithe. Tá sé mar aidhm ceithre mhiontionscadal eile a chríochnú in 2025.

## Taisteal Gníomhach

Leanaimid orainn ag tacú le bonneagar taistil ghníomhaigh a sheachadadh amhail rotharbhealaí agus áiseanna taistil ghníomhaigh a bhaineann leis an NRN. Cuireadh 6.5km san iomlán d'áiseanna taistil ghníomhaigh scartha ar fáil faoi chlár BIÉ um Shábháilteacht Mionaoiseach. Ina theannta sin, cuireadh tús le foirgníocht i gcomhair ceithre thionscadal um thaisteal gníomhach, lenar áiríodh Taisteal Gníomhach Rinn an Scidígh ar an M28, an N71 i nGlaislinn, an N71 sa Ghallán, agus an N72 i bhFosadh, Cill Áirne.

Tugadh maoiniú do 44 thionscadal taistil ghníomhaigh atá ag an céimeanna éagsúla de sheachadadh. Sa Phlean don Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar, leagtar amach mar a thrasnófar an tír le 3,500 km de rotharbhealaí sábháilte, ardchaighdeáin agus tarraingteacha, lena nascfar breis is 200 cathair, baile agus sráidbhaile agus sroichfear suas le 2.8 milliún duine ar fud na tíre. Tá BIÉ freagrach as bainistíocht cláir i gcomhar le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara. Lenár ról féin cinntítear go ndéantar glasbhealaí, bonneagar bóithre, agus bealaí rothar eile atá ann cheana agus atá beartaithe a chomhtháthú chun iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus sláinte an phobail a fheabhsú.

Leanaimid orainn ag plé go gníomhach leis an Roinn Iompair agus le gníomhaireachtaí eile i dtaca le caighdeáin agus treoir theicniúil a fhorbairt agus a nuashonrú chun tionscadail taistil ghníomhaigh a sholáthar ar an NRN.

## Clár na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha

Rinneadh níos mó dul chun cinn suntasach maidir le Clár na nGlasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha, agus maoiniú tugtha do 79 Tionscadal Glasbhealaigh in 2024. Cuireadh 60km i gcrích agus osclaíodh don phobal iad agus tosófar ar 88km breise a thógáil in 2025.

Osclaíodh na codanna Glasbhealaigh seo a leanas go hoifigiúil in 2024:

- **Mainistir na Corann go Maigh Dhíle** – Osclaíodh 7 km i gcomhair úsáide ag an bpobal in 2023, rinneadh 10km eile a sheachadadh in 2024, agus osclaíodh go hoifigiúil an 17km san iomlán ar an 10 Deireadh Fómhair.

Chomh maith leis sin, osclaíodh na hoirdheisceartanna seo a leanas do úsáid phoiblí:

- **Maigh Dhíle go hEochaill –** 15 km
- **Sráidbhaile Ghob an Choire –** 1.4 km
- **An Liath Beag go Loch na Buaraí –** 1.35 km
- **Glasbhealach Thrá Lí go Lios Tuathail –** 0.3 km
- **Glasbhealach an Chlocháin go Sraith Salach –** 3km de bhóthar ciúin
- **Athailíniú Thóin re Gaoth san Aicill –** 0.3 km (ní dhearnadh oscailt oifigiúil)

## Feidhmíocht agus Torthaí in 2024.

Tá foirgníocht ar siúl ar an N5 ó Bhealach an Doirín go Scramóg agus ar thionscadal Sheachbhóthar Áth Dara. Meastar go gcríochnófar an dá thionscadal in 2027. Cuirfear tús le foirgníocht ar an N28 ó Chorcaigh-Rinn an Scidígh go luath i mbliana, ar feitheamh Fhormheas Gheata 3. Thug an Chomh-Aireacht formheas gheata 1 do Thionscadal an TEN-T i nDún na Gall i mí Iúil 2024, agus leis sin ceadaíodh an tionscadal mór seo a bhogadh ar aghaidh go formheas pleanála. Is é seo an chéad tionscadal Príomhbhóithre a rachaidh trí phróiseas an fhormheasa sheachtraigh de réir na dTreoirlínte ar Bhonneagar. An sprioc atá i gceist ná an tionscadal seo a chur isteach chun formheas pleanála a lorg in R3 2025.

Táimid ag súil leis na tionscadail seo a leanas a chur isteach chun formheas pleanála a lorg in 2025:

- An N3 (Seachbhóthar Achadh an Iúir)
- An N4 (Seachbhóthar Chora Droma Rúisc)
- Bóthar Faoisimh Mhala an N72/73
- An N21 (Seachbhóthar an Chaisleáin Nua)
- Tionscadail an N71 (Seachbhóthar Mhainistir na Féile)

Déanfar dul chun cinn le pleanáil i gcomhair na bPríomhbhóithre in 2025 chun tacú le méadú ar sheachadadh.

Osclaíodh na Mionscéimeanna seo a leanas do thrácht:

- An N16 (Log an Tobair)
- An N60 (Cnoc na mBuachalán Theas)
- An N73 (Áth na Cise)

Bhí dhá mhionscéim eile nach mór críochnaithe:

- An N15 (Mc Groary's Brae)
- An N55 (An Chorr Dhubh go Coill an Dúin)

Tá sé mar aidhm ceithre mhiontionscadal eile a thabhairt chun críche in 2025.




An N21 (Seachbhóthar Áth Dara)

# Táscairí Gréasáin 2024

## Achoimre ar Fheidhmíocht an M50

Is é an M50 an bóthar is mó a mbaintear úsáid as sa tír agus taistealaíonn chóir a bheith 150,000 feithicil ar stráicí éagsúla ar ghnáthlá.

## Achoimre ar Fheidhmíocht an N40

Taistealaíonn breis agus 80,000 feithicil ar stráicí éagsúla den N40 (Cuarbhóthar Theas Chorcaí) ar ghnáthlá.

**14,267**

An sruth san uair is airde, a taifeadadh ar stráice an N3-N2 idir 1pm agus 2pm ar an 8 Márta.

MÁRTA 08

**193,774**

An Sruth Laethúil Is Airde a taifeadadh ar an 08 M50 idir an N3 agus an N2.

**2,079**

Líon Iomlán na dTeagmhas, arbh Imbhuailtí Tráchta iad 676 ceann díobh.

**1.7 billiún**

km feithicle arna dtaisteal, ar méadú 2% é ar an mbliain 2023.

**8,530**

An sruth san uair is airde, a taifeadadh ar stráice Bhóthar Chionn tSáile-Dhúglais ó 4pm - 5pm ar an 3 Deireadh Fómhair.

BEALTAINE 30

**104,281**

An Sruth Laethúil Is Airde a taifeadadh ar stráice Bhóthar Chionn tSáile-Dhúglais.

**304**

Líon Iomlán na dTeagmhas, arbh Imbhuailtí Tráchta iad 99 ceann díobh.

**0.37 billiún**

Ciliméadar feithicle arna dtaisteal, ar méadú 5% é ar an mbliain 2023

# Seirbhísí Gairmiúla

Foilsíonn rannán na Seirbhísí Gairmiúla cáipéisí treorach agus cuireann siad tacaíocht theicniúil ar fáil do rannáin eile BIÉ, an méid seo a leanas ina measc:

1. Pleanáil Straitéiseach agus Iompair;
2. Seandálaíocht agus Oidhreacht;
3. Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil;
4. Caighdeáin agus Taighde; agus
5. Sábháilteacht ag BIÉ:
   - Sábháilteacht ar bhóithre;
   - Sláinte agus sábháilteacht tógála; agus
   - Sábháilteacht Iarnróid Éadroim..

## Pleanáil Straitéiseach agus Iompair

Déanann Pleanáil Straitéiseach agus Iompair monatóireacht ar fheidhmiú an ghréasáin bóithre agus iarnróid éadroim náisiúnta, déanann siad measúnú ar an éileamh a bheidh ar an ngréasán amach anseo, agus tugann siad faoi staidéir straitéiseacha.

I rith 2024, d'fhoilsíomar an Mheastóireacht Tionchair um Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha, an chéad mheastóireacht as sraith díobh i ndáil le tionchair seachbhóthar arna maoiniú ag BIÉ i sé bhaile agus shráidbhaile. Tugadh tuairisc sa staidéar ar thionchair an tseachbhóthair thar raon réimsí, a raibh ina measc modhanna mótair agus gníomhacha, an geilleagar áitiúil, inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht shóisialta, agus an timpeallacht áitiúil.

I gcomhar le Fáilte Éireann, d'fhoilsíomar deais agus léargais ó thionscadal na Meastachán um Shoghluaisteacht agus Luach Taobh Amuigh (MOVE). Tá sé mar aidhm le MOVE modheolaíocht a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar úsáid agus thionchar Ghlasbhealaí na hÉireann. Tá clár suirbhéanna agus comhaireamh idircheapa ar bun chun próifíl agus roghanna úsáideoirí glasbhealaí a thuiscint.

D'fhoilsíomar nuashonrú cuimsitheach ar ár dTreoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail (PAG) in 2024. Chuimsigh sé sin 12 aonad PAG a fhoilsiú, a bhí déanta suas de nuashonruithe ar an treoir reatha agus doiciméid nua, ar aon dul le Creat Breithmheasa Iompair de chuid DoT agus le Treoirlínte ar Bhonneagar. Rinneadh na nuashonruithe PAG a chomhordú le nósanna imeachta is deireanaí BIÉ um bainistíocht tionscadal agus measúnú timpeallachta. Cuimsíodh freisin nuashonruithe ar dhea-chleachtas agus teicnící, lenar áiríodh treoir maidir le tionscadail iompair ilmhodha a mheasúnú, tionscadail modha ghníomhaigh, agus astaíochtaí úsáideora agus tionchair charbóin a chuimsiú i bpróiseas an bhreithmheasa.

## Seandálaíocht agus Oidhreacht

Is é príomhchuspóir an rannáin um Sheandálaíocht agus Oidhreacht an tionchar a bhaineann le tionscadail agus cláir Bhonneagar Iompair Éireann a laghdú an oiread agus is féidir. Rinneamar bainistiú i rith 2024 ar sheandálaíocht, oidhreacht thógtha agus chultúrtha ar 245 scéim, lenar áiríodh scéimeanna bóithre náisiúnta, iompair phoiblí agus glasbhealaigh. I measc na n-oibreacha láithreáin bhí suirbhéanna oidhreachta tógtha agus pailéithimpeallachta, imscrúduithe agus tochailtí seandálaíochta, agus monatóireacht seandálaíochta ar ghníomhaíochtaí foirgníochta.

Foilsíodh Treoirlínte BIÉ um Measúnú ar an Tionchar Oidhreachta Cultúrtha i mí Feabhra agus tá feidhm acu anois maidir lenár gcuid tionscadal bóithre agus glasbhealaí náisiúnta go léir. Tugadh chun críche Tionscadal na Samhla Meaisínfhoghlama um Bhrath Uathúil Gnéithe Seandálaíochta in 2024 ag cuibhreannas taighde Éireannach agus Slóivéanach agus iad faoi

stiúir Chlár Discovery, an t-ionad Uile-Éireann um thaighde seandálaíochta agus oidhreachta. Ba é príomhthoradh an tionscadail sin uirlis bogearraí foinse oscailte atá ar fáil ar GitHub. Ó tugadh chun críche é, tá an tsamhail á cur i bhfeidhm anois ar gach tionscadal de chuid BIÉ.

Foilsíodh dhá leabhar in 2024; Places for the Living and Places for the Dead, Archaeological Discoveries on the N25 New Ross Bypass, agus Building on the Past: Archaeological Investigations on the N2/M2 Finglas to Ashbourne Road Project. Tá siad sin ar fáil i bhfoirm ePub agus PDF freisin.

Le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta 2024, ag ár Seimineár ‘Connections and Reflections’ in Acadamh Ríoga na hÉireann, labhair cainteoirí faoi oibreacha oidhreachta; tháinig na cainteoirí sin as Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Ros Comáin, Maigh Eo, Sligeach, Ciarraí agus Port Láirge. Freisin rinne seandálaithe BIÉ cur i láthair ag imeachtaí i gCorcaigh agus i nGaillimh. D’óstáil Ionad Cuairteoirí Ráth Cruachan i Ros Comáin léacht ar thionscadal an N5 ó Bhealach an Doirín - Scramóg. Freisin bhíomar inár gcomheagraitheoir le haghaidh Aonach na nDéise - Féile Oidhreacht na Lochlannach i mBaile na Coille. Ghlac breis is 1,300 duine páirt i gceann amháin nó níos mó dár gcuid imeachtaí le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta.

In 2025, cuirfimid le treoirlínte Lidar atá á bhfoilsiú ag Comhairle Sheandálaíochta na hEorpa (European Archaeological Council). Freisin tá sé ar intinn againn treoirlínte nuashonraithe a fhoilsiú maidir le Sampláil Pailéithimpeallachta a dhéanamh agus Torthaí obair BIÉ a Scaipeadh, chomh maith le treoirlínte nua ar shampláil C14.

## Beartas agus Comhlíonadh Comhshaoil

Tugann An Rannóg Beartais agus Comhlíonadh Comhshaoil tacaíocht theicniúil, dlí agus beartais d’fhoirne tionscadail atá i mbun Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí agus gréasáin Iarnróid Éadroim a phleanáil, a dhearadh, a thógáil agus a oibriú. Áirítear leis na réimsí comhshaoil a dtugtar aghaidh orthu athrú aeráide agus meastóireacht charbóin, bithéagsúlacht lena gcuimsítear éiceolaíocht, ullmhú agus cothabháil tírdhreacha, bainistíocht dramhaíola, cáilíocht aeir, torann agus creathadh, ithreacha agus geolaíocht, uisce dromchla agus screamhuisce agus draenáil.

Cinntíonn an Rannóg go gcomhlíonann BIÉ reachtaíocht agus beartais náisiúnta agus AE i leith an chomhshaoil. Cuireann sí chun cinn dea-chleachtas faoi láthair agus amach anseo maidir le tionscadail a dhearadh agus a chur i gcrích, trí athbhreithnithe tionscadail, taighde, forbairt caighdeán agus rannpháirtíocht i meithleacha oibre idirnáisiúnta. Freisin tugann sé faoi scagadh ar Mheasúnacht Chuí (AA) agus AA le haghaidh tionscadal agus clár bainistithe ag BIÉ. In 2024 foilsíodh na caighdeáin agus na doiciméid theicniúla seo a leanas a d’fhorbair an rannóg ar www.tiipublications.ie:

- Caighdeán nua ar Dhaonra agus Shláinte an Duine - Measúnú ar Bhóithre Náisiúnta Beartaithe.
- Doiciméad treorach nua ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Rotharbhealaí Tuaithe (As Líne & Glasbhealaí)
- Doiciméad treorach nua ar Fhachtóirí Ceartúcháin um Dhromchlaí Bóthair na hÉireann le haghaidh CNOSSOS-EU:2020 (samhail um astaíochtaí torainn ó thrácht ar bhóithre)
- Doiciméad Treorach nua maidir le Tírdhreach Bog a chur i bhfeidhm i mBaile agus i Sráidbhailte ar Bhóithre Náisiúnta
- Doiciméad Treorach Úsáideora nuashonraithe ar Uirlis Charbóin BIÉ le haghaidh Tionscadal Bóthair agus Iarnróid Éadroim.

## Caighdeáin agus Taighde

Coinnímid agus déanaimid nuashonrú rialta ar raon leathan caighdeán, treoirlínte agus cáipéisí teicniúla a bhaineann le pleanáil, dearadh, tógáil, cothabháil agus oibriú na mbóithre náisiúnta. Cuirtear ar fáil ar líne iad ar leathanach gréasáin Fhoilseacháin BIÉ. Foilsíodh 144 doiciméad teicniúil in 2024, lenar áiríodh 110 athbhreithniú agus 34 doiciméad nua.

Leanaimid orainn ag soláthar cúrsaí oiliúna ar chaighdeáin theicniúla d'innealtóirí bóthair. In 2024, chuireamar 15 imeacht ar fáil agus d'fhreastail 738 orthu. Tionóladh comhdháil bhliantúil BIÉ um Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí i mBaile Átha Luain i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus d'fhreastail níos mó ná 300 oifigeach Údaráis Áitiúil a bhí ag gabháil do thionscadail bóithre náisiúnta agus ghlasbhealaigh uirthi. Díríonn an ócáid sin ar fhoireann údarás áitiúil atá ag gabháil do thionscadail bóithre náisiúnta agus ar úsáideoirí eile ár gcaighdeán.

I gcomhréir le Straitéis Taighde BIÉ (2022-2026), déanaimid tionscadail a choimisiúnú chun dul i ngleic le riachtanais áirithe taighde. Leanamar ar aghaidh lenár gcomhoibriú leanúnach le Comhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa (CEDR) in 2024, rud a lig do BIÉ páirt a ghlacadh in go leor tionscadal comhoibritheach taighde. I gcaitheamh na bliana, bhí sé Chlár Taighde Trasnáisiúnta de chuid CEDR idir lámha, agus 11 bhall foirne ó BIÉ rannpháirteach iontu. Críochnaíodh seacht gcinn de na cláir sin.

## Sábháilteacht i BIÉ

Is ceann dár bpríomhchuspóirí straitéiseacha é feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre náisiúnta agus iarnróid éadroim, agus tús áite á thabhairt don tsábháilteacht ar fud réimse iomlán ghníomhaíochtaí BIÉ. Déanaimid athbhreithniú ar shábháilteacht ar fud ár mbonneagair bóithre agus iarnróid, chomh maith le tuairisciú ar shláinte agus sábháilteacht oibrithe agus conraitheoirí ar ár láithreáin tógála.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Cuireann BIÉ an Treoir ón AE maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú i bhfeidhm, a bhaineann le gach mótarbhealach agus príomhbhealach náisiúnta. I gcomhréir le Creat Beartais AE um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2021-2030, agus leis an mbeartas, Fís Nialais, tá sé mar aidhm againn líon na dtubaistí ar bhóithre náisiúnta a laghdú faoina leath faoin mbliain 2030.

In 2024, sholáthair muid maoiniú €20m le haghaidh scéimeanna feabhsúcháin um shábháilteacht ar bhóithre ar an ngréasán reatha bóithre, agus leithdháileadh thart ar €18m do ghréasáin carrbhealaigh aonair agus €1m do ghréasán na mótarbhealaí.

Tharla 172 bás san iomlán ar bhóithre in 2024, ba ionann sin agus laghdú d'ocht ó 2023. Astu siúd, tharla 70 ar bhóithre náisiúnta. Cé gur tháinig ardú de 10 ar líon na mbásanna in 2024 i gcomparáid le 2023, tharla an méadú sin mar thoradh ar dhá imbhualadh mharfacha bhreise (60 imbhualadh marfach in 2024 i gcomparáid le 58 in 2023). Tugadh tuairisc ar ghortú marfach amháin breise ar mhótarbhealaí. Tháinig méadú de 12 ar líon na mbásanna ar phríomhbhóithre náisiúnta, agus tháinig laghdú de thrí ar líon na mbásanna ar bhóithre den dara grád.

In 2024, tháinig laghdú beag ar líon na mbásanna i measc coisithe ar bhóithre náisiúnta, agus 12 theagmhas san iomlán tarlaithe, b'ionann sin agus laghdú ó 13 sa bhliain roimhe. D'fhan líon na mbásanna ar rothar mar an gcéanna le 2023, agus tuairisc tugtha ar aon chás amháin. Tharla 56 bás san iomlán ar chodanna de charrbhealach neamhroinnte, tharla 11 bhás ar bhóithre uirbeacha, agus tharla 14 bhás ar chodanna de charrbhealach deighilte.

Cuireadh 11 ghníomhaíocht í gcrích laistigh de Chéim 1 den Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre de chuid an Rialtais in 2021-2024. Tá gníomhaíocht amháin le bheith tugtha chun críche in 2025.

## Sláinte agus Sábháilteacht Tógála

Leanaimid orainn ag déanamh cigireachtaí sábháilteachta rialta chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht sábháilteachta na dtionscadal agus tuairiscímid ar chomhlíonadh an dea-chleachtais i ndáil le sláinte agus sábháilteacht ghairme agus tógála. Déantar Timpistí is Cúis le hAga Díomhaoin (LTAnna), Teagmhais Chontúirteacha agus Neastimpistí

intuairiscithe a thuairisciú ó gach tionscadal tógála BIÉ um Mórbhóithre agus Iarnród Éadrom agus Conarthaí Cothabhála agus Athnuachana Mótarbhealaí (MMaRCanna).

Tháinig méadú suntasach ar fheidhmíocht sábháilteachta in 2024. I gcás Mórthionscadal Tógála, tugadh tuairisc ar díreach aon LTA amháin, Teagmhas Contúirteach amháin, agus trí Neastimpiste. Le haghaidh MmaRCanna, tharla dhá LTA, Teagmhas Contúirteach amháin, agus 28 Neastimpiste. Is ionann sin agus laghdú suntasach ar líon na dteagmhas i gcomparáid leis an mbliain roimhe, nuair a tharla 46 Neastimpiste. Léirítear leis na torthaí sin ár ngealltanas leanúnach chun caighdeáin sábháilteachta a fheabhsú ar fud ár gcuid tionscadal go léir.

## Sábháilteacht Iarnróid Éadroim

Déanaimid faireachán leanúnach ar fheidhmíocht sábháilteachta chóras Luas agus déanaimid anailís mhíosúil ar theagmhais agus ar thimpistí chun treochtaí agus saincheisteanna sábháilteachta atá ag teacht chun cinn a shainaithint. Tuairiscímid an méid a fhaighimid amach don bhord.

Níor tuairiscíodh bás ar bith ar ghréasán Luas in 2024. Tharla dhá imbhualadh tráchta bóthair. Ba éard ba chúis leo araon gluaisteánaithe ag déanamh faillí i solas dearg. Tharla teagmháil intuairiscithe amháin idir coisí agus tram. Tharla trí theagmháil intuairiscithe idir tram agus rothaí, teagmháil amháin idir scútar agus tram, agus teagmháil amháin idir gluaisrothaí agus tram. Tharla 12 ghortú de thoradh thimpistí Luas in 2024.

Ritheadh scata feachtais sábháilteachta i gcaitheamh na bliana d’fhonn feasacht a mhúscailt ar thábhacht na sábháilteachta ar chóras Luas agus timpeall air.

## Feidhmíocht agus Torthaí in 2024

- Foilsíodh 144 doiciméad teicniúil ar chaighdeáin nua ar Fhoilseacháin BIÉ.
- Foilsíodh an Mheastóireacht Tionchair do Sheachbhóthar Mhaigh Chromtha.
- Eagraíodh agus reáchtáladh an chomhdháil Airéine Taighde Iompair, thar ceann na Roinne Iompair, i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2024.
- Foilsíodh deais agus léargais ó Thionchar na Meastachán um Shoghluaisteacht agus Luach Taobh Amuigh (MOVE).
- Foilsíodh nuashonrú ar ár dTreoirlínte um Bhreithmheas ar Thionscadail ar aon dul leis na Treoirlínte leis an gCreat Measúnaithe Iompair agus leis na Creat-Threoirlínte ar Bhonneagar.
- Foilsíodh na Treoirlínte um Measúnú ar an Tionchar Oidhreachta Cultúrtha maidir lenár gcuid tionscadal bóithre agus glasbhealaí náisiúnta go léir.
- Coinníodh creidiúnú ISO 45001 do Chóras Bainistíochta Sábháilteachta BIÉ.
- Tuairiscíodh ar ghníomhartha BIÉ faoi Chéim a hAon den Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre (2021-2030).


Glasbhealach na Canálach Móire, Uíbh Fhailí

# Seirbhísí Rialála agus Corparáideacha

## Pleanáil Úsáide Talún

Mar chomhlacht forordaithe i ndáil le húsáid talún, tá freagracht orainn as pleanáil faoi Chuid 22 d'Acht na mBóithre, 1993. Áirítear leis sin cur le cáipéisí náisiúnta agus réigiúnacha maidir le húsáid talún agus beartas iompair, Criosanna Forbartha Straitéisí, forbairt údaráis áitiúil, agus pleananna limistéir áitiúil.

Tá stádas mar chomhairlí reachtúil le haghaidh bainistíocht forbartha ag BIÉ faoi Airteagal 28 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, arna leasú. Déanann an Rannán um Pleanáil Úsáide Talún comhordú agus bainistiú ar ár bhfreagairt ar iarratais phleanála le hionchur ó chomhghleacaithe. Ina theannta sin, faighimid agus déanaimid measúnú ar thograí iarratais pleanála faoi ailt eile de na hAchtanna Pleanála amhail Forbairt Straitéiseach Bhonneagair, Forbairtí Stáit agus Údaráis Áitiúla, agus ceadúnú comharthaíochta.

Tugann an Rannán freagra freisin ar iarrataí ón mBord Pleanála ar iarratais ar achomharc a éilíonn ionchur ó iarratais scóipe BIÉ, EIS agus SEA, agus atreoruithe réamhphleanála ó údaráis áitiúla.

## Saoráil Faisnéise

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine, faoi réir díolúintí áirithe a shonraítear san Acht:

- An ceart teacht ar thaifid oifigiúla atá á gcoimeád ag Ranna Rialtais agus gach comhlacht poiblí a chomhlíonann forálacha alt 6 den Acht;
- An ceart go gceartófaí nó go nuashonrófaí faisnéis phearsanta fúthu atá á coimeád, sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- An ceart go dtabharfaí dóibh cúiseanna leis na cinntí a dhéanann comhlachtaí poiblí a dhéanann difear dóibh.

Ón mbliain 2016 ar aghaidh, tá sonraí faoi iarrataí ar Shaoráil Faisnéise a fhaightear le haghaidh faisnéis neamhphearsanta á bhfoilsiú ag BIÉ i Loga Nochta um Shaoráil Faisnéise, i gcomhréir le riachtanais an Chóid Cleachtais um Shaoráil Faisnéise do Chomhlachtaí Poiblí de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe. Féadtar féachaint ar an Loga Nochta ar an mír um shaoráil faisnéise ar ár suíomh gréasáin. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (foi@tii.ie) ar fáil chun freastal ar iarrataí ar shaoráil faisnéise.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tugtar cearta dlíthiúla dóibh siúd a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol), 2007-2018. De réir na Rialachán, ní mór faisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol atá á coimeád ag údarás poiblí, nó atá á coimeád d'údarás poiblí, a chur ar fáil d'aon duine má iarrtar í, faoi réir eisceachtaí áirithe. Tá seoladh

ríomhphoist tiomnaithe (aie@tii.ie) ar fáil chun freastal ar iarrataí de réir na Rialachán.

## Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid

Faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Sonraí Oscailte agus Faisnéis ón Earnáil Phoiblí a Athúsáid), 2021, ceanglaítear ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí athúsáid na mórchoda d’fhaisnéis na hearnála poiblí a éascú. Áirítear le hathúsáid cóipeáil, mionathrú, aistriú, oiriúnú agus dáileadh. Le linn 2024, lean BIÉ ar aghaidh ag cur leis an bhfaisnéis a chuirimid ar fáil go héasca lena hathúsáid ar thairseach Shonraí Oscailte an Rialtais ag Data.gov.ie.

## Teangacha Oifigiúla

Le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, féachtar le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn chun críoch oifigiúil sa Stát trí chainníocht agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú. Leagtar ceanglais shonracha san Acht, agus sna Rialacháin a rinneadh faoin Acht, ar chomhlachtaí poiblí, BIÉ ina measc, maidir le húsáid na Gaeilge; mar shampla, trí chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt, an Ghaeilge a úsáid ar pháipéarachas agus ar chomharthaí agus cáipéisí áirithe a fhoilsiú go dátheangach.

Éilítear le hAlt 11 den Acht ar chomhlachtaí poiblí scéim a ullmhú ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh an comhlacht poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus sa dá theanga. In 2020, cheadaigh an tAire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, scéim reatha BIÉ, agus tá sí foilsithe i rannán na dTeangacha Oifigiúla dár suíomh gréasáin.

De réir Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, foilseoidh an Roinn Caighdeáin Teanga a thiocfaidh i ndiaidh Scéimeanna Teanga. Meastar go n-eiseofar iad siúd in 2025, tar éis go ndéanfar comhairliúchán poiblí.

## Cosaint Sonraí

Chruthaigh tosach feidhme an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, agus cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), le linn 2018, creat dlíthiúil a chuir feabhas suntasach ar chearta cosanta sonraí le haghaidh daoine aonair agus neartaigh sé na freagrachtaí atá ar eagraíochtaí i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In 2024, lean BIÉ le beartais, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt a bhfuil sé mar aidhm leo feasacht foirne ar oibleagáidí cosanta sonraí a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil ceanglais na reachtaíochta cosanta sonraí á gcomhlíonadh ag BIÉ. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (dataprotection@tii.ie) cruthaithe chun iarratais maidir le cosaint sonraí a éascú.



An N26, Cluain Gallán, Maigh Eo

## Inrochtaineacht

Tacaíonn BIÉ le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), a dhaingnigh Éire in 2018, a bhfuil sé mar chuspóir aige tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú. Tá BIÉ tiomanta a áirithiú go mbíonn ár seirbhísí, bonneagar, áitribh agus faisnéis iomlán inrochtana agus go bhfaigheann ár bhfoireann oiliúint feasachta chuí maidir le hinrochtaineacht. Cuireadh Coiste Inrochtaineachta trasearnála ar bun chun a áirithiú go gcomhlíontar an tAcht um Míchumas, 2005.

Féachann an Coiste lena áirithiú, a mhéid is féidir, go mbíonn fáil ar gach beart agus áis chuí ag custaiméirí agus ag an bhfoireann atá faoi mhíchumas. I gcomhréir leis an Acht um Míchumas, rinne BIÉ Oifigeach Rochtana a cheapadh atá freagrach as cuidiú le custaiméirí atá faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí agus ar fhoilseacháin arna soláthar ag BIÉ agus as gníomhú mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo rochtain a fháil ar na seirbhísí sin. Tá tuilleadh eolais ar fáil maidir le beartas inrochtaineachta BIÉ ar an leathanach Inrochtaineachta dár suíomh gréasáin mar aon le sonraí teagmhála dár nOifigeach Rochtana.

Le linn 2024, lean muid de bheith rannpháirteach i gCoiste Comhairliúcháin Inrochtaineachta (CCI) na Roinne Iompair. Tugann CCI le chéile oifigigh ón Roinn, gníomhaireachtaí ábhartha, ionadaithe ó eagraíochtaí míchumais agus comhaltaí de chuid an Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais (DSG).

## Seirbhís do Chustaiméirí

Is cuid lárnach de ghníomhaíochtaí BIÉ seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí, agus déanaimid iarracht ar bhonn leanúnach ár gcleachtas gnó a fheabhsú chun na caighdeáin is airde a chur ar fáil agus muid ag plé le custaiméirí. Leagtar amach conas a léiríonn BIÉ meas ar a ghealltanais chun seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar agus conas a dhéanann sé monatóireacht ar fheidhmíocht i gCairt Chustaiméirí agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí BIÉ, 2024–2027, atá ar fáil ar an leathanach, Seirbhís do Chustaiméirí, ar ár suíomh gréasáin. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (customerservice@tii.ie) ar fáil chun freastal ar ghearáin maidir le seirbhís do chustaiméirí a éascú do chustaiméirí a bhraitheann go mb’fhéidir nár caitheadh go leordhóthanach, go cúirtéiseach, nó go cothrom leo agus iad ag plé le foireann BIÉ.

## Teicneolaíocht Faisnéise (TF)

Tá an rannóg TF freagrach as Seirbhísí Corparáideacha TF in BIÉ. Áirítear leis seo forbairt agus tacaíocht do bhonneagar corparáideach TF, an líonra inmheánach TF agus seirbhísí Néalbhunaithe san áireamh. Tacaíonn an fhoireann le crua-earraí agus le bogearraí le haghaidh suas le 430 úsáideoir ar chórais inmheánacha TF, agus le haghaidh na gcéadta aoi-úsáideoir seachtrach a mbíonn teacht acu ar chuid d’fheidhmchláir agus sonraí BIÉ.

Tá an fhoireann freagrach freisin as rialuithe slándála a chur i bhfeidhm maidir le húsáid córas TF agus as monatóireacht a dhéanamh orthu, agus oibríonn siad go dlúth leis an Oifigeach

Slándála Faisnéise. Áirítear bainistiú agus tástáil ar phleananna athshlánaithe TF sa réimse oibre seo freisin. Tá an Rannóg TF freagrach as an tacaíocht do bhreis agus 50 feidhmchlár gnó atá in úsáid ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear córais innealtóireachta, airgeadais agus acmhainní daonna.

Tá feidhm inmheánach Forbartha Córas ag an Rannóg TF atá freagrach as 15 fheidhmchlár réim gnó saincheaptha a fheabhsú agus chothabháil. Oibríonn an fhoireann in éineacht leis an ngnó chun riachtanais a shainaithint agus chun feidhmchláir a fhorbairt. Cuireann sí seirbhísí innealtóireachta sonraí ar fáil don eagraíocht freisin maidir le roinnt sonraí a fhorbairt, comhéadain feidhmchláir chuig sonraí agus uathphróiseáil sonraí.

Ar na taisc a chuir an rannóg TF i gcrích i 2024, bhí:

- Ionduchtú 500 ball breise den fhoireann MetroLink ar chroí-chórais TF BIÉ;
- Athsholáthar agus uasghrádú ar Wi-Fi BIÉ chun tacú le líon méadaithe na mball foirne;
- Uasghrádú ar gach deasc le trealamh TF nua, mar chuid d’fheistiú foirgneamh agus chun tacú leis an aistriú chuig spásanna oibre roinnte is féidir a chur in áirithe;
- Córas agus seirbhísí nua um monatóireacht agus foláirimh slándála a chur i bhfeidhm;
- Tuilleadh dul chun cinn déanta maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm na gcóras um fheidhmchláir ghnó agus na feabhsúcháin orthu, lenar cuimsíodh nuashonruithe ar an gCóras Iniúchtaí Sábháilteachta ar Bhóithre, agus ar Shuíomh Gréasáin Foilseachán BIÉ, agus uathoibriú aistriú sonraí le páirtithe seachtracha;
- Cuireadh i bhfeidhm an straitéis Cloud First trí aistriú go néal-chórais nua um Monatóireacht Gréasáin, Roinnt Comhad, Bainistíocht Wi-Fi, agus fíordheimhniú córais;
- Rialuithe Slándála TF méadaithe a chur i bhfeidhm trí aghaidh a thabhairt ar na moltaí eile i dtreo Bunchaighdeáin Slándála don Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh.




Tollán an M50

# Ráiteas Rialachais BIÉ agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## An Bord



### An tUasal Gareth Llewellyn (Cathaoirleach)

Ceapadh Gareth mar Chathaoirleach ainmnithe ar BIÉ i mí na Samhna 2021 (arna cheadú i mí Eanáir 2022) i ndiaidh dó dul ar scor ón ról a bhí aige mar Príomhfheidhmeannach ar DVSA, ciste trádála rialtais na Ríochta Aontaithe a sholáthraíonn seirbhísí do bhreis agus 40 milliún custaiméir. Roimhe seo bhí róil feidhmiúcháin aige le National Grid plc agus Anglo American plc agus bhí sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Network Rail agus freagracht air as saincheisteanna sábháilteachta, teicniúla agus innealtóireachta. Mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, chuir sé an chuideachta bhainistíochta dramhaíola Biffa plc ar an stocmhalartán agus bhunaigh sé Gníomhaireacht Bhreoslaí In-Athnuaite na Roinne Iompair. Chuaigh Gareth ar scor óna ról mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Údarás Harwich Haven i mí na Nollag 2021, a sholáthraíonn píolótaí do na longa coimeádán is mó ar domhan a bhíonn ag teacht agus ag imeacht ó Felixstowe. Is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é freisin ar Sage Housing atá, le tacaíocht ó Blackstone, ar an soláthraí is mó de thithíocht shóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán sa Ríocht Aontaithe.

Ba chomhalta é Gareth ag Institiúid Cambridge um Cheannaireacht Inbhuanaitheachta agus in 2005 iarradh air labhairt ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar chearta daonna agus gnó.



### An tUasal Peter Walsh (POF)

Is Innealtóir Sibhialta Cairte é Peter Walsh a bhfuil breis agus 40 bliain de thaithí aige.  Sula ndeachaigh sé isteach in NRA in 2000, d'oibrigh sé le haghaidh conraitheoir tógála agus mar innealtóir comhairleach, ach ba é a bhí i gceist go príomha bóithre a thógáil d'Údaráis Áitiúla.  D'oibrigh sé ar chur i gcrích an ghréasáin mótarbhealaí go dtí 2015, tráth a ndearnadh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród a chumasc chun BIÉ a bhunú.

Chuaigh sé i mbun oibre mar Stiúrthóir Bainistíochta Chlár Caipitiúil in BIÉ nuabhunaithe. Sa phost sin bhí sé ag plé le hIarnród Éadrom, tionscadail chaipitil Meitreo, mar aon le tionscadail bhóithre náisiúnta. Ceapadh Peter Walsh mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar BIÉ ar an 1 Deireadh Fómhair 2020.



## An tUasal Aebhric Mc Gibney

Oibríonn Aebhric Mc Gibney (M.Litt (Eacnamaíocht), MBA C Dir), mar Stiúrthóir Gnóthaí Poiblí agus Idirnáisiúnta le Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Is Stiúrthóir Cairte é agus roimhe seo bhí sé mar chomhalta ar Bhord Chóras Iompair Éireann, agus é i mbun cathaoirleachta ar a Choiste Airgeadais agus Réadmhaoine. Roimhe seo, bhí sé ag obair mar léachtóir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar chomhairleoir eacnamaíoch in Fitzpatrick Associates agus mar Eacnamaí Sinsearach in IBEC.



## Mary O'Donovan Uasal

Is Stiúrthóir Cairte í Mary O'Donovan (B.E. Elec, MBA C. Dir) a bhfuil taithí Bhoird aici sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus carthanacha. Bhí sí ina comhalta de Bhord na dTionóntachtaí Cónaithe agus bhí sí ina Comhalta Boird de chuid An Post. Tá breis agus 30 bliain de thaithí aici mar chomhairleoir agus mar fheidhmeannach sinsearach agus bhí róil shinsearacha aici, lena n-áirítear Stiúrthóir Seirbhísí do Chustaiméirí, Príomhoifigeach Faisnéise, Príomhoifigeach Oibríochtaí agus Bainisteoir Ginearálta sna hearnálacha Teileachumarsáide agus BPO.



## Patricia O'Shea Uasal

Is dlíodóir corparáideach í Patricia O'Shea, atá cáilithe chun cleachtadh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag agus a bhfuil taithí de bhreis agus 30 bliain aici, san earnáil TF agus san earnáil eitlíochta go príomha. Bhí sí ag obair ar feadh roinnt blianta in IBM, áit a raibh róil éagsúla aici mar Ard-Abhcóide, Rúnaí Cuideachta agus Stiúrthóir. Tá sí ina Ceann Grúpa ar Chúrsaí Dlí agus Rúnaíochta in daa plc, ról a chuimsíonn oibríochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta na cuideachta. Bhí sí ar Bhord Feidhmiúcháin an Ospidéil Náisiúnta Mháithreachais ar feadh na mblianta fada. Comhalta í ar Bhord Comhairleach Asia Matters.



## An tUasal Aidan Skelly

Iar-Phríomhoifigeach Airgeadais EirGrid plc é Aidan Skelly. Sular thosaigh sé ag obair do EirGrid bhí roinnt poist shinsearacha airgeadais agus tráchtála aige in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is Cuntasóir Cairte é a bhfuil B.Comm bainte amach aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus MBS sa Cheannaireacht Chorparáideach ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is stiúrthóir é freisin ar AirNav Ireland agus ar an gComhlacht Ceadaithe Tithíochta, Respond.



## An Dr Damien Ó Tuama

Is taighdeoir soghluaisteachta é Damien Ó Tuama a bhfuil taithí de bhreis agus 20 bliain aige san earnáil phríobháideach. Chuir sé a thaighde dochtúireachta ar chúrsaí aistrithe i dtaca le córais soghluaisteachta i gcrích in 2015 (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus tá sé ina Mheastóir agus ina Chomhalta anois den Choiste Stiúrtha le haghaidh tionscadail taighde faoi Ghlao Bliantúil Chlár Taighde GCC faoi cholúin na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta.

Tá sé ina Chomhordaitheoir Náisiúnta Rothaíochta d'Fheachtas Rothaíochta na hÉireann agus An Taisce. Bhí sé ina chomhalta boird le Cónaidhm Rothaithe na hEorpa idir 2016 agus 2021.



## An tUasal Desmond Kenny

Tá breis agus 35 bliain caite ag Des Kenny ag obair in earnáil an mhíchumais in Éirinn, idir obair ghairmiúil agus dheonach araon agus é ag feachtasaíocht ar son cearta do dhaoine faoi mhíchumas agus ionchuimsitheachta sa saol agus i seirbhísí príomhshrutha. D'fhóin sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) go dtí go ndeachaigh sé ar scor. Chuir Des le ceapadh beartais san earnáil agus d'fhóin sé ar roinnt bord reachtúil, lena n-áirítear dhá théarma ceithre bliana ar an Údarás Náisiúnta Míchumais. Tá MBA bainte amach aige, chomh maith le MSc Eacnamaíochta i mBainistíocht Cúraim Sláinte.



## Colette Byrne Uasal

Iar-Phríomhfheidhmeannach í Colette Byrne ar Chomhairle Contae Chill Chainnigh, roimhe sin bhí sí mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.   Tá breis agus 40 bliain caite ag Colette san Earnáil Phoiblí, agus chaith sí breis agus 20 bliain ag obair ar leibhéal Bainistíochta Sinsearaí, agus tá MA aici i mBainistíocht na hEarnála Poiblí. Chuaigh Colette Byrne isteach i mBord BIÉ in Eanáir 2021.



## An tUasal Michael Wall

Is abhcóide é Michael Wall a bhfuil saineolas aige sa dlí pleanála, comhshaoil agus tógála. Is comhalta é ar Bhord na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) is iarchomhalta é de chuid bhoird an Bhoird Pleanála agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). D'obair sé mar ailtire i gcleachtas príobháideach agus sa bhainistíocht tionscadail, is comhalta é le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann agus is comhalta é de chuid Institiúid Pleanála na hÉireann. Tá MBA ag an Uasal Wall ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus céimeanna aige san ailtireacht, sa phleanáil agus sa dlí. Is Cathaoirleach é ar Chumann Seoirseach na hÉireann agus is comhalta boird é de chuid Amharclann na Mainistreach agus Ospidéal Simpson.



## Sadhbh O Neill Uasal

Comhairleoir sinsearach aeráide is ea í Sadhbh O Neill do Chairde na Cruinne, Éire, is príomhanailísí í i dtaca le beartais aeráide na hÉireann agus is gníomhaí comhshaoil í. Tá céim MA bainte amach aici san Fhealsúnacht agus Gnóthaí Pobail (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath), agus céim BA i Litríocht an Bhéarla agus Fealsúnacht (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath) agus is iarrthóir PhD í i Scoil na Polaitíochta agus an Chaidrimh Idirnáisiúnta de chuid Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath áit a bhfuil sí ag déanamh taighde ar eitic aeráide agus trádáil charbóin. Chomh maith lena a bheith ag obair go páirtaimseartha do Chairde na Cruinne, oibríonn sí go páirtaimseartha in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus in Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar léachtóir polaitíochta agus dlí aeráide agus scríobhann sí ar bhonn rialta ar leathanaigh eolaíochta agus tuairimíochta an Irish Times. Sna 1990í bhí sí mar bhall, ar feadh 5 bliana, de Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath.



## Annmarie Farrelly Uasal

Is Príomhfheidhmeannach í AnnMarie Farrelly ar Chomhairle Contae Fhine Gall. Is as an gCorr Dhubh i gcontae Muineacháin ó dhúchas í, bhí sí ag obair i gComhairle Contae Bhaile Átha Cliath sula ndeachaigh sí isteach i gComhairle Contae Fhine Gall nuair a bunaíodh í i 1994. Sular ceapadh í mar Príomhfheidhmeannach, bhí sí ina Stiúrthóir Pleanála agus Bonneagar Straitéiseach ó 2015 go 2019 agus roimhe sin ba Stiúrthóir Tithíochta agus Pobail í ar Chomhairle Contae Fhine Gall ó 2011 go 2015.



Luas, An Líne Uaine, Iosta Dhroichead Broome

# An Fhoireann Feidhmiúcháin



## Rachel Cahill, Stiúrthóir

**Ceannasaí na hOifige Feidhmiúcháin agus Inbhuanaitheachta**

Tá Rachel ina Ceannasaí ar Phríomhoifig Fheidhmiúcháin BIÉ agus freagracht uirthi as Straitéis Inbhuanaitheachta BIÉ a threorú. Is cuntasóir cairte í a bhfuil taithí de bhreis agus 25 bliain aici ag obair i dtimpeallachtaí casta dúshlánacha airgeadais agus oibríochtúla, lena n-áirítear an earnáil iompair agus soghluaisteachta le 15 bliana anuas. Sula ndeachaigh sí isteach in BIÉ, chaith Rachel 10 mbliana ag obair sa tionscal baincéireachta i róil oibríochtúla agus i róil airgeadais, ar aon.



## Pat Maher, Stiúrthóir

**Bainistíocht Gréasáin**

Tá Pat Maher ina Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin ar BIÉ. Is innealtóir cairte é agus tá céimeanna Máistreachta bainte amach aige san innealtóireacht shibhialta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ó Ollscoil Calgary, Ceanada. Chuaigh sé isteach in NRA in 1999 i ndiaidh dó a bheith ag obair do ghnólachtaí innealtóireachta comhairleoireachta sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta Gréasáin ar BIÉ nuair a rinneadh an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta a chumasc.



## Nigel O'Neill, Stiúrthóir

**An Clár Caipitil**

Is é Nigel O'Neill Stiúrthóir Chlár Caipitil BIÉ. Tá céimeanna BSc agus MSc san innealtóireacht ag Nigel agus is Innealtóir Cairte é agus tá sé ina bhall d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.

Tá 34 bliain de thaithí ag Nigel sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí lena n áirítear innealtóireacht shibhialta, bainistíocht tionscadal, soláthar poiblí, pleanáil straitéiseach iompair, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP), oibríochtaí dola agus oibríochtaí iarnróid éadroim.



## Cathal Masterson, Stiúrthóir

**Oibríochtaí Tráchtála**

Is Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála le haghaidh BIÉ é Cathal Masterson. Is innealtóir sibhialta cairte é Cathal a bhfuil céim san innealtóireacht shibhialta agus MSc i mbainistíocht tionscadal aige. Tá cuntas teiste láidir aige i mbainistíocht oibríochtaí iompair agus soghluaisteachta agus i dtionscnaimh bainistíochta athraithe a thiomáint. Sular thosaigh sé de bheith ag obair san earnáil phoiblí i 2008, d'obair Cathal le gnólachtaí comhairleoireachta maidir le tionscadail éagsúla iompair do chliaint san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach.



## Tony Redmond, Stiúrthóir

**Seirbhísí Corparáideacha**

Tá Tony Redmond ina Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha do BIÉ. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí Soláthair.  Is cuntasóir bainistíochta cairte é a bhfuil céim MBS i Soláthar Straitéiseach aige ó OCBÁC agus Dioplóma i mBainistíocht Claochlaithe Dhigitigh ó UCD. Sula ndeachaigh sé leis an earnáil phoiblí i 2002, d'obair Tony sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe go príomha i dtionscal na n-aerlínte. Cuireann an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Corparáideacha saineolas ar fáil i soláthar, i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, i bpleanáil úsáide talún agus i rialáil chun tacú le seachadadh thionscadail agus oibríochtaí BIÉ.



## Audrey Keogh, Stiúrthóir

**Seirbhísí Gnó**

Is í Audrey Keogh Stiúrthóir Seirbhísí Gnó BIÉ. Is Comhalta í d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus tá breis agus 25 bliain de thaithí aici i róil Airgeadais san earnáil phoiblí, sa chleachtas agus sa tionscal. Cuireann an Stiúrthóireacht seo saineolas ar fáil i réimsí na nAcmhainní Daonna, próiseála agus tuairiscithe airgeadais, Rialachais agus Dlí, mar aon le Talamh agus Maoin.



## Helen Hughes, Stiúrthóir

**Seirbhísí Gairmiúla**

Is í Helen Hughes Stiúrthóir na Seirbhísí Gairmiúla. Soláthraíonn an Rannán seo comhairle theicniúil agus sábháilteachta mar shaineolaí agus forbraíonn sé caighdeáin chun tacú le seachadadh agus oibríochtaí líonraí bóithre náisiúnta, Glasbhealaí agus iarnróid éadroim de chuid BIÉ. Tá breis agus 30 bliain de thaithí aici i bpleanáil iompair, i ndearadh, i measúnú tionscadal agus i mbainistíocht tionscadal agus d'oibrigh sí sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus sa Fhrainc san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon. Tá taithí aici freisin maidir le straitéisí, beartais, caighdeáin a fhorbairt mar aon le taighde a dhéanamh. Is Innealtóir Cairte í agus tá Baitsiléir san Innealtóireacht Shibhialta agus Dioplóma sa Bhainistíocht Tionscadal bainte amach aici.





## Sean O'Neill, Stiúrthóirr

**Cumarsáid Chorparáideach**

Seán Ó Néill, Stiúrthóir Cumarsáide Corparáidí Is é Seán Ó Néill Stiúrthóir Cumarsáide Corparáidí BIÉ. Tá breis agus 20 bliain caite aige ag obair mar ghairmí cumarsáide trasna réimse éagsúil earnálacha gnó, ón mbith theicneolaíocht go mórthionscadail bhonneagair. Chuaigh sé isteach san Údarás um Bóithre Náisiúnta in 2005 mar Cheannasaí Cumarsáide. Is comhalta é Seán d'Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí agus tá Máistreacht i mBainistíocht Cumarsáide aige.



## Dr. Sean Sweeney

**Stiúrthóir Cláir MetroLink**

Is innealtóir é Sean Sweeney a bhfuil PhD aige san eacnamaíocht foirgníochta ó Ollscoil Melbourne. Tar éis dó céim san innealtóireacht a bhaint amach ó Ollscoil Auckland, chaith an Dr Sweeney seacht mbliana ag obair ar fhorbairt Ard-Mhúsaem Náisiúnta na Nua-Shéalainne - "Te Papa" in Wellington sula ndeachaigh sé thar lear chun obair sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip agus ansin socrú síos san Astráil.

San Astráil, chuir sé clár mór bonneagair phoiblí i gcrích in Victoria agus bhí gnólacht tógála den scoth san Astráil faoina stiúir. Níos déanaí fós, bhunaigh agus chuir sé clár foirgníochta príosúin $2.5bn i bhfeidhm do New South Wales.

Sular tháinig sé go Baile Átha Cliath, bhí Seán ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar City Rail Link Ltd, an chuideachta a raibh an cúram uirthi an chéad mheitreo faoi thalamh sa Nua-Shéalainn a sheachadadh in Auckland, arbh é an tionscadal bonneagair is mó riamh sa Nua-Shéalainn é.



## Sandra McCarthy, Ceannasaí Rialachais & Dlí

**Rúnaí an Bhoird**

Is Ceannasaí Rialachais & Dlí agus Rúnaí an Bhoird ag BIÉ í Sandra McCarthy. Is aturnae cáilithe í agus chuaigh sí le BIÉ in 2017 mar Dhlíodóir Maoine inmheánach, ag bainistiú gach saincheist dlí maoine do BIÉ. Ceapadh Sandra mar Cheannasaí Rialachais agus Dlí in 2024, agus tá maoirseacht á déanamh aici ar sholáthar seirbhísí dlí do BIÉ agus ar nithe a bhaineann le rialachas corparáideach.

Tá céim onóracha ag Sandra sa Dlí & Staidéar Eorpach agus Dioplóma Ardleibhéil sa Dlí Pleanála & Comhshaoil. Tá cead aici an dlí a chleachtadh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag freisin.



## Edel McCormack, Ceannasaí Rialachais & Dlí

**Rúnaí an Bhoird (Ag dul as oifig)**

Bhí Edel McCormack ina Ceannasaí Rialachais agus Dlí ag BIÉ agus ina Rúnaí ar an mBord go dtí gur éirigh sí as an 2 Bealtaine 2024. Is Aturnae cáilithe í agus thosaigh sí ag obair leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid (RPA) in 2013 mar Dhlíodóir Réadmhaoine inmheánach, agus bhí an uile shaincheist dlí réadmhaoine á mbainistiú aici le haghaidh an RPA. Ceapadh Edel mar Cheannasaí Rialachais agus Dlí in 2015, agus tá maoirseacht á déanamh aici ar sholáthar seirbhísí dlí do BIÉ agus ar nithe a bhaineann le rialachas corparáideach.

Tá céim sa Dlí Sibhialta, Máistreacht i nDlí na hEorpa, Máistreacht in Eitic (Freagracht Chorparáideach) agus Dioplómaí in Eadránú agus Caidreamh Poiblí ag Edel. Tá cead aici an dlí a chleachtadh i Sasana agus sa Bhreatain Bheag freisin.

# Freagrachtaí an Bhoird

## Ábhair atá Forchoimeádta don Bhord

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas BIÉ na hábhair a fhorchoimeádtar go sonrach go ndéanfaidh an Bord cinneadh orthu. Forchoimeádtar na príomhábhair seo a leanas le haghaidh cinnidh ón mBord:

- faomhadh Chód Cleachtais BIÉ;
- faomhadh na Tuarascála Bliantúla, an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Ghnó Chorparáidigh;
- faomhadh na Ráiteas Airgeadais;
- téarmaí tagartha na gcoistí Boird;
- leibhéil údaráis tharmligthe, beartas státchiste agus beartais bhainistíochta riosca;
- aon chinneadh chun feidhm a chomhlíonadh go díreach seachas trí Údarás Áitiúil;
- scéimeanna nua dolaí a bhunú nó scéim dolaí a chúlghairm; agus fodhlíthe nua do scéim dolaí nó córas iarnróid;
- Ceapadh, luach saothair, bainistíocht feidhmíochta agus pleanáil chomharbais maidir leis an POF;
- Éadáil shuntasach, diúscairt agus scor sócmhainní ar luach níos mó ná €1 milliún;

D'fhonn a chinntiú gur féidir leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le treo straitéiseach BIÉ, tá an faomhadh seo a leanas forchoimeádta don Bhord i dtaobh mórscéimeanna, atá sainithe ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an gCód Caiteachais Phoiblí mar scéimeanna luach caipitil de bhreis ar €20 milliún. Aon chinneadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ordú ceannaigh éigeantaigh agus EIS a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
- iarratas ar Ordú mór Iarnróid a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
- tús a chur le scéim mhór a thógáil;
- conradh CPP a iontráil (forchoimeádtar gach conradh CPP, fiú mura conarthaí móra iad); agus
- Faoi Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla an Rialtais, tá dualgas ar BIÉ úsáid a bhaint as an tsraith foirmeacha conartha do Chonarthaí Oibreacha Poiblí (PWC). Sa chás nach mbíonn na foirmeacha PWC seo oiriúnach lena n-úsáid ar thionscadal BIÉ, féadfaidh BIÉ maolú a lorg ón gCoiste Conarthaí Rialtais um Thógáil (GCCC) faoi Alt 6 (c) i gCiorclán 01/2016. Teastaíonn faomhadh an Bhoird, chomh maith, d'aon athraitheas suntasach ar théarmaí agus coinníollacha uathu siúd a fhaomhann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe nó an GCCC. I gcás go mbeartófar cead a lorg ón GCCC le haghaidh maolú ón riachtanas sraith PWC a úsáid, déanfaidh iad siúd a fhaomhann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe nó an GCCC faomhadh a lorg ón mBord roimh ré, clúdóidh an faomhadh seo an t-iarratas chuig an GCCC agus aon athraitheas suntasach ar théarmaí agus coinníollacha ó thaobh conartha de.

## Tarmligean ón mBord

Rinne an Bord an méid seo a leanas a tharmligean:

- úsáid an tSéala, don POF, an Stiúrthóir Seirbhísí Gnó, an Stiúrthóir Oibríochtaí Tráchtála agus an Ceann Dlí agus Rialachais mar Rúnaí leis an mBord (tá a úsáid le cur le taifead i dTuarascáil an POF leis an mBord);
- faomhadh Luasteorainneacha don POF nó d'aon bhall foirne atá údaraithe amhlaidh;
- saincheisteanna pleanála don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nó d'aon bhall foirne atá údaraithe amhlaidh;
- moltaí le Coimisinéir an Gharda Síochána maidir leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, dá bhforáiltear in Alt 23 d'Achtanna na mBóithre;
- daoine údaraithe a cheapadh, maidir le cigireacht, suirbhéireacht agus a leithéid, dá bhforáiltear i gCuid 78 d'Acht na mBóithre; agus
- treoracha a thabhairt d'Údaráis Áitiúla, dá bhforáiltear i Rialachán 3(7) de na Rialacháin um Bainistíocht Sábháilteacht Bonneagar Bóithre.

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear in Acht na mBóithre, 1993 go 2015, ar BIÉ ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá Bord BIÉ freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar, le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais BIÉ agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na mBóithre, 1993 go 2015.

Tá BIÉ freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar BIÉ an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- a chinntiú go mbíonn aon bhreithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais BIÉ agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas mura cuí a mheas go leanfaidh BIÉ de bheith i mbun oibriúcháin.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar feidhmíocht BIÉ i gcomparáid leis an bplean agus leis an mbuiséad bliantúil a mheas ag gach cruinniú Boird. Measann an Bord go dtugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais BIÉ ar an 31 Nollaig 2024.

## Struchtúr an Bhoird

Is faoin Aire atá comhdhéanamh an Bhoird, mar aon le ceapadh agus athcheapadh na gComhaltaí Bhoird agus téarmaí agus coinníollacha a gceaptha. Faoin gCód Cleachtais, sa chás go measann an Cathaoirleach go dteastaíonn scileanna ar leith ar an mBord, féadfaidh sé/sí an tAire a chur ar an eolas, d'fhonn gur féidir leis an Aire dearcthaí an Chathaoirligh a chur san áireamh nuair a bhíonn ceapacháin á ndéanamh.

Tá an Bord sásta go bhfuil a Chomhaltaí saor ó aon ghnó nó caidreamh eile a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar, nó a bhféadfadh gur dhóchúil go n-imreoidís tionchar ábhartha ar fheidhmiú a mbreithiúnais neamhspleách. Déanann gach Comhalta Boird aon leas a nochtadh agus ní bhíonn siad i láthair nuair a bhíonn plé agus cinntí á ndéanamh nuair nach mbíonn siad ar aon intinn faoi rud éigin nó nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu, faoi mar a cheanglaítear sa Chód Cleachtais. Tá gach Comhalta faoi réir cheanglais nochta Alt 37 d'Acht na mBóithre, 1993 agus cuireann siad Dearbhuithe Leasa ar fáil, faoi mar a cheanglaítear in Alt 40. Buanmhír ar chlár na gcruinnithe Boird uile iad Coimhlintí Leasa.

Comhlánaíonn Comhaltaí Boird ceistneoir meastóireachta féinmheasúnaithe an Bhoird gach bliain agus comhlánaíonn comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca seicliosta d'éifeachtacht an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Éilítear faoin gCód Cleachtais go ndéanfar measúnacht sheachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird gach trí bliana. Rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht, mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais in 2022, agus tuairiscíodh é don Bhord i mí Feabhra 2023. Rinne an Bord athbhreithniú bliantúil ar a éifeachtacht féin in 2024.

## Cothromaíocht Inscne i gComhaltas an Bhoird

Ar an 31 Nollaig 2024, bhí cúigear comhaltaí bhaineanna (41.66%) agus seachtar comhaltaí fhireanna (58.34%) ar an mBord, agus bhí suas le dhá phost folamh.

Dá bhrí sin, baineann an Bord sprioc an Rialtais amach d'ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht na mBord Stáit. Tá lánrogha iomlán ag an Aire Iompair maidir le ceapacháin ar Bhord BIÉ faoi Acht na mBóithre.

Tarraingítear aird an Aire ar chothromaíocht inscne Bhord BIÉ sa Tuarascáil Chuimsitheach bhliantúil.

## Comhaltaí Boird – Sceideal na dTéarmaí Ceapacháin

| Comhalta Boird | | Ról | Dáta an Chéad Cheapacháin | Deireadh leis an Téarma Reatha |
|---|---|---|---|---|
| **1** | Gareth Llewellyn | Cathaoirleach | 23.11.21 | 22.11.26 |
| **2** | Peter Walsh | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | 22.10.20 | 21.10.25 |
| **3** | Mary O'Donovan | Gnáthchomhalta | 11.10.18 | 10.10.26 |
| **4** | Aebhric Mc Gibney | Gnáthchomhalta | 11.10.18 | 10.10.26 |
| **5** | Desmond Kenny | Gnáthchomhalta | 07.10.20 | 06.10.26 |
| **6** | Patricia O'Shea | Gnáthchomhalta | 07.10.20 | 06.10.26 |
| **7** | Damien Ó Tuama | Gnáthchomhalta | 07.10.20 | 06.10.26 |
| **8** | Aidan Skelly | Gnáthchomhalta | 07.10.20 | 06.10.26 |
| **9** | Colette Byrne | Gnáthchomhalta | 25.01.21 | 24.01.26 |
| **10** | Michael Wall | Gnáthchomhalta | 15.05.23 | 15.05.28 |
| **11** | Sadhbh O'Neill | Gnáthchomhalta | 15.05.23 | 15.05.28 |
| **12** | AnnMarie Farrelly | Gnáthchomhalta | 15.05.23 | 15.05.28 |

Tá struchtúr éifeachtach Coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Bhunaigh an Bord an dá Choiste seo a leanas:

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá cúigear comhaltaí Boird ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, faoi chathaoirleacht Mary O'Donovan. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir leis na freagrachtaí atá air as riosca, rialú agus rialachas trí athbhreithniú a dhéanamh ar a chuimsithí atá dearbhuithe maidir le riachtanais dearbhaithe an Bhoird a chomhlíonadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar a iontaofa agus a shláine atá na dearbhuithe sin. Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ina théarmaí tagartha scríofa, a athbhreithníonn an Coiste agus a fhaomhann an Bord ar bhonn bliantúil.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuairisciú foirmiúil leis an mBord agus déanann siad faisnéis nó comhairle a sholáthar faoi mar a mheastar is cuí, trí chuir i láthair rialta Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord faoi ghníomhaíochtaí, saincheisteanna agus moltaí gaolmhara an choiste. Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord, atá uainithe chun tacú le cur i gcrích na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais agus athbhreithnithe an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, agus déanann sé achoimre a chur ar fáil ar a chonclúidí ón obair a rinneadh i rith na bliana.

### An Coiste Bonneagair

Tá seachtar ball den Bhord ar an gCoiste Bonneagair , faoi chathaoirleacht Aidan Skelly. Tugtar cuntas ar fhreagrachtaí an Choiste Bonneagair ina théarmaí tagartha scríofa, a athbhreithníonn an Coiste agus a fhaomhann an Bord ar bhonn bliantúil. Tacaíonn an Coiste Bonneagair leis an mBord i gcomhlíonadh a fhreagrachtaí rialachais, cinnteoireachta agus maoirseachta i leith na dtionscadal bonneagair suntasach agus cothabhála. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord agus tugann sé moltaí dó maidir leis na freagrachtaí seo a chomhlíonadh.

## Comhaltaí Boird - Sceideal Tinrimh

| 2024 | Bord | | An Coiste Iniúchóireachta & Riosca | | An Coiste Bonneagair | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | A | B | A | B | A | B |
| Gareth Llewellyn | 10 | 10 | - | - | 10 | 9 |
| Peter Walsh | 10 | 10 | - | - | 10 | 10 |
| Colette Byrne | 10 | 10 | 9 | 9 | - | - |
| Desmond Kenny | 10 | 10 | 9 | 9 | - | - |
| Aebhric Mc Gibney | 10 | 8 | - | - | 10 | 10 |
| Mary O'Donovan | 10 | 9 | 9 | 9 | - | - |
| Patricia O'Shea | 10 | 9 | 9 | 9 | - | - |
| Damien Ó Tuama | 10 | 10 | 9 | 9 | - | - |
| Aidan Skelly | 10 | 10 | - | - | 10 | 10 |
| Michael Wall | 10 | 10 | - | - | 10 | 9 |
| Sadhbh O'Neill* | 10 | 8 | - | - | 10 | 6 |
| AnnMarie Farrelly | 10 | 10 | - | - | 10 | 10 |

* Sheas Sadhbh O'Neill d'Oifig Phoiblí in 2024 agus dá bhrí sin, tharraing sí siar ón mBord ón 11 Deireadh Fómhair 2024

**Léiríonn Colún A** líon na gcruinnithe a tionóladh le linn 2024 nuair a bhí an Comhalta Boird ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.

**Léiríonn Colún B** líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu le linn 2024 nuair a bhí an Comhalta Boird ina chomhalta den Bhord agus/nó den Choiste.



## Comhaltaí Boird - Sceideal Táillí agus Costas

| | | | 2024 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | Nóta | Táillí | Costais a íocadh (€) |
| Gareth Llewellyn | Cathaoirleach | (€) | 20.520 | 11,433 |
| Peter Walsh | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Nóta 1 | - | - |
| Colette Byrne | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | 11,970 | 682 |
| Desmond Kenny | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | 11,970 | 552 |
| Aebhric Mc Gibney | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | 11,970 | - |
| Mary O’Donovan | Gnáthchomhalta | Note 1 | 11,970 | 1,573 |
| Sadhbh O’Neill | Gnáthchomhalta | Nóta 2 | 9,330 | 190 |
| Patricia O’Shea | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | - | - |
| Damien Ó Tuama | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | 11,970 | - |
| Aidan Skelly | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | 11,970 | - |
| Michael PG Wall | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | 11,970 | - |
| AnnMarie Farrelly | Gnáthchomhalta | Nóta 1 | - | - |
| | | **Iomlán** | **113,640** | **14,430** |


Nóta 1: Tá feidhm ag Táillí Boird Chomhaltaí Seirbhíse Poiblí Neamhthráchtála, Catagóir 2 (Cathaoirleach €20,520, Stiúrthóir €11,970) ón 14 Iúil 2015. I gcomhréir le prionsabal “Duine Amháin, Tuarastal Amháin” de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, níor íocadh táille le Peter Walsh, Patricia O’Shea agus AnnMarie Farrelly as fónamh ar an mBord.

Nóta 2: Sheas Sadhbh O’Neill d’Oifig Phoiblí in 2024 agus dá bhrí sin, tharraing sí siar ón mBord ón 11 Deireadh Fómhair 2024.

## Athruithe ar an bPríomhphearsanra

Ní raibh aon athruithe ar chomhaltaí an Bhoird i rith na bliana, féach an tábla “Comhaltaí Boird - Sceideal Téarmaí Ceapacháin” le haghaidh tagartha. Bhí dhá athrú ar an mBainistíocht Shinsearach mar seo a leanas

- Chuaigh Sean Sweeney le BIÉ mar Stiúrthóir Cláir MetroLink i Meán Fómhair 2024.
- Tháinig Sandra McCarthy i gcomharbas ar Edel McCormack mar Cheann Rialachais agus Dlí i mBealtaine 2024



## Nochtuithe a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon BIÉ riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas riachtanach faoin gCód:

## Costais Chomhairleoireachta

Ar chostais chomhairleoireachta áirítear costas comhairle seachtraí don bhainistíocht. Ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Comhairle Dlí | 2,444 | 1,629 |
| Cáin, comhairle airgeadais/achtúireach | 224 | 169 |
| Eile – bainistíocht tionscadail agus tacaíocht ghnó | 145 | 303 |
| **Iomlán** | **2,813** | **2,101** |
| Costais chomhairleoireachta arna gcaipitliú | - | - |
| **Costais chomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas** | 2,813 | 2,101 |
| **Iomlán** | **2,813** | **2,101** |

## Costais agus Socraíochtaí Dlí

Sa tábla thíos tugtar miondealú ar mhéideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair BIÉ, a nochtar i gcostais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Táillí dlí – imeachtaí dlí | | 649 |
| Idir-réiteach agus eadráin | - | - |
| Socraíochtaí | - | - |
| **Iomlán** | | **649** |

Is éard atá sna costais dlí seo costais le haghaidh 1 chás (2023: 2 chás). Níl aon chostais ann maidir le díospóidí dlí a bhaineann le comhlachtaí Stáit eile. Áirítear sna táillí dlí costais dlí a bhaineann le bailiú dolaí. D'íoc árachóirí BIÉ costais agus socraíochtaí breise. Baineann na costais idir-réitigh agus eadrána thuas leis na costais sin a thabhaigh BIÉ go díreach agus ní áirítear leo íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána a d'íoc Údaráis Áitiúla.

## Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€’000** | **€’000** |
| **Intíre** | | |
| - Bord | 9 | 9 |
| - Fostaithe | 423 | 390 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Bord | 5 | 3 |
| - Fostaithe | 129 | 100 |
| **Iomlán** | **566** | **502** |

## Caiteachas ar Fháilteachas

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas seo a leanas:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€’000** | **€’000** |
| Fáilteachas foirne | | 1 |
| Fáilteachas Cliaint | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **2** | **2** |

## Bainistíocht Riosca

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as cinneadh a dhéanamh ar chineál agus méid na rioscaí suntasacha atá sé toiliúil a ghlacadh chun cuspóirí straitéiseacha BIÉ a bhaint amach. Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar theagmhais riosca ábhartha agus tabharfaidh sé faoi deara nó ceadóidh sé gníomhartha bainistíochta, de réir mar is iomchuí.

Cé go bhfuil an fhreagracht deiridh ar an mBord, tacaíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis, a chuireann torthaí a n-athbhreithnithe in iúl don Bhord. Faigheann an ARC tuarascálacha rialta ón mBainisteoir Riosca Corparáideach ina leagtar amach na príomhrioscaí straitéiseacha agus déanann na hiniúchóirí inmheánacha agus neamhspleácha measúnú ar dhul chun cinn i gcoinne pleananna gníomhaíochta comhaontaithe chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú le linn an phróisis iniúchóireachta

### Beartas Bainistíochta Riosca BIÉ

Tá Beartas Bainistíochta Riosca BIÉ faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ón mBord lena dheimhniú go gcloíonn sé le dea-chleachtas agus go gcomhlíonann sé ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Creat Bainistíochta Riosca BIÉ

Ghlac BIÉ le Creat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta chun tacú lena Ráiteas Straitéise agus lena Phlean agus a Bhuiséad Bliantúil. Áirítear leis an gcreat próiseas bainistíochta riosca saincheaptha chun a chinntiú go ndéantar príomhrioscaí a shainaithint, a mheasúnú, tús áite a thabhairt dóibh, a bhainistiú, a athbhreithniú agus a thuairisciú go comhsheasmhach ar fud gach réimse in BIÉ.  Déanann Coiste Riosca Fiontraíochta athbhreithniú ar rioscaí fiontraíochta agus cuirtear iad le plé níos fairsinge an Bhoird agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Sanntar úinéir do gach riosca fiontraíochta ón bhfoireann Feidhmiúcháin a dhéanann athbhreithniú rialta ar a rioscaí sannta.

Úsáideann an fhoireann Feidhmiúcháin na cuspóirí straitéiseacha chun riosca agus éiginnteacht  fhéideartha a shainaithint. Úsáidtear an t-aschur ó na cleachtaí seo chun athbhreithniú agus athnuachan a dhéanamh ar gach clár rioscaí ar fud BIÉ. Tacaíonn inghlacthacht shainithe riosca le beartú tosaíochta agus pleanáil mhaolaithe, agus cumasaíonn sé iad.

Déanann BIÉ athbhreithniú rialta ar a chreat bainistíochta riosca agus ar chur i bhfeidhm a chleachtais bhainistíochta riosca lena chinntiú go mbíonn siad reatha agus ábhartha i gcónaí.

Chuir BIÉ Creat nua Bainistíochta Riosca i bhfeidhm i rith 2017. Tá an creat faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ón mBord.

### Inghlacthacht Riosca BIÉ

Glacann BIÉ cur chuige coimeádach i leith riosca, rud atá comhsheasmhach lena ról mar ghníomhaireacht reachtúil stáit neamhthráchtála agus le ceanglais chuntasachta na hearnála poiblí. Aithnítear, fiú sna heagraíochtaí is airí agus is stuama a mheastar a bheith ann, go gcaithfidh nuálaíocht agus athrú tarlú agus dá bhrí sin, ag brath ar an ngníomhaíocht nó ar an tosaíocht, go bhfuil gá le roinnt fonn riosca.

Cuirtear straitéisí in oiriúint chun riosca a rialú i leith a mhéid atá BIÉ toiliúil chun freastal ar riosca, ar aon dul le Ráiteas Inghlacthachta Riosca BIÉ. Breithníonn úinéirí riosca BIÉ an bhfuil na rialuithe riosca agus na gníomhaíochtaí maolaithe reatha leordhóthanach chun an dóchúlacht nó an iarmhairt fhéideartha a bhaineann leis an riosca a thabhairt go leibhéal inghlactha. Déantar gníomhartha breise a shainiú agus a chur i bhfeidhm mura meastar go bhfuil an riosca laistigh den inghlacthacht.

Tá inghlacthacht riosca BIÉ faoi réir athbhreithniú agus faomhadh bliantúil ón mBord.

## Ráiteas Comhlíontachta

Chuir BIÉ tús le bearta cuí chun an Cód Cleachtais a chomhlíonadh ina leagtar amach prionsabail rialachais chorparáidigh ar gá do bhoird stáit cloí leo.

Chomhlíon BIÉ an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2024.

Don bhliain 2024, bhí BIÉ cumhdaithe ag Comhaontú Maoirseachta agus Soláthair Feidhmíochta 2021 go 2025 idir BIÉ agus an Roinn Iompair, mar a dhéantar a uasdátú ar bhonn

bliantúil mar chuid de chomhaontú forlíontach soláthair feidhmíochta chun ionchuir bhliantúla airgeadais agus acmhainní daonna a léiriú.

## Comhlíonadh na Reachtaíochta

Comhlíonann BIÉ rialachas corparáideach agus oibleagáidí eile a leagtar síos, inter alia, sa reachtaíocht seo a leanas:

- Achtanna na mBóithre 1993 go 2015 (arna leasú);
- An tAcht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú);
- An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 (arna leasú);
- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (arna leasú);
- An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001;
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (arna leasú);
- An tAcht um Míchumas, 2005;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005;
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014;
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil 2015 (arna leasú);
- Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 (arna leasú); agus
- Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018 agus reachtaíocht ghaolmhar
- Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

## Cearta Daonna agus Comhionannas BIÉ

Admhaíonn BIÉ a dhualgas san earnáil phoiblí faoi Chuid 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 agus tá sé tiomanta a chinntiú go bhfuil cultúr meas ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas ('HRE') ann dá fhoireann agus do na daoine a soláthraíonn sé seirbhísí dóibh.

Treoraithe ag na prionsabail agus na cearta atá leagtha amach i nDearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine ('UDHR'), glacann BIÉ dearcadh leathan ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas ('HRE') agus tá príomhréimsí sainaitheanta acu ina bhfuil aird ag an eagraíocht ar HRE ina gníomhaíochtaí, lena n-áirítear:

1. Inrochtaineacht
2. Sláinte & Sábháilteacht an Duine
3. Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú:
4. Inbhuanaitheacht

Seo a leanas gníomhaíochtaí ábhartha maidir le HRE a chríochnaigh BIÉ in 2024 i ngach ceann de na príomhréimsí seo mar aon le samplaí de dhá thionscadal, MetroLink agus Tionscadal BRUCE, a léiríonn tiomantas BIÉ do HRE ina ghníomhaíochtaí:

### Inrochtaineacht

Tacaíonn BIÉ le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CNACDM), a dhaingnigh Éire in 2018, a bhfuil sé mar chuspóir aige tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú. Leanann BIÉ de bheith ag tacú le príomhchláir rialtais amhail an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais (NDIS) - cur chuige rialtas uile a bhfuil sé mar chuspóir aige iompar a dhéanamh níos inrochtana de réir a chéile, i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe araon. Tacaíonn BIÉ freisin leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024, a fhéachann lena chinntiú go dtacaítear le agus go gcumasaítear daoine faoi mhíchumas ar mian agus ar féidir leo a bheith ag obair, amhlaidh a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, tacaíonn BIÉ le beartas gaolmhar na Roinne Iompair, cosúil le Rochtain ar Iompar do Chách a dhéanann Dearadh Uilíoch a shuíomh i gceartlár an iompair - chomh maith le Beartas Soghluaisteachta Inbhuanaithe na Roinne Iompair. Táthar ag súil go bhfoilseoidh an Roinn Iompair leagan nuashonraithe den NDIS i ráithe 2 2025.

Nuair a chuirtear an méid thuas san áireamh, leanann BIÉ ag dul i gcomhairle a fhairsinge agus is féidir ar cheisteanna míchumais, chun cloí le dea-chleachtas in iompar poiblí inbhuanaithe agus inrochtana agus chun bealaí nuálacha a lorg chun na spriocanna a leagtar amach i mbeartas idirnáisiúnta agus náisiúnta a thabhairt chun cinn.

Tugann Grúpa Úsáideoirí Luas comhairle do BIÉ maidir le hinrochtaineacht a sheirbhísí agus a áiseanna iompair d'fhonn seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú do gach duine de réir "Rochtain ar Iompar do Chách", Plean Earnála na Roinne faoin Acht um Míchumas 2005 agus Plean Forfheidhmithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais. Téann Grúpa Úsáideoirí Luas i gcomhairle i dtaca le hIarnród Éadrom, Meitreo, Bóithre Náisiúnta, Glasbhealaí agus Mótarbhealach (lena n-áirítear Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh) agus bhuail siad le chéile in 2024 trí huaire ar bhonn réamhsceidealaithe. Áiríodh leis na cruinnithe seo nuashonruithe agus aiseolas ar gach tionscadal leanúnach, chomh maith le plé a bhaineann le hoibríochtaí agus seirbhísí ar fud na ngréasán iompair phoiblí, bóithre agus glasbhealaí.

I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (a dhaingnigh Éire in 2018), tá iarracht déanta ag BIÉ teagmháil dhíreach a dhéanamh le daoine faoi mhíchumas, trí na hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPOnna). Seoladh cuireadh chuig gach ball de Chomhrialtas DPO in 2021, in 2022 agus arís in 2024 chun páirt a ghlacadh. Ba é cuspóir an méid seo cuireadh a thabhairt do ghrúpaí nó do dhaoine dul i gcomhairle go díreach maidir le gach tionscadal dá mba mhian leo é sin. Ba é Guth na Lagú Radhairc (VVI) an t-aon DPO a d'fhreagair agus tá BIÉ ag obair go dlúth leo ar gach ábhar a bhaineann le hiompar ó shin. Sa bhliain 2024, reáchtáil BIÉ sé chruinniú dhéthaobhacha le VVI, agus béim ar leith á leagan ar MetroLink agus Luas Fhionnghlas. Ag eascairt as na cruinnithe le VVI, d'fhéach BIÉ le bealaí nua ábhar amhairc agus líníochtaí casta innealtóireachta a léiriú do dhaoine a bhfuil caillteanas radharc na súl orthu. D'obair Oifigeach Rochtana BIÉ in éineacht leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus chuaigh an tOifigeach Rochtana i gcomhairle le comhlachtaí poiblí eile chun modheolaíochtaí maidir le cumarsáid a dhéanamh maidir le hábhar amhairc ar bhonn inrochtana.

Chomh maith le cruinnithe sceidealaithe, eagraíonn BIÉ cur i láthair topaicí sonracha agus cuairteanna suímh leis an nGrúpa Úsáideoirí agus le DPOnna freisin. Mar shampla, in 2024, socraíodh an dara cuairt suímh de chuid an Ghrúpa Úsáideoirí/VVI ar Stáisiún Dhroichead Broome chun breathnú ar na greamáin faisnéise atá beartaithe in situ, agus lean Rothstoc BIÉ ag plé le hinrochtaineacht maidir leis an soláthar atá beartaithe don fhlít iarnróid éadroim nua agus Ailtireacht BIÉ a cuireadh i láthair ar an Malartán Iompair Phoiblí atá beartaithe ag an mBó Dhearg.

Rinne Voice of Vision Impairment aighneacht láidir mar fhreagra ar Ordú Iarnróid MetroLink agus d'fhreastail siad ar an Éisteacht ó Bhéal i mí an Mhárta 2024.  Tá imní ann fós maidir leis an scéim, go háirithe maidir le spás comhroinnte, coimhlint le soghluaisteacht leictreach, bealaí isteach sábháilte agus inrochtana chuig na stáisiúin agus cumarsáid inrochtana an ábhair amhairc.  Tá gealltanas tugtha ag BIÉ agus Metrolink go reáchtálfar sraith de cheardlanna téamacha le Grúpaí Úsáideoirí agus DPOnna agus an dearadh mionsonraithe á dhéanamh. I bhfianaise scála agus thionchar féideartha scéim MetroLink, is inmholta Oifigeach Rochtana tiomnaithe agus Foireann Rochtana a cheapadh ar an bhfoireann tionscadail iomlán, chun a chinntiú go bhfuil inrochtaineacht leabaithe i ngach disciplín agus cinneadh. Tá tuilleadh sonraí faoin mbealach ar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le Cearta an Duine agus Comhionannas sa Tionscadal MetroLink leagtha amach faoi 'MetroLink' thíos.

Chomh maith leis na róil riachtanacha mar Oifigeach Rochtana agus Fiosrúcháin, tá Coiste Inrochtaineachta inmheánach bunaithe ag BIÉ a bhuaileann le chéile trí huaire sa bhliain chun cur chuige tras-rannach a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus chun na caighdeáin seirbhíse is airde a spreagadh do gach úsáideoir. Tá an Coiste comhdhéanta de dhaoine aonair ó gach ceann de stiúrthóireachtaí BIÉ agus d'fhorbair sé prótacail chun aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas, inter alia: An tAcht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, Rialacháin (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach de chuid Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí) an Aontais Eorpaigh, 2020 agus An tAcht um Chomhionannas

Fostaíochta, 2015, chomh maith le hoiliúint leanúnach a mholadh do bhaill foirne i réimse na hoiliúna feasachta ar mhíchumas agus cumarsáid inrochtana.

Tiocfaidh an tAcht Eorpach um Inrochtaineacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025. Cuirfidh sé seo oibleagáidí ar gach rannóg in BIÉ maidir lena bhonneagar, a tháirgí agus a sheirbhísí. Tá sé beartaithe ag BIÉ sraith ceardlann inmheánach a reáchtáil air seo, de bhun treoir dhlíthiúil a bhaineann leis an Acht agus de bhun plé leis an NTA agus le soláthraithe iompair eile.

Seoladh tionscadal nuálaíochta BIÉ, dar teideal 'GACH Duine ar Bord: Podchraoladh Inrochtaineachta BIÉ,' i mí na Bealtaine 2023 agus glacadh go maith leis agus tugadh tacaíocht dó. Táthar ag súil go bhféadfadh meán na podchraoltóireachta bealach nuálach, neamhfhoirmeálta a éascú le cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí agus leis an bpobal i gcoitinne, agus go bhféadfadh sé taisteal gan bhaic a chur chun cinn agus tuiscint níos fearr a chothú maidir le riachtanais úsáideoirí. D'eascair caidreamh dearfach as an bpodchraoladh le comhpháirtithe Eorpacha san iompar poiblí trí Chumann Idirnáisiúnta Iompair Phoiblí (UITP), agus TRIPs srl. agus bhí sé ina uirlis úsáideach le haghaidh foghlama agus cumarsáide. Tá súil againn an smaoineamh a leathnú agus eipeasóidí breise a chruthú in 2025.

Chomh maith leis sin, thacaigh BIÉ leis an bhfeachtas Soilse Corcra thar na blianta, a reáchtáiltear gach bliain i mí na Nollag chun Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh. Tá droichid, dola-phláis, stórais agus bonneagar eile soilsithe i gcorcra in onóir éagsúlacht na ndaoine atá faoi mhíchumas ar fud na tíre seo.



**Sláinte agus Sábháilteacht an Duine**

Tá an ceart ag gach oibrí dálaí sábháilte agus sláintiúla oibre a bheith acu. Leagtar amach cearta agus oibleagáidí fostóirí agus fostaithe san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (arna leasú). Tá BIÉ go hiomlán tiomanta do shláinte, sábháilteacht agus leas ár bhfostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú. Is é ár mbeartas cultúr agus iompar dearfach agus réamhghníomhach sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn trí cheannaireacht, bainistíocht riosca agus rannpháirtíocht fostaithe ar fud na heagraíochta.

Le linn 2024, rinne BIÉ athbhreithniú mionsonraithe ar a Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS). Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) BIÉ a athdheimhniú le haghaidh ISO45001 i mí Aibreáin, 2024. Lean BIÉ de bheith ag déanamh monatóireachta agus iniúchta maidir le comhlíonadh rialachán sláinte agus sábháilteachta foirgníochta ar thionscadail bhóithre agus iarnróid éadroim BIÉ. In 2024, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt Chóras Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) BIÉ, rud a chomhlíonann riachtanas le haghaidh eagraíochtaí iarnróid faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid.


Droichead Dearg & Toll na Míle, Ros Mhic Thriúin



Cuireadh sraith de ghníomhaíochtaí ar fáil le linn na bliana mar chuid de chlár folláine leanúnach BIÉ, "Flourish", agus na ceithre ghné, Folláine Fhisiceach, Folláine Mheabhrach, Folláine Shóisialta agus Folláine Airgeadais á gcíoradh iontu. Áiríodh ar chlár 2024 cainteanna agus ceardlanna ar thopaicí lena n-áirítear Feasacht ar ADHD, Scileanna Airgid don Saol agus Feasacht Sláinte. Áiríodh i gclár bliantúil Seachtainí Folláine BIÉ, a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair 2024, soláthar vacsaíní fliú, lónta sláintiúla, agus suathaireacht muiníl agus gualainne. Reáchtáladh roinnt seimineár gréasáin, ag díriú ar fholláine choirp (e.g. diaibéiteas) agus mheabhrach, buntáistí an taistil inbhuanaithe, buntáistí sheirbhísí EAP BIÉ, agus leideanna chun sláinte mheabhrach dhearfach a chothú ag an obair. Bhí rannpháirteachas láidir ann i gclár 2024 agus aiseolas dearfach ón bhfoireann.

**Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**

Lean BIÉ ar aghaidh ag tógáil ar fheasacht ar Chothromas, Éagsúlacht & Ionchuimsiú leis an bhfoireann in 2024. Is mar seo a leanas a rinneadh é:

- Oiliúint maidir le claontacht neamh-chomhfhiosach do gach ball foirne agus comhairleoir nuathosaithe.
- Cur Chun Cinn na Gaeilge laistigh de BIÉ lena n-áirítear oiliúint do bhaill foirne tosaigh agus d'aon ghrúpaí eile a bhíonn ag plé le comhairliúchán poiblí
- Clár EDI BIÉ, a chuireann réimse oiliúna/tionscnamh ar fáil i rith na bliana ar nós
    1. Cur chun cinn Lá Domhanda an Mheanapáis (Deireadh Fómhair) agus foilsiú Bheartas Nua Meanapáis BIÉ, lena n-áirítear Oiliúint Bainistíochta Líne chun Tacú le Mná atá ag dul trí Mheanapás
    2. Oiliúint Feasachta ar na Bodhair
    3. Tabhairt isteach táirgí sláintíochta atá ar fáil go héasca a bhfuil sé mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil rochtain ag mná san ionad oibre ar na bunriachtanais a theastaíonn uathu agus cuid den ualach airgeadais gaolmhar a mhaolú.

4. Cur chun cinn Lá Idirnáisiúnta na mBan, le Joanne O'Riordan ag stiúradh máistir-ranga ar théama 2024, Ionchuimsiú a Spreagadh.

- Clár Folláine BIÉ, "Flourish", a chuireann réimse de chainteanna, ceardlanna ar siúl i rith na bliana (lena n-áirítear Seachtainí Folláine i mí na Samhna) a dhíríonn ar ábhair a bhaineann leis an tsláinte fhisiceach, shóisialta, airgeadais agus le meabhairshláinte. (Tugtar cuntas ar shonraí breise thuas faoin gceannteideal Sláinte agus Sábháilteacht an Duine).
- Tuairisciú ar an mBearna Phá idir na hInscní, foilsíodh tuarascáil BIÉ i mí na Nollag 2024
- Ag leanúint ar aghaidh le suirbhé ar mheon na foirne in 2023, rinneadh iniúchadh breise ar phríomhthorthaí in 2024, trí cheardlanna a chlúdaigh roinnt topaicí, go háirithe Cultúr.

**Inbhuanaitheacht**

Is í an inbhuanaitheacht an treoirphrionsabal trína ndéanann BIÉ a fheidhmeanna. Rinneadh gníomhaíocht fhairsing faoi Inbhuanaitheacht in 2024 agus leagtar amach é seo go mion sa Tuarascáil Bhliantúil faoin gceannteideal 'Inbhuanaitheacht ag BIÉ'.

**MetroLink**

Is é BIÉ an Ghníomhaireacht Urraíochta don Tionscadal MetroLink, tionscadal bonneagair meitreo atá beartaithe le haghaidh foirgníochta i mBaile Átha Cliath. I mí Mheán Fómhair 2022, chuir BIÉ iarratas isteach chuig an mBord Pleanála maidir le hiarnród meitreo a thógáil idir Sord agus Charlemont i mBaile Átha Cliath. Tá measúnú á dhéanamh ar shaincheisteanna um Chearta an Duine agus Comhionannas mar chuid d'fhorbairt leanúnach an Tionscadail MetroLink agus cuireadh go leor díobh seo san áireamh faoin Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus sceidil de chearta maoine atá le fáil, a cuireadh isteach leis an iarratas. Tá achoimre ghairid leagtha amach anseo thíos:

**Cearta Réadmhaoine a Bhreithniú:** Cuimsíodh san iarratas ar Ordú Iarnróid an dearadh beartaithe do bhealach agus do stáisiúin, TMTT cuimsitheach maidir leis na hoibreacha beartaithe mar aon leis na ceanglais maidir le ceannach maoine (sealadach agus buan araon) a theastaíonn chun foirgníocht an tionscadail a cheadú chomh maith le hoibriú amach anseo.

Mar chuid de ghné an cheanglais réadmhaoine, bhí BIÉ feasach go háirithe ar stádas agus ar chosaint cearta réadmhaoine in Éirinn, lena n-áirítear cosaintí atá le fáil sa Bhunreacht. Má dheonaítear an tOrdú Iarnróid, tabharfar cumhachtaí do BIÉ cearta agus leasanna a fháil go héigeantach i dtailte áirithe, agus mar thoradh air sin beidh tionchar suntasach ar réadmhaoin atá faoi úinéireacht daoine aonair agus cuideachtaí. Dá réir sin, tá iarracht déanta ag BIÉ roinnt tionscnamh agus cleachtas a chur i bhfeidhm chun cabhrú le teagmháil a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine lena mbaineann roimh dheonú agus tar éis deonú Ordú Iarnróid; lena n-áirítear Straitéis Fála Talún MetroLink (a foilsíodh i Meán Fómhair 2022) – príomhghné den straitéis seo is ea teagmháil luath le daoine lena mbaineann sula ndeimhnítear Ordú Iarnróid. Déantar é seo chun riachtanais iomlána na ndaoine lena mbaineann a mheas, a gcúinsí aonair a mheas agus, más féidir, teacht ar réamh-chomhaontú coinníollach maidir le haistriú leasanna réadmhaoine. Tuigeann agus admhaíonn BIÉ a thábhachtaí atá sé go mbeadh úinéirí réadmhaoine cónaithe in ann a ngnóthaí a phleanáil leis an oiread fógra agus is féidir, agus chuige sin, tá BIÉ ag plé le húinéirí réadmhaoine lena mbaineann sula ndeonaítear Ordú Iarnróid. Ar leithligh, tá seirbhísí Gníomhaireachta Ligin agus Bainistíochta Cónaithe fostaithe ag BIÉ chun cabhrú le tionóntaí lena mbaineann tabhairt faoi chuardach maoine chun cabhrú le cóiríocht oiriúnach eile a aithint. Go háirithe, tá conradh sonrach ann do College Gate (70 árasán) a bhfuil raon feidhme ann do sheirbhísí athlonnaithe.

**Cosaint ar dhamáiste do réadmhaoin:** Scéim um Chosaint Úinéirí Maoine (POPS) – is éard a bheidh sa scéim dheonach seo suirbhéanna baile ar réadmhaoin chónaithe ábhartha (laistigh de 30 méadar ó imeall ailíniú an tolláin nó 50 méadar ó struchtúir stáisiúin) chun bail na réadmhaoine a fháil amach roimh, le linn (má mheastar go bhfuil gá leis) agus tar éis an tionscadal beartaithe a chur i gcrích. Cinnfidh na suirbhéanna an bhfuil

aon mheath tagtha ar an réadmhaoin a ndearnadh suirbhé orthu, an bhféadfadh sé go mbeadh sé inchurtha i leith an tionscadail bheartaithe, agus molfaidh siad deisiúcháin de réir mar is cuí. Má mholann suirbhé eatramhach nó an suirbhé deiridh ar riocht na mhaoine arna dhéanamh ag an suirbhéir foirgníochta ceaptha deisiúcháin a dhéanamh chun damáiste de dheasca oibreacha MetroLink a cheartú, déanfar deisiúcháin suas le luach airgid méadaithe iomlán de €75,000. Le linn Éisteacht ó Bhéal 2024 don iarratas ar Ordú Iarnróid MetroLink, síneadh na paraiméadair POPS sa chaoi is go síneadh teorainn POPS dá réir i gcás ina síneann an comhrian socraíochta 1mm thar na teorainneacha 30m agus 50m thuas. Ina theannta sin, má tá réadmhaoin ceangailte go díreach le teach atá incháilithe do POPS, beidh tusa freisin incháilithe do POPS. Ó seoladh an Scéim Cosanta d'Úinéirí Réadmhaoine go mall i 2023, tá 27% d'úinéirí sna ceantair incháilithe i ndiaidh clárú leis an scéim.

**Sláinte & Leas an Duine:** Agus aird á tabhairt ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus ar leas gníomhaíochtaí foirgníochta, cuirfear raon beart maolaithe dusta agus torainn i bhfeidhm ar fud na scéime le linn na gcéimeanna foirgníochta chun na tionchair is lú is féidir a chinntiú ar úinéirí agus áititheoirí réadmhaoine in aice láimhe. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo tairiscintí ar athlonnú sealadach. Cuirfear na bearta seo i bhfeidhm chun cearta réadmhaoine an duine aonair a chaomhnú agus chun a chinntiú go dtabharfar tosaíocht d'aon tionchair fhéideartha ar shláinte an duine.

**Inrochtaineacht - Stáisiún agus Bordáil:** Dearadh MetroLink ar phrionsabal Rochtain do Chách, chun a chinntiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an gcóras agus é a úsáid go héasca agus gur féidir leo taisteal go neamhspleách. Forbraíodh an dearadh chun na ceanglais reachtacha go léir a bhaineann le hinrochtaineacht a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Míchumas 2005 agus ina dhiaidh sin an Plean Earnála um Iompar Inrochtana faoin Acht um Míchumas 2005 (DTTAS 2012), chomh maith leis na Rialacháin Foirgníochta agus an tAcht Eorpach um Inrochtaineacht – atá le teacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025.

Seo thíos samplaí de na gnéithe atá san áireamh i dtionscadal MetroLink ina leith seo:

a. Beidh urlár na traenach ag an leibhéal céanna leis an ardán;

b. Beidh bearna an-chúng idir an traein agus an t-ardán, chun bordáil shábháilte agus chothrom a chinntiú;

c. Beidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí, daoine le bugaithe agus daoine le bagáiste in ann rochtain shábháilte a fháil ar gach traein, trí bhordáil chomhréidh;

d. Tá an taobh istigh deartha chun infheictheacht uasta na ngreimráillí agus gnéithe eile a chinntiú;

e. Cuirtear faisnéis chlosamhairc ar fáil ar bord agus ag ardáin, lena n-áirítear fógraí faoin gcéad stad eile agus an ceann scríbe;

f. Is trí staighrí agus trí ardaitheoirí ardchaighdeáin/ardlín paisinéirí a fhaightear rochtain ar na hardáin uile chun críocha rochtana uilíche;

g. Tá pointí cabhrach ar gach ardán, idirurlár, slí dhála agus pointe cinnteoireachta, lena n-áirítear lúba ionduchtaithe do dhaoine le lagú éisteachta;

h. Tá pointí cabhrach ar bord i ngach feithicil le haghaidh cumarsáide le seirbhísí/cúnamh do chustaiméirí;

i. Déantar athruithe ar leibhéal, imill ardán agus pointí trasnaithe a aibhsiú trí úsáid a bhaint as pábháil tadhlach agus úsáidfear tadhlach treorach chun daoine a threorú chuig pointí cinnteoireachta tábhachtacha amhail ardaitheoirí agus pointí cabhrach;

j. Úsáid chiallmhar thadhlach chun rabhadh, treoir agus treoshuíomh a thabhairt;

k. Tá treoracha fuaime agus Braille ar fáil chomh maith le léarscáil thadhlach den chóras;

l. Tá meaisíní díola ticéad feistithe le roghanna tacaíochta fuaime chomh maith le comhéadan ardchodarsnachta inár féidir leis an úsáideoir roghnú a dhéanamh;

m. Cuimsíonn an córas bailíochtaithe cárta cliste táscairí feidhme fuaime agus amhairc;

n. Bealach agus comharthaíocht iomasach – úsáid grafaicí eolais agus ró-chomharthaíocht agus torann amhairc a sheachaint;

o. Leagfar amach troscán ardáin ar bhealach comhsheasmhach, ó stáisiún amháin go stáisiún eile;

p. Déanfar an timpeallacht sheachtrach a dhearadh go cúramach chun coimhlint le rothair leictreacha agus scútair a sheachaint agus chun nascleanúint shábháilte chuig an stáisiún a chumasú do dhaoine

**Áiseanna Spóirt agus Áineasa:** Le linn na céime tógála, beidh tionchar suntasach ar roinnt áiseanna spóirt amhail páirceanna imeartha. Trí na measúnuithe a rinneadh agus an TMTT á ullmhú, fuarthas amach go bhféadfadh cailliúint áiseanna den sórt sin tionchar sláinte agus síceolaíoch a imirt sna limistéir a bhfuil tionchar acu orthu. Agus é ag tabhairt aghaidh ar an tionchar seo, agus ag obair chun é a mhaolú, tá BIÉ tar éis dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara lena mbaineann chun pleananna a chomhaontú chun páirceanna imeartha atá ann cheana a athchumrú go sealadach chun a n-inúsáidteacht leanúnach a chinntiú, agus i gcásanna áirithe, chabhraigh sé le háiseanna malartacha a aimsiú agus tacú lena n-úsáid le linn thréimhse na n-oibreacha foirgníochta.

**Tacaíocht a thabhairt do Pháirtithe Leasmhara le linn an Phróisis Iarratais ar Ordú Iarnróid:** Chuaigh BIÉ i gcomhar le Saineolaí Neamhspleách Innealtóireachta, RINA Consulting, chun cuidiú leis na Grúpaí Cónaithe Leasmhara (RSG) in aice leis an ailíniú agus tacú leo le linn phróiseas ullmhaithe an iarratais don Ordú Iarnróid, agus na saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn le linn an Phróisis Ordaithe Iarnróid. Ó ceapadh RINA in 2021, bhí siad ar fáil mar áis do grúpaí leasmhara chun cuidiú leo agus Iarratas ar Ordú Iarnróid le haghaidh Metrolink á mheá acu le linn dóibh a bheith ag glacadh páirte sa phróiseas comhairliúcháin.

Roinn RINA trí thuarascáil le gach grúpa cónaithe. Choimrigh an chéad tuarascáil, i mí Mheán Fómhair 2022, na gníomhaíochtaí ar fad a rinne RINA roimh Iarratas ar Ordú Iarnróid. Áiríodh ann soiléiriú ar aon cheisteanna agus eolas, agus bhí sé ina chuidiú maidir le tuiscint a fháil ar shaincheisteanna eile, de réir mar a d’iarr na Grúpaí Leasmhara. Athbhreithniú ar na doiciméid uile a bhain leis an iarratais ar Ordú Iarnróid a bhí sa dara tuarascáil, i mí na Nollag 2022. Is athbhreithniú ar an doiciméadacht uile a cuireadh ar fáil le linn na hÉisteachta ó Bhéal don iarratas ar Ordú Iarnróid MetroLink an tríú tuarascáil. Eisíodh é seo i Meán Fómhair 2024 agus reáchtáil RINA seisiúin oscailte de réir mar a bhí gá leo chun plé a dhéanamh le grúpaí ábhartha ar thorthaí thuarascáil Mheán Fómhair 2024. I rith 2023 agus 2024, lean RINA lena rannpháirtíocht leis na RSGanna agus iad ag ullmhú don Éisteacht ó Bhéal os comhair an Bhoird Pleanála. Phléigh RINA moltaí athbhreithnithe MetroLink le Grúpaí Páirtithe Leasmhara ansin bunaithe ar aighneachtaí a fuarthas maidir le hOrdú Iarnróid.

Chomh maith leis na bearta a glacadh mar chuid den phróiseas iarratais ar Ordú Iarnróid, tá forálacha curtha san áireamh ag BIÉ i gconarthaí tábhachtacha, a éilíonn tacaíocht chonraitheora chun dualgas earnála poiblí BIÉ a chomhlíonadh.

**Cearta Cultúir agus Oidhreachta:** De réir Chód Cleachtais Seandálaíochta BIÉ, tá Straitéis Oidhreachta Cultúrtha ullmhaithe ag BIÉ chun eolas agus cúnamh a thabhairt i ndearadh cur chuige maidir le meastóireacht agus bainistíocht thionchar MetroLink ar an gcomhshaol bonnlíne oidhreachta cultúrtha glactha feadh an bhealaigh. Tugann sé aghaidh ar dhá ábhar imní na scéime atá beartaithe maidir le hoidhreacht chultúrtha, is iad sin: sainaithint, taifeadadh agus bearta cosanta cuí srianta oidhreachta cultúrtha; agus seachadadh éifeachtach agus tráthúil na scéime. Tá an doiciméad le nuashonrú in 2025 agus cuirfear sonraí faoi ghealltanais an TMTT agus conas a cuireadh i bhfeidhm iad trí shuirbhéanna éagsúla (2019-2024) agus oibreacha M300 san áireamh ann, chomh maith leis an gcaoi a gcuirfear bearta maolaithe breise i bhfeidhm trí chonarthaí shraith M100, M400 agus M500.

Beidh sé de dhualgas ar gach Conraitheoir ceaptha seirbhísí speisialtóirí oidhreachta inniúla a fhostú agus a choinneáil lena chinntiú nach ndéanfaidh a gcuid oibre damáiste d’aon srian oidhreachta, bíodh sé ina mhaoin phoiblí, tráchtála nó chónaithe.

I rith 2024, bhí Comhairleoir Oidhreachta Cultúrtha agus PCA MetroLink i mbun plé le páirtithe leasmhara reachtúla agus neamhreachtúla éagsúla maidir lena gcuid ábhair imní oidhreachta.

## Tionscadal BRUCE

Staidéar meastóireachta roghanna is ea Tionscadal BRUCE ar ról na dtáillí ar úsáid bóithre chun inmharthanacht an ghréasáin bóithre náisiúnta in Éirinn sa todhchaí agus san fhadtéarma a chinntiú tar éis dul in éag na gComhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha a bhfuil baint ag dolaí leo ó 2033. Athróidh leictriú soghluaisteacht ar gach bóthar.

Sainaithníodh cúig chuspóir chun roghanna muirir a d'fhéadfadh a bheith ag úsáideoirí bóthair a mheas agus chun cinnteoireacht láidir agus struchtúrtha a áirithiú: Gníomhú ar son na hAeráide, Inbhuanaitheacht Airgeadais, Nascacht agus Fás, Sláinte & Sábháilteacht, agus Cothromas & Cuimsiú.

Is é is aidhm don chuspóir Cothromais agus Cuimsithe a chinntiú gur féidir le daoine de gach déimeagrafaic agus tíreolaíocht rochtain a fháil ar dheiseanna eacnamaíocha agus sóisialta ó ghlúin go glúin. Áirithítear leis an gcuspóir Cothromais agus Cuimsitheachta go ndéantar gach cur chuige féideartha táillí a ghearradh ar úsáideoirí bóthair amach anseo i dtéarmaí an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine aonair a bhfuil riachtanais agus cúinsí éagsúla acu.

Féachfaidh Tionscadal BRUCE le dul chun cinn a dhéanamh i gcomhréir le treoracha an Aire agus na Roinne Iompair maidir le bainistíocht éilimh agus laghduithe astaíochtaí faoi CAP 2025 agus ag an am céanna eolas a thabhairt d'ullmhúcháin le haghaidh dul in éag lamháltas CPP.

## Nochtuithe Cosanta

Tá bealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus seachtracha i bhfeidhm ag Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) maidir le Nochtuithe Cosanta, mar a cheanglaítear leis an Acht um Nochtuithe Cosanta 2014 arna leasú (an tAcht).

Ní raibh aon nochtadh ag fostaithe BIÉ sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31 Nollaig 2024 ('an tréimhse tuairiscithe').

Fuair BIÉ trí nochtadh, agus measadh gur Nochtuithe Cosanta féideartha faoin Acht iad uile, le linn na tréimhse tuairiscithe. Thug foireann ábhartha BIÉ faoi imscrúduithe cuí ar na hábhair a bhí i gceist.

Maidir leis an gcéad nochtadh féideartha, rinne BIÉ measúnú réamhchéime ar an tuarascáil agus chinn siad nach raibh aon fhianaise ann ar mhí-iompar ábhartha de réir bhrí Chuid 5 den Acht. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe is ábhar don nochtadh seo. Dhún BIÉ an t-imscrúdú seo.

Maidir leis an dara nochtadh féideartha, chinn BIÉ nár cháiligh an tuarascáil a rinneadh mar nochtadh cosanta de réir bhrí an Achta. Gan dochar don mheasúnú seo, rinne BIÉ measúnú ar an ábhar agus chinn sé nach raibh aon fhianaise ann chun tacú le líomhain maidir le mí-iompar ábhartha de réir bhrí an Achta. Dhún BIÉ an t-imscrúdú seo i mí na Nollag 2024. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe is ábhar don nochtadh seo.

Maidir leis an tríú nochtadh féideartha, rinne BIÉ measúnú tosaigh chun a fháil amach ón bhfaisnéis uile a cuireadh ar fáil an raibh fianaise prima facie ann go bhféadfadh mí-iompar ábhartha tarlú. Maidir leis seo, d'iarr sé agus fuair sé faisnéis bhreise ón duine a rinne an tuairisciú agus chinn sé nach raibh dóthain fianaise ann gur tharla mí-iompar ábhartha de réir bhrí an Achta. Ní dhearnadh aon imscrúduithe oscailte ó bhlianta roimhe seo maidir leis an éagóir líomhnaithe is ábhar don nochtadh seo.

Ní raibh aon chaillteanas airgeadais do BIÉ ag eascairt as na saincheisteanna a bhain le ceann ar bith de na nochtuithe ionchasacha seo.

Ní dhearnadh aon nochtadh do POF BIÉ mar dhuine forordaithe faoi Alt 7 den Acht sa tréimhse tuairiscithe.

Níor chuir an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta, faoi Ailt 10C nó 10D, aon tuarascálacha chuig BIÉ le linn na tréimhse tuairiscithe.

## Íocaíochtaí Prasa

| Mionsonraí | Líon na níocaíochtaí | Luach € | % de na híocaíochtaí Iomlána a Rinneadh |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2024 | 2,135 | 593,278,050 | 100% |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá | 1,531 | 400,776,344 | 72% |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 16 go 30 lá | 604 | 192,501,706 | 28% |
| Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh tar éis níos mó ná 30 lá | 0 | 0 | 0% |

**Gareth Llewellyn**
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2025



# Ráitis airgeadais don bhliain

## dar críoch 31 Nollaig 2024


| | |
|---|---|
| Faisnéis | 86 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 87 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 89 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais | 95 |
| Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh | 96 |
| Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí | 97 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 98 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 100 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 101 |

# Faisnéis

## Cathaoirleach
Gareth Llewellyn

## Comhaltaí Boird
Colette Byrne
AnnMarie Farrelly
Desmond Kenny
Aebhric Mc Gibney
Mary O'Donovan
Sadhbh O'Neill
Patricia O'Shea
Damien Ó Tuama
Aidan Skelly
Michael Wall
Peter Walsh

## Dlíodóirí
McCann Fitzgerald
Cois Abhann Uimhir a haon
Cé Sir John Rogerson,
Baile Átha Cliath 2

A&L Goodbody LLP
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta 25-28 Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Arthur Cox
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

## Baincéirí
Danske Bank A/S
Foireann Tacaíochta Rialtais
7ú Urlár, An Oifig Loingseoireachta,
20-26 Cé Sir John Rogerson,
Baile Áha Cliath 2

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

NTMA (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta)
Foirgneamh an Státchiste
Sráid na Canálach Móire Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

## Iniúchóirí
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

## Seoladh Cláraithe
Ionad Gnó Gheata na Páirce,
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Bonneagar

## Iompair Éireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 mar a cheanglaítear faoi Mhír 5 den tríú sceideal d'Acht na mBóithre, 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- ráiteas ioncaim agus caiteachais
- ráiteas ioncaim chuimsithigh
- ráiteas ar athruithe ar chaipiteal agus cúlchistí
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas do 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúchóireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Bhonneagar Iompair Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Bonneagar Iompair Éireann mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**26 Meitheamh 2025**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ullmhú ráiteas airgeadais bliantúil san fhoirm atá forordaithe faoi Mhír 5 den tríú sceideal a ghabhann le hAcht na mBóithre, 1993
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta cuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a chumasú, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi Mhír 5 den tríú sceideal d'Acht na mBóithre, 1993 ráitis airgeadais Bhonneagar Iompair Éireann a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá an riosca nach mbrathfar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna himthosca, ach ní chun críche tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe gaolmhara.

Déanaim conclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas Bhonneagar Iompair Éireann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor a leithéid de nochtadh, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis le deireadh a chur le Bonneagar Iompair Éireann mar ghnóthas leantach.

- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh cur i láthair cothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfuil, i mo thuairim,

- an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má dhealraítear ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha ann. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndéantar gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH DO 2024

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhonneagar Iompair Éireann (BIÉ) admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Áirítear leis an gcóras rialaithe inmheánaigh rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bainistíochta riosca a thacaíonn le baint amach tosaíochtaí straitéiseacha BIÉ agus ag an am céanna a chosnaíonn na cistí agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuil BIÉ freagrach astu. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal is féidir a ghlacadh seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú go cuí agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna eisiúint ag An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe i bhfeidhm in BIÉ don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Bhainistiú

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag BIÉ ar a bhfuil, i rith na bliana, cúigear comhaltaí Boird. Tháinig an ARC le chéile seacht n-uaire in 2024 agus d'fhreastail sé ar dhá cheardlann freisin.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh le hacmhainní leordhóthanacha gairmiúla ag BIÉ, arna tacú ag gnólacht iniúchóireachta tríú páirtí, a bhfuil a chuid oibre bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil BIÉ nochta dó. Formhuiníonn an ARC an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh agus ceadaíonn an Bord iad.

D'fhorbair BIÉ, agus d'fhaomh an Bord, beartas bainistithe riosca, ráiteas goile riosca, agus plean bainistithe riosca a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil. Tacaíonn Bainisteoir Riosca Corparáideach BIÉ le sainaithint, measúnú agus bainistíocht riosca agus éascaíonn sé cultúr bainistíochta riosca laistigh de BIÉ, lena n-áirítear trí oiliúint leanúnach a chur ar bhaill foirne agus trí thacaíocht a thabhairt do phríomhbhaill foirne ag leibhéil Fiontair, Rannáin, Aonaid Gnó agus Tionscadail. Eisíodh an beartas bainistithe riosca, an plean agus an ráiteas goile riosca don fhoireann ar fad.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Áirithíonn an Coiste Riosca Fiontair ar a bhfuil bainistíocht shinsearach BIÉ, ceann Rialachais agus Dlí agus an Bainisteoir Riosca Corparáideach, go bhfuil nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm chun rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, riosca a mheas agus a bhainistiú ó pheirspictíocht straitéiseach agus oibríochtúil agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistíochta riosca.

Tá córas bainistithe riosca ar líne i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Tá cláir riosca fiontair,

rannáin, aonad gnó agus tionscadail i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh BIÉ, an catagóir riosca, an goile riosca agus na rialuithe agus na maoluithe atá i bhfeidhm.

Déanann an ARC athbhreithniú ar an gClár Riosca Fiontraíochta agus ar Chláir Riosca Rannáin de réir mar is iomchuí, ar bheartais, ar ráiteas ar fhonn riosca agus ar phleananna. Déanann an ARC athbhreithniú ar an gclár riosca fiontair ag gach cruinniú den ARC (seachas cruinniú mhí Feabhra, nuair a dhéantar athbhreithniú ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach). Cuireann a gcuid oibre le rannchuidiú Chomhaltaí an Bhoird le bainistíocht agus maoirsiú riosca an Bhoird agus cuireann sé eolas ar fáil d'athbhreithniú agus d'fhaomhadh an Bhoird ar an gclár riosca fiontair mar aon le beartais riosca, goile agus pleananna.

Tá céimeanna glactha ag an mBord agus ag an mBainistíocht Shinsearach lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm leis na gnéithe seo a leanas:

- ARC agus Coiste Bonneagair a bhunú mar fhochoistí den Bhord
- rannán soláthair tiomnaithe laistigh de BIÉ agus treoirlínte soláthair chorparáidigh dea-chleachtais,
- rannán tiomnaithe Rialachais agus Dlí laistigh de BIÉ, lena n-áirítear Bainisteoir Riosca Corparáideach tiomnaithe, Oifigeach Slándála Faisnéise agus Bainisteoir um Dhearbhú agus Tuairisciú Feidhmíochta,
- Coiste Rialachais comhdhéanta de chomhaltaí sinsearacha foirne chun tacú le BIÉ maidir lena fhreagrachtaí as saincheisteanna rialachais chorparáidigh agus comhlíonta lena n-áirítear riosca agus rialú inmheánach go háirithe cuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas BIÉ a chomhlíonadh agus riachtanais dearbhaithe an ARC agus an Bhoird,


Suirbhé um Shláinte Sráide N25 Cross Carrolls

- Coistí éagsúla eile a bhunú ar nós Foghlaim agus Forbairt, Sláinte agus Sábháilteacht, Soláthar Corparáideach, Cosaint Sonraí, Leanúnachas Gnó agus Cibearshlándáil a thugann dearbhuithe bliantúla don ARC,
- Féilire Rialachais a leagann amach go sainráite conas a ailínítear clár oibre an fheidhmeannaigh shinsearaigh laistigh de phríomh-oibleagáidí rialachais agus ceanglais tuairiscithe don Bhord agus do Choistí an Bhoird,
- glacadh agus cur i bhfeidhm Threoirlínte Bonneagair DPENDPDR maidir le caiteachas poiblí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Iompair agus BIÉ do thionscadail chaipitil, do chláir chaipitil agus oibríochtúla agus do thionscadail CPP,
- socruithe rialachais tionscadal a bhunú le haghaidh tionscadal agus oibríochtaí casta nó ardriosca/ardluacha lena n-áirítear MetroLink, Dola, Luas, PPPanna agus tionscadail bóithre náisiúnta,
- Cód Iompair Gnó a éilíonn ar chomhaltaí an Bhoird, ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann na caighdeáin eitice is airde a choinneáil,
- a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann le Dearbhú Leasa mar a shonraítear sna hAchtanna um Chaighdeáin agus um Eitic in Oifigí Poiblí agus Alt 40 d'Acht na mBóithre 1993,
- beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht feidhmíochta foirne, oiliúint ghairmiúil agus theicniúil agus forbairt ghairmiúil leanúnach,
- athbhreithnithe córasacha ón Iniúchadh Inmheánach ar rialuithe inmheánacha,
- nósanna imeachta doiciméadaithe do gach príomhphróiseas gnó,
- cláir shonracha oiliúna agus feasachta atá deartha chun rioscaí aitheanta a bhaineann le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn agus saincheisteanna suntasacha comhlíonta a mhaolú,
- srian a chur ar údarú airgead a eisíoc chuig sínitheoirí údaraithe,
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus cuntasacht chomhfhreagrach ar leibhéal na bainistíochta,
- córas buiséadaithe cuimsitheach le plean bliantúil agus buiséad atá faoi réir cheadú an Bhoird,
- córais agus próisis atá i bhfeidhm maidir le buiséid bhliantúla/ilbhliantúla, leithdháiltí agus gealltanais sa todhchaí,
- córais agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- córais rialaithe airgeadais atá i bhfeidhm chun maoirsiú acmhainní airgeadais agus cosaint sócmhainní a áirithiú,
- nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais d'údaráis áitiúla chun a áirithiú gur cuireadh an maoiniú i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaithe agus de réir na dtreoirlínte a eisíodh, agus
- nósanna imeachta chun teipeanna rialaithe suntasacha a chinneadh agus a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a áirithiú.

## Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun faireachán agus feabhsú a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déanann Iniúchadh Inmheánach, trína gclár iniúchtaí measúnú neamhspleách agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na bpríomhrialuithe inmheánacha san eagraíocht. I gcás ina sainaithnítear easnaimh rialaithe, comhaontaítear moltaí le haghaidh feabhsúcháin leis na daoine atá freagrach. Tuairiscítear leis an iniúchóireacht inmheánach go rialta don ARC agus don Fheidhmeannas ar thorthaí iniúchtaí agus ar stádas na moltaí feidhmithe.

Déantar measúnú seachtrach ar an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh gach 5 bliana, rinneadh an ceann is déanaí in 2023 agus tuairiscíodh na torthaí don ARC.

Déanann an Bord agus an ARC athbhreithniú ar a n-éifeachtacht féin ar bhonn bliantúil de réir na treorach a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus sna

hiarscríbhinní a ghabhann leis agus rinneadh na hathbhreithnithe seo in 2024. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an gCód meastóireacht sheachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird gach trí bliana. Rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach is déanaí in 2022 agus tugadh tuairisc don Bhord i mí Feabhra 2023.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat tuairiscithe rialta bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, teorainneacha údaráis agus córas tarmligin agus cuntasachta.

Áiríonn sé go háirithe:

- rinneadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint, a dhoiciméadú agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon laigí a thuairisciú,
- faireachán leanúnach ag an mBord agus ag an mbainistíocht shinsearach ar chaiteachas iarbhír/toradh tuartha i gcomparáid leis an bplean agus leis an mbuiséad bliantúil ceadaithe,
- faireachán leanúnach ag an mBord ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus rianú cuspóirí straitéiseacha,
- coistí éagsúla ar fud na heagraíochta a bhunú, ag feidhmiú faoi réir théarmaí tagartha faofa an Phríomhfheidhmeannaigh agus ag soláthar tuarascáil bhliantúil don ARC,
- tuairisciú rialta don Roinn Iompair maidir le buiséid bhliantúla/ilbhliantúla, leithdháiltí agus próisis ghealltanais amach anseo, agus
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil ar thuarascálacha airgeadais agus neamhairgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad agus caighdeáin ábhartha eile.

## Obair Chumaisc agus Cibearshlándáil

De réir bheartas an rialtais, leanadh den obair chumaisc in BIÉ in 2024. Leanadh d'fhaireachán a dhéanamh ar phríomhphróisis airgeadais agus ar phróisis oibríochtúla eile agus d'fhan siad go mór mar a bhí siad agus iad ag obair go hiomlán go cianda. Tá measúnú déanta ar rioscaí a bhaineann le hobair chumaisc, amhail cosaint sonraí agus slándáil faisnéise agus tá siad á mbainistiú de réir Bheartas Bainistithe Riosca BIÉ.

Leanadh le rialuithe slándála bogearraí a chur i bhfeidhm agus faireachán a dhéanamh orthu chun rioscaí TF agus slándála ó chianobair agus cibearchalaois a mhaolú. Leanamar le nuashonruithe, treoir agus oiliúint feasachta a eisiúint, bunaithe ar an gcibir-thírdhreach athraitheach. Reáchtáladh feachtais fioscaireachta ionsamhlaithe go rialta go hinmheánach chun leanúint ar aghaidh ag cur leis an bhfeasacht sa spás seo atá ag athrú de shíor. Rinneadh athbhreithniú tagarmhairc ar chomhlíonadh BIÉ le Caighdeán Bonnlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí agus creat Cibearshlándála na hInstitiúide Náisiúnta um Chaighdeáin agus Teicneolaíochta ("NIST") in 2022 agus rinneadh dul chun cinn feabhsaithe trí struchtúir rialachais chuí.

Rinneadh athbhreithniú agus tástáil ar phleananna Freagartha Teagmhais ar chalaois nó cibirionsaí lena n-áirítear ionsamhlúcháin ar bhogearraí éirice i rith na bliana. Rinneadh ionsaithe insamhalta chun gníomhaíochtaí freagartha a mheas agus aon leochaileachtaí féideartha a aithint. Rinneadh na ceachtanna a foghlaimíodh ó na cleachtaí seo a dhoiciméadú agus cuireadh i ngníomh iad d'fhonn cumais cibear-athléimneachta a fheabhsú i gcónaí.

Lean folláine agus sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne de bheith ina réimse fócais le clár folláine i bhfeidhm agus spreagtar an fhoireann chun freastal ar chainteanna agus imeachtaí i rith na bliana. Leanadh leis an rannpháirtíocht leis an bhfoireann i rith na bliana maidir le ceanglais an chóid cleachtais agus cuireadh seisiúin oiliúna ar fáil ar an gcód iompair ghnó, lena n-áirítear oibleagáidí a bhaineann le coinbhleachtaí leasa, glacadh le ceapacháin, tairiscintí bronntanas agus fáilteachais, rúndacht agus nochtuithe cosanta. Cuireadh oiliúint shaincheaptha i mbainistíocht riosca ar fáil do Bhainisteoirí Aonad Gnó freisin.

## Timpeallacht Eacnamaíoch

Lean boilsciú de bheith ag dul i bhfeidhm ar ghnó BIÉ in 2024 cé gur laghdaíodh ráta boilscithe praghsanna tairisceana le linn na chéad leithe de

2024 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2023. Méadaíodh boilsciú pá in 2024 i gcomparáid le 2023 agus le linn an ama sin méadaíodh líon na ndaoine i bhfostaíocht shochrach freisin.

Rinne Bord BIÉ, le tacaíocht óna choistí agus a lucht bainistíochta, measúnú leanúnach ar na cásanna airgeadais agus oibriúcháin a tháinig chun solais le linn 2024 agus rinne sé bainistíocht ar na rioscaí gaolmhara trí na struchtúir riosca atá ann cheana, lena n-áirithítear go raibh timpeallacht rialaithe éifeachtach á cothabháil ag BIÉ.

## Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla

Riarann BIÉ próiseáil, taifeadadh agus tuairisciú éileamh na nÚdarás Áitiúil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla don RI tríd an gCóras Tuairiscithe Tionscadal (PRS). Ionchorpraítear leis an PRS:

- Próifílí leithdháiltí agus íostarraingthe a shocraíonn agus a leasaíonn an Roinn Iompair i rith na bliana.
- Sonraí leithdháilte bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla arna soláthar ag an Roinn Iompair agus arna n-iompórtáil ansin isteach sa PRS. Cuirtear tuairiscí ar mhéideanna buiséid a allmhairítear chuig an Roinn Iompair lena bhfíorú.
- Déanann foireann an RI éilimh na nÚdarás Áitiúil do thionscadail bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a fhaomhadh.
- Cuirtear tuairiscí caiteachais ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla (lena n-áirítear tuarascálacha mionsonraithe de réir uimhir éilimh) agus tuarascálacha airgeadais go míosúil chuig an Roinn Iompair.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag BIÉ chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a áirithiú agus gur chomhlíon BIÉ na nósanna imeachta sin ar an iomlán i rith 2024. I gcásanna inar sainaithníodh ceanglas maidir le feabhsúcháin ar dhearadh nó ar chur chun feidhme na nósanna imeachta sin, comhaontaíodh freagairt iomchuí idir na páirtithe freagracha agus chuir an bhainistíocht i bhfeidhm í faoi mhaoirseacht an ARC.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Cuirtear faireachán agus athbhreithniú BIÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas ag athbhreithniú agus ag breithniú an chláir Iniúchta Inmheánaigh agus ag breithniú a thuarascálacha agus a thorthaí; ag athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón Iniúchadh Inmheánach ar stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh agus ar stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe seo óna dtuarascálacha féin; ag an ARC, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchta Inmheánaigh; ag an bhFoireann Feidhmiúcháin laistigh de BIÉ, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh; agus ag tuairimí a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó ag eachtraí agus tuarascálacha gaolmhara ar shaincheisteanna ábhartha rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2024.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Leis an Iniúchadh Inmheánach rinneadh obair ar 14 iniúchadh in 2024, agus cuireadh dhá thuarascáil déag faoi bhráid an ARC in 2024 agus cuireadh dhá thuarascáil eile i láthair in 2025. Leis an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh rinneadh cúig cinn de na tuarascálacha seo go díreach agus coimisiúnaíodh naoi gcinn ó pháirtithe seachtracha. Bhí moltaí mar thoradh ar na tuarascálacha seo atá curtha i bhfeidhm nó atá á gcur i bhfeidhm.

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2024 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.



**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**
24 Meitheamh 2025




Tincidhráil M50 ar an taobh crua

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | Nóta | Riarachán 2024 €'000 | Iarnród Éadrom & Meitreo 2024 €'000 | Gréasán Bóithre 2024 €'000 | Iomlán 2024 €'000 | Iomlán 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Deontais & Aisíocaíochtaí Stáit | 2 | 36,590 | 120,282 | 1,304,567 | 1,461,439 | 1,491,940 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 3 | 0 | 0 | 10,993 | 10,993 | 655 |
| Ioncam Dola | 4 | 0 | 0 | 257,671 | 257,671 | 228,985 |
| Ioncam Eile | 5 | 5,891 | 3,188 | 4,194 | 13,273 | 12,727 |
| Ioncam Iomlán | | 42,481 | 123,470 | 1,577,425 | 1,743,376 | 1,734,307 |
| Caiteachas | 6 | (39,847) | (174,962) | (1,547,643) | (1,762,452) | (1,743,120) |
| Barrachas/ (Easnamh) Oibriúcháin | | 2,634 | (51,492) | 29,782 | (19,076) | (8,813) |
| Aistriú ó/(chuig) Caipiteal | 12 | 469 | 46,207 | (37,388) | 9,288 | (20,385) |
| Muirir Airgeadais | 11 | (3,107) | 0 | (23,347) | (26,454) | (28,454) |
| Ús Infhaighte | | 111 | 568 | 994 | 1,673 | 1,486 |
| Barrachas (Easnamh) Coinnithe don bhliain | | 107 | (4,717) | (29,959) | (34,569) | (56,166) |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**
24 Meitheamh 2025

**Peter Walsh**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
24 Meitheamh 2025

# Ráiteas Ioncaim Chuimsitheach

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Easnamh coinnithe don bhliain | | (34,569) | (56,166) |
| **Scéimeanna Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe:** | | | |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí ar Oibleagáidí Sochair Shainithe Scoir | | (1,410) | 501 |
| Athruithe ar Thoimhdí is bun do Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Shainithe Scoir | | 11,941 | (3,006) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach iomlán do Scéimeanna Neamh-mhaoinithe | 20c | 10,531 | (2,505) |
| **Scéim Sochair Shainithe Mhaoinithe:** | | | |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Taithí ar Oibleagáidí Sochair Shainithe Scoir | | (1,985) | 107 |
| Athruithe ar Thoimhdí is bun do Luach Reatha na nOibleagáidí Sochair Shainithe Scoir | | 246 | (45) |
| (Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach iomlán do Scéimeanna Maoinithe | 20c | (1,739) | 62 |
| Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach iomlán | 20c | 8,792 | (2,443) |
| (Méadú)/Laghdú ar an mBarrachas Do-aisghabhála ar an Scéim Sochair Shainithe Scoir | 20c | 1,734 | (66) |
| | | 10,526 | (2,509) |
| Coigeartú ar Oibleagáidí Sochair Shainithe Scoir | 20e | (10,531) | 2,505 |
| Glanghluaiseacht sa Bhliain | | (5) | (4) |
| Easnamh Cuimsitheach eile don bhliain | | (34,574) | (56,170) |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**
24 Meitheamh 2025

**Peter Walsh**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
24 Meitheamh 2025

# Ráiteas ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | Riarachán Cúlchistí Ioncaim Coinnithe €'000 | Cúlchistí Ioncaim Coinnithe Iarnród Éadrom & Meitreo €'000 | Cúlchistí Ioncaim Coinnithe Bóthar €'000 | Cuntas Caipitil €'000 | Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | (429) | 54,391 | 547,429 | 2,358,018 | 105,496 | 3,064,905 |
| Barrachas/(Easnamh) coinnithe don bhliain | 418 | (2,261) | (54,323) | 0 | 0 | (56,166) |
| Gluaiseacht i dTobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha [Nóta 21] | 0 | 0 | 0 | 0 | 6,770 | 6,770 |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach nó chun íocaíochtaí caipitil a mhaoiniú | 0 | 0 | 0 | 108,452 | 0 | 108,452 |
| Amúchadh ar aon dul le muirear dímheasa/airgeadais | 0 | 0 | 0 | (86,914) | 0 | (86,914) |
| Diúscairtí sócmhainní agus laguithe | 0 | 0 | 0 | (1,153) | 0 | (1,153) |
| Caillteanais aitheanta eile | (4) | 0 | 0 | 0 | 0 | (4) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | (15) | 52,130 | 493,106 | 2,378,403 | 112,266 | 3,035,890 |
| Barrachas/(Easnamh) Coinnithe don bhliain | 107 | (4,717) | (29,959) | 0 | 0 | (34,569) |
| Gluaiseacht i dTobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha [Nóta 21] | 0 | 0 | 0 | 0 | 8,418 | 8,418 |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach nó chun íocaíochtaí caipitil a mhaoiniú | 0 | 0 | 0 | 90,445 | 0 | 90,445 |
| Amúchadh ar aon dul le muirear dímheasa/airgeadais | 0 | 0 | 0 | (90,320) | 0 | (90,320) |
| Diúscairtí sócmhainní agus laguithe | 0 | 0 | 0 | (9,413) | 0 | (9,413) |
| Caillteanais aitheanta eile | (5) | | | | | (5) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 87 | 47,413 | 463,147 | 2,369,115 | 120,684 | 3,000,446 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:



**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**
24 Meitheamh 2025



**Peter Walsh**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
24 Meitheamh 2025

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 13 | 3,608,978 | 3,639,150 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 14 | 26,648 | 32,234 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 114,429 | 115,419 |
| | | 141,077 | 147,653 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna Dlite Laistigh de Bhliain amháin)** | | | |
| Iníoctha | 15 | (147,200) | (120,367) |
| **Glansócmhainní/(Dliteanais) Reatha** | | (6,123) | 27,286 |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna ag titim atá Dlite Tar éis Bliana)** | | | |
| Iníoctha | 16 | (478,216) | (495,817) |
| Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir | 19 | (124,193) | (134,729) |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochar Sainithe Scoir | 20d | (105,171) | (109,838) |
| Sochar Sainithe Maoiniú Scoir Iarchurtha | 20d | 105,171 | 109,838 |
| Barrachas Pinsean Sochair Shainithe | 20f | 0 | 0 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 3,000,446 | 3,035,890 |
| **Arna mhaoiniú ag** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cuntas Caipitil | 12 | 2,369,115 | 2,378,403 |
| Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha | 21 | 120,684 | 112,266 |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe (de réir an Ráitis ar Athruithe ar Chaipiteal agus Cúlchistí) | | 510,647 | 545,221 |
| | | 3,000,446 | 3,035,890 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo. Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**
24 Meitheamh 2025

**Peter Walsh**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
24 Meitheamh 2025



An N59 (Seachbhóthar Mhaigh Chuilinn), Gaillimh

# Ráiteas ar Shre-abhadh Airgid

## don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

| | 2024<br>'€000 | 2023<br>'€000 |
|---|---:|---:|
| **Glanshreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Easnamh coinnithe don bhliain | (34,569) | (56,166) |
| Dímheas, lagú agus diúscairt Sócmhainní Seasta | 62,073 | 60,476 |
| Amúchadh tobhach agus creidmheasanna iarchurtha | (1,512) | (1,512) |
| Muirear Pinsin | (5) | 0 |
| Aistriú ó/(chuig) Caipiteal | (9,288) | 20,385 |
| Ús | (1,672) | (1,486) |
| Laghdú / (Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte | 3,862 | (4,848) |
| Laghdú i Soláthairtí | (10,537) | (27,746) |
| Méadú ar Infháltais | 28,813 | 18,812 |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 37,165 | 7,915 |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra & Trealamh a fháil | (50,174) | (79,976) |
| Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha | 10,347 | 7,115 |
| Ús bainc faighte | 1,672 | 1,486 |
| **Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | (38,155) | (71,375) |
| **Glanlaghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | (990) | (63,460) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | 115,419 | 178,879 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig** | 114,429 | 115,419 |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 26 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.
Thar ceann Bhord Bhonneagar Iompair Éireann:

**Gareth Llewellyn**
**Cathaoirleach**
24 Meitheamh 2025

**Peter Walsh**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
24 Meitheamh 2025

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) leo chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

**a) Faisnéis Ghinearálta**

Tá a cheannoifig ag BIÉ in Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8.

Is é príomhchuspóir BIÉ ná gréasán sábháilte agus éifeachtach de bhóithre náisiúnta, d'iarnród éadrom agus de bhonneagar meitreo a sholáthar.

Is eintiteas leasa phoiblí é BIÉ.

Is é an Euro airgeadra tuairiscithe agus feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Tá gach suim sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an €1,000 is gaire.

**b) Ráiteas um Chomhlíonadh FRS 102**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an reachtaíocht infheidhmithe, agus le FRS 102. Is é FRS 102 an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

**c) Bunús an Ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an PFN faoi Achtanna na mBóithre 1993 go 2015.

**d) Airgeadra eachtrach**

I gcomhréir le beartas cistíochta BIÉ tá gach conradh ainmnithe in Euro. Aistrítear idirbhearta in airgeadraí eachtracha go hairgeadra feidhmiúil BIÉ ag an ráta malairte eachtraí atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Athaistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ar an dáta tuairiscithe go dtí an t-airgeadra feidhme ag an ráta malairte eachtraí a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin. Aithnítear difríochtaí malairte eachtraí a eascraíonn as aistriúchán sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

**e) Ioncam**

Deontais Stáit Aithníonn BIÉ gach deontas stáit sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fáltas airgid. Aistrítear deontais a mhaoiníonn caiteachas caipitlithe ón Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an cuntas caipitil. Ina dhiaidh sin déantar na deontais seo a amúchadh go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéanann na sócmhainní maoinithe dímheas.

Faigheann BIÉ deontais ón Roinn Iompair (DoT) agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoina gcláir maoinithe caipitil agus ioncaim faoi seach.

Tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha
Faigheann BIÉ tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí ó fhorbróirí agus (faoi réir fhorálacha na gcomhaontuithe ábhartha) úsáideann siad an t-ioncam chun caiteachas caipitil a mhaoiniú nó chun airgead státchiste a réamhíocadh chun tionscadail bhonneagair Luas ar leith a mhaoiniú. Coinníonn BIÉ an t-ioncam i gcúlchiste tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí agus déantar é a amúchadh go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéanann na sócmhainní maoinithe dímheas. Bailíonn Údaráis Áitiúla tobhaigh forbartha faoi na forálacha reachtaíochta ábhartha. Tagann ranníocaíochtaí ó fhorbróirí chun cinn trí chomhaontuithe déthaobhacha a thabhairt chun críche le daoine aonair, le cuideachtaí nó le comhpháirtíochtaí príobháideacha.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean

### e) Ioncam (Ar lean)

Aisíoc deontas a híocadh le hÚdaráis Áitiúla
Léiríonn aisíocaíochtaí deontais na méideanna iarbhír a fuarthas ó údaráis áitiúla i rith na bliana.

Ioncam Dola Aithníonn BIÉ ioncam dola atá dlite ó oibreoirí ar bhonn fabhraithe seachas ioncam pionóis a aithnítear ar bhonn airgid thirim. Léiríonn an t-ioncam ó dholaí táillí a ghearrann oibreoirí dola tar éis táillí áirithe agus íocaíochtaí idir-inoibritheachta a asbhaint.

Áirítear le hioncam dola freisin méideanna infhaighte maidir le socruithe comhroinnte ioncaim faoi scéimeanna CPP.

Bonneagar Luas a sholáthar Tugann BIÉ ceadúnas don bhonneagar Luas d'oibreoir, a bhfuil conradh ag BIÉ leis chun an córas Luas a oibriú agus a chothabháil ar phraghas seasta in aghaidh na bliana – an "Bunmhéid Bliantúil". Sa chás go sáraíonn an t-ioncam a bhailíonn an t-oibreoir an Bunmhéid Bliantúil, eascraíonn barrachas do BIÉ agus nuair a bhíonn an t-ioncam bailithe ag an oibreoir níos lú ná an Bunmhéid Bliantúil, eascraíonn easnamh do BIÉ. Aithnítear an barrachas nó an t-easnamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fabhraithe. Maoinítear easnaimh le deontais Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí [OSP] arna soláthar ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus aithnítear iad ar bhonn airgid thirim faoi "Deontais Stáit agus Aisíocaíochtaí" sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

Barrachas arna ghiniúint ó Shócmhainní Gaolmhara an Luas Gineann BIÉ ioncam ó shócmhainní a bhaineann le Luas. Eascraíonn an t-ioncam seo ó sholáthar áiseanna Páirceála agus Taistil, ioncam fógraíochta a ghintear ó fhillteáin tram, fógraíocht ar bord agus fógraíocht ag stadanna Luas. Aithnítear ioncam as bothanna feadh na línte a ligean ar cíos ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

### f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon fhoráil do lagú.

Caipitliú

**Tionscadail iarnróid éadroim & meitreo**

Déanann BIÉ caiteachas ar bhonneagar iompair phoiblí nua (Iarnród Éadrom agus Meitreo) a chaipitliú tar éis faomhadh áirithe a fháil ón Rialtas.

Chun críocha na mbeartas seo, sainmhínítear faomhadh an Rialtais do thionscadail iarnróid éadroim nó meitreo trí thagairt a dhéanamh don dáta faoina bhfuarthas Ordú Iarnróid Infheidhmithe agus faomhadh réamhthairisceana don chás gnó gaolmhar, ach amháin sa chás go bhfuil comhaontú faighte ón Rialtas chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú sula bhfaighfear Ordú Iarnróid.

Gearrtar caiteachas ar staidéir féidearthachta agus réamhdhearadh do thionscadail chaipitil ionchasacha ach neamhcheadaithe ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain chaiteachais. Déantar gach caiteachas ar éadáil sócmhainní caipitiúla, nó caiteachas a chuireann go suntasach le luach, le toilleadh úsáide, nó le saolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní atá ann cheana, a chaipitliú mar shócmhainn sheasta. Déantar sócmhainní seasta a fhaightear ó thríú páirtithe i gcomhréir le comhaontuithe tráchtála a bhaineann le tionscadail iarnróid éadroim agus meitreo a sholáthar, a luacháil go cuí agus a áireamh i sócmhainní seasta BIÉ.

Déantar na sócmhainní seo a thaifeadadh ar a luach margaidh. Aithnítear creidiúnaí comhfhreagrach mar ioncam iarchurtha. Scaoiltear an t-ioncam iarchurtha seo chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ag an ráta a dhéantar an tsócmhainn a dhímheas.

Sa chás go mbaineann caiteachas le fáil nó cruthú sócmhainne nach bhfuil ag feidhmiú nó i seirbhís ar dháta an chláir chomhardaithe tuairiscítear an caiteachas sin mar "Sócmhainní faoi Thógáil" agus ní dhéantar é a dhímheas. Déantar sócmhainní atá á dtógáil a mheas le haghaidh lagaithe gach bliain.

Ní dhéantar caiteachas a bhaineann leis an gcomaoin ar éadáil sócmhainní réadmhaoine a chaipitliú mar shócmhainn sheasta ach amháin nuair a bhíonn an t-idirbheart maoine curtha i gcrích go hiomlán.

Tá caiteachas a bhaineann le comaoin a tabhaíodh i leith sócmhainní réadmhaoine roimh chríochnú.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh
### Gréasán bóithre (Ar lean)

Déantar sócmhainní bóthair a fhaightear faoi chomhaontuithe lamháltais seirbhíse CPP a chaipitliú agus cuntas a thabhairt orthu ag baint úsáide as an tsamhail dliteanais léasa airgeadais sa bhliain a shínítear an comhaontú lamháltais. Tá luacháil déanta freisin ar na sócmhainní atá sa chomhaontú ceannaigh M50 ag baint úsáide as an tsamhail dliteanais léasa airgeadais agus rinneadh caipitliú ar na costais uile a thabhaítear sa chomhaontú seo. Nuair a shínítear conradh CPP, aithnítear luach na sócmhainne bonneagair agus an dliteanais lamháltais seirbhíse mar ghlanluach láithreach na n-íosíocaíochtaí léasa amach anseo.

Úsáidtear na híocaíochtaí tógála a leagtar amach sa chonradh mar thomhas ar na híosíocaíochtaí léasa amach anseo. Agus na híosíocaíochtaí léasa á lascainiú, roghnaigh BIÉ ráta lascaine 4% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (NDFA) ar an mbonn gur léirigh sé ráta cuí do shócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá conradh i bhfeidhm ag BIÉ chun tollán Bhaile Átha Cliath, tollán Jack Lynch agus lárionad rialaithe oibríochtaí an mhótarbhealaigh a oibriú. Cé go bhfaigheann BIÉ ioncam dola ó thollán Bhaile Átha Cliath, is é an tÚdarás Áitiúil ábhartha (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) atá i seilbh na sócmhainne seo. Dá réir sin, níor tugadh cuntas ar an gconradh seo mar shocrú lamháltais seirbhíse. Muirearaítear na híocaíochtaí ábhartha ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse a dtagann siad chun cinn.

Déantar sócmhainní bóithre nua a fhaightear faoi sholáthar traidisiúnta a chaipitliú ón dáta a cheadaítear an príomhchonradh foirgníochta i gcomhréir le ceanglais na  dTreoirlínte Bonneagair.

Déantar caiteachas sócmhainní bóthair ar gach sócmhainn eile a thaifeadadh ag costas stairiúil.

Tairseach Caiteachais

Déantar caiteachas ar shócmhainní caipitil os cionn euro 1,000 a chaipitliú agus a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne lena mbaineann.

Dímheas

Ní dhéantar sócmhainní bóthair, lena n-áirítear limistéir seirbhíse mótarbhealaigh, a dhíluacháil nuair is ábhar iad do chomhaontú lamháltais seirbhíse nó cothabhála atá ceaptha chun saolré úsáideach agus acmhainn oibriúcháin a sheachadadh ag deireadh an chomhaontaithe atá coibhéiseach le saolré úsáideach agus acmhainn oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í den chéad uair. Déantar sócmhainní bonneagair Luas a dhímheas ón mí a dtéann siad isteach i seirbhís ioncaim agus déantar aon deontais a fhaightear maidir lena gceannach a amúchadh ar an mbonn céanna. Déantar sócmhainní seasta eile i gcás ina bhfuil siad faoi réir dímheasa a dhímheas ar feadh bliana iomlán sa bhliain éadála. Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn in aois cheana féin agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a ré úsáideach.

Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain. Déantar modhanna dímheasa, saolréanna úsáideacha agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú má léirítear athrú suntasach ón dáta tuairiscithe bliantúil deiridh ar an bpatrún faoina bhfuil BIÉ ag súil le sochair eacnamaíocha sócmhainne sa todhchaí a úsáid.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh Gréasán bóithre (Ar lean)

Soláthraítear dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruílse, ag rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bhonn an mhéid chothroim thar a saolta úsáideacha measta, mar a leanas:

| | Blianta |
|---|---|
| Droichid, íosbhealaí, oibreacha sibhialta & oibreacha cumasúcháin | 50 |
| Foirgnimh | 30 |
| Rian | 10-50 |
| Córais rialaithe & cumarsáide | 10-25 |
| Cumhacht | 20-25 |
| Bailiú táillí | 5-15 |
| Páirceáil & Taisteal | 30 |
| Rothstoc & trealamh Luas | 15-24 |
| Troscán & feistis, ardaitheoirí agus páirteanna spártha | 10-25 |
| Daingneáin agus trealamh oifige | 4-10 |
| Feabhsú ar áitribh léasachta | 10* |
| Mótarfheithiclí | 5 |
| Comharthaíocht | 20 |
| Trealamh sábháilteachta & ilghnéitheach | 10 |
| Trealamh leictreonach | 10 |
| Trealamh cothabhála geimhridh | 10 |
| Duchtú | 20 |
| Iostaí cothabhála | 30 |
| Sócmhainní eFlow an M50 | 20** |

*Déantar sócmhainní ar léas a dhímheas thar théarma an léasa agus a saolréanna úsáideacha, cibé acu is giorra.

**Déantar sócmhainní eFlow an M50 a dhímheas thar 20 bliain nó saolré an chonartha.

## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### g) Léasanna

Aicmítear léasanna ina nglacann BIÉ go substaintiúil leis na rioscaí agus na buntáistí uile a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe mar léasanna airgeadais. Aicmítear léasanna eile mar léasanna oibriúcháin. Luaitear sócmhainní ar léas a fuarthas trí léas airgeadais ar aitheantas tosaigh ag méid atá comhionann lena luach cóir, cibé acu is ísle agus luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta tráth tionscanta an léasa, lena n-áirítear aon chostais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith idirbheartaíochta maidir leis an léas agus socrú an léasa.

Ar aitheantas tosaigh, aithnítear dliteanas léasa airgeadais cothrom le luach cóir na sócmhainne léasaithe nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa. Ríomhtar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta ag baint úsáide as an ráta úis atá intuigthe sa léas. Déantar na híosíocaíochtaí léasa a chionroinnt idir an muirear airgeadais agus an laghdú ar an dliteanas amuigh ag baint úsáid as modh an úis éifeachtaigh. Leithdháiltear an muirear airgeadais ar gach tréimhse le linn théarma an léasa ag tabhairt ráta seasta tréimhsiúil úis ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha.

### h) Infháltais

Aithnítear infháltais ag luach cóir, lúide soláthar d’fhiacha amhrasacha. Is foráil ghinearálta í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha agus bunaítear í nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh BIÉ in ann na méideanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d’fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

### i) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### j) Ús infhaighte agus ús iníoctha agus muirir chomhchosúla

Áirítear le hús iníoctha agus muirir chomhchosúla ús iníoctha agus muirir airgeadais ar léasanna airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Áirítear le muirir airgeadais muirir arb ionann iad agus “leachtú” nó “aisiompú” na lascaine ar sholáthairtí. Aithnítear ioncam úis agus ús iníoctha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a fhabhraíonn siad.

### k) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Léirítear sna ráitis airgeadais, ag luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin BIÉ agus aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear leo na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh an aonaid chreidmheasa réamh-mheasta. Sa chás go bhfuil barrachas i scéim, tá an t-uasmhéid barrachais is féidir a aithint ar an Ráiteas ar an Staid Airgeadais teoranta do luach saoire ranníocaíochta fostóra go suthain, arna thomhas ag baint úsáide as an mbonn FRS 102. Aithnítear aon mhéid neamh-aisghabhála sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.



## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### k) Sochair Fostaithe (Ar lean)

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Iompair don Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe amháin. Feidhmíonn BIÉ na scéimeanna pinsin seo a leanas:

**Scéim Ranníocaíochta Shainithe Pinsin [Dúnta do chomhaltaí nua]**

Feidhmíonn BIÉ scéim ranníocaíochtaí shainithe pinsin. Maoinítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe trí ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra chuig scéim ranníocaíochtaí sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha.

**Scéim Sochair Shainithe Pinsin Maoinithe [Dúnta do chomhaltaí nua]**

Feidhmíonn BIÉ scéim sochair shainithe pinsin maoinithe á maoiniú ag BIÉ agus ag ranníocaíochtaí ó chomhaltaí.

**Scéim Sochair Shainithe Pinsin Neamh-mhaoinithe [Dúnta do chomhaltaí nua]**

Feidhmíonn BIÉ scéim sochair shainithe pinsin a bhfuil a dliteanais maoinithe ag RI de réir mar a thagann siad chun bheith dlite. Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne a choinníonn BIÉ. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuiltear ag súil go ndéanfar é a fhritháireamh go hiomlán trí dheontais a fháil.

**Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”)**

Tá BIÉ rannpháirteach sa Scéim [Earnáil Phoiblí] Aonair, ar scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú GTI (DPENDPDR). Tá na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo san áireamh sna nochtadh maidir leis an scéim pinsin le sochar sainithe neamh-mhaoinithe.

### l) Cúlchiste

Aistrítear barrachais/(Easnaimh) a ghintear ó ghnó bonneagair Luas chuig Cúlchiste Ioncaim Iarnróid Éadroim & Meitreo. Tá an cúlchiste seo imfhálaithe trí chomhaontú leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun caiteachas caipitil agus athchóiriú ar bhonneagar Luas agus [nó] easnaimh oibriúcháin Luas amach anseo a mhaoiniú.

### m) Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir

Tá lamháltais seirbhíse bóthair déanta ag BIÉ, agus le forálacha conartha ag déanamh foráil d’íocaíochtaí [íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe] leis an oibreoir i gcás ina dtiteann an méid tráchta faoi leibhéil sonraithe. Déanann BIÉ foráil do gach dliteanas sa todhchaí a bhaineann leis na híocaíochtaí seo agus tuairiscíonn siad ina gcuid Ráitis Airgeadais iad. Braitheann meastachán ar dhliteanais sa todhchaí le haghaidh íocaíochtaí oibríochta athraitheacha go mór ar mheastacháin ar shreabhadh tráchta amach anseo. Tá an fhoráil do na dliteanais seo i Nóta 19 sna ráitis airgeadais. Aithníodh luach réamhaisnéise iomlán na n-íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha mar mhuirear ar Chúlchistí ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais BIÉ mar aon leis an dliteanas measta i leith oibleagáidí sa todhchaí faoi na lamháltais seirbhíse seo. Tá na luachálacha agus luach an dliteanais ghaolmhair bunaithe ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe atá tuartha go díreach ag BIÉ.

Tá ráta lascaine cuí roghnaithe chun na dliteanais todhchaí a eascraíonn as na comhaontuithe lamháltais seirbhíse bóithre seo a lascainiú, agus tá an ráta sin socraithe i gcomhairle leis an NDFA. Déantar réamhaisnéis na n-íocaíochtaí oibriúcháin inathraithe agus luacháil an dliteanais go bliantúil agus déantar aon ghluaiseachtaí san fhoráil ghaolmhar a mhuirearú / a chreidiúnú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.



## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### m) Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir (Ar lean)

Féadfar deontais stáit a tugadh ar airleacan chun tionscadail Luas a mhaoiniú ar glacadh scéimeanna tobhaigh forbartha ina leith a ainmniú ina dhiaidh sin a bheith inaisíoctha leis an RI i gcomhréir le téarmaí Treorach ón Aire atá sainiúil don tionscadal. I gcás ina bhfuil oibleagáidí den sórt sin ann, déantar meastacháin ar mhéideanna inaisíoctha aon deontas a fhaightear bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar théarmaí Threoir an Aire. Coinnítear an méid ioncaim deontais a fuarthas agus a mheastar a bheith inaisíoctha mar dhliteanas fadtéarmach. Le teacht ar an méid measta, ní mór don bhainistíocht roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí a mheas lena n-áirítear riosca forbartha, scor ró-luath den scéim tobhaigh, riosca críochnaithe tionscadail agus athrú dlí.

Aithnítear forálacha maidir le hathchóiriú rianta agus airleacain státchiste atá inaisíoctha nuair a bhíonn oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach reatha ag BIÉ mar thoradh ar imeacht san am a chuaigh thart agus gur dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach agus nuair atá an méid measta go hiontaofa.

Tomhaistear forálacha de réir luach reatha an chaiteachais a bhfuiltear ag súil leis a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid a réiteach trí úsáid a bhaint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe margaidh reatha ar luach ama an airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an oibleagáid. Aithnítear an méadú ar an bhforáil de bharr imeacht ama mar chostas úis.

Ní dhéanann BIÉ foráil d'éilimh dlí nó árachais ná d'aisíocaíochtaí cánach, a bhfuil a dtoradh éiginnte.

### n) Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla

Is iad íocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le Glasbhealaí, foirgníocht bóithre, feabhsú, cothabháil agus bainistíocht ná na deontais iarbhír a íoctar sa bhliain.

### o) Comhaontuithe lamháltais seirbhíse (Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha)

Tá comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí nó comhaontuithe lamháltais seirbhíse déanta ag BIÉ le heintitis san earnáil phríobháideach chun sócmhainní bonneagair a thógáil (nó a uasghrádú), a oibriú agus a chothabháil ar feadh tréimhse sonraithe ama (tréimhse lamháltais).

Rialaíonn nó coinníonn BIÉ smacht ar na seirbhísí a chaithfidh an t-oibreoir a sholáthar ag baint úsáide as na sócmhainní bonneagair, cé dó, agus cén praghas; agus rialaíonn BIÉ an t-ús iarmharach sna sócmhainní ag deireadh théarma na tréimhse lamháltais.

Déanann BIÉ íocaíochtaí thar shaolré an lamháltais chun na sócmhainní bonneagair a thógáil, a mhaoiniú, a oibriú, a chothabháil agus a athnuachan agus chun seirbhísí is ábhar don lamháltas a sholáthar.

I gcásanna áirithe d'fhéadfadh BIÉ a bheith i dteideal sciar den ioncam dola a thuilleann an lamháltóir agus forálann lamháltais áirithe d'íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe ag BIÉ má thiteann an méid tráchta faoi leibhéil sonraithe.

Aithnítear na sócmhainní lamháltais seirbhíse i Ráiteas ar Staid Airgeadais BIÉ mar aon leis an dliteanas gaolmhar. Tá luachálacha sócmhainní agus luach an dliteanais ghaolmhair bunaithe ar luach lascainithe na n-íocaíochtaí Foirgníochta atá le déanamh ag BIÉ faoin gcomhaontú lamháltais. Aithnítear íocaíochtaí oibriúcháin agus maoinithe a dhéantar faoi na comhaontuithe lamháltais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain a n-íoctar iad. Nochtar na hoibleagáidí chun íocaíochtaí de chineál oibriúcháin a dhéanamh thar shaolré an lamháltais sna nótaí leis na ráitis airgeadais.



## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

Éilítear le hullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais:

<u>Gréasán Bóithre Luacháil, Dímheas agus Luachanna Iarmharacha</u>

Déantar sócmhainní bóthair a fuarthas faoi shocruithe lamháltais seirbhíse CPP agus atá san áireamh i gceannach amach an M50 a chaipitliú agus cuntas a thabhairt orthu ag baint úsáid as an tsamhail dliteanais léasa airgeadais sa bhliain a shínítear an comhaontú lamháltais. Aithnítear luach na sócmhainne bonneagair agus an dliteanais lamháltais seirbhíse mar ghlanluach láithreach na n-íosíocaíochtaí léasa sa todhchaí, arna ríomh ar bhonn íocaíochtaí tógála a dhéanann BIÉ go díreach. Tacaíonn an tsamhail chaipitlithe CPP le boinn tuisceana BIÉ maidir le roinnt íocaíochtaí idir caipiteal agus ioncam agus an tsócmhainn á luacháil.

Roghnaigh BIÉ ráta lascaine 4% tar éis dul i gcomhairle leis an NDFA, ar an mbonn gur léirigh sé ráta cuí do shócmhainní bonneagair fadsaoil.

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá siad tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

Déantar sócmhainní bonneagair a fhaightear faoi chomhaontuithe lamháltais seirbhíse nó a chuirtear faoi chomhaontuithe cothabhála áirithe, faoi oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, a thabhairt ar ais do BIÉ ag deireadh théarma an lamháltais agus saolré úsáideach acu atá coibhéiseach le saolré úsáideach na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh í ar dtús. Tá feidhmíocht na bhforálacha "tóg ar ais" ráthaithe ag coinneálacha suntasacha airgeadais agus pionóis dá bhforáiltear sna comhaontuithe lamháltais. Mar thoradh ar na forálacha seo ní ghearrann BIÉ dímheas ar na sócmhainní seo. Déanann na Stiúrthóirí athbhreithniú bliantúil ar thoimhdí BIÉ i ndáil leis na forálacha "tabhairt ar ais".

<u>Forálacha agus meastacháin</u>

Déantar meastacháin shuntasacha maidir le ríomh na bhforálacha le haghaidh airleacain státchiste inaisíoctha agus íocaíochtaí oibríochtúla inathraithe.

<u>Airleacain Státchiste Inaisíoctha</u>

Féadfar deontais stáit arna soláthar ag an Státchiste chun tionscadail áirithe a chur i bhfeidhm ar glacadh scéimeanna tobhaigh forbartha ina leith a ainmniú ina dhiaidh sin a bheith inaisíoctha i gcomhréir le téarmaí Treorach ón Aire atá sainiúil don tionscadal. I gcás ina bhfuil oibleagáidí den sórt sin ann, déantar meastacháin ar mhéideanna inaisíoctha aon deontas a fhaightear bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil agus ar théarmaí Threoir an Aire. Coinnítear an méid ioncaim deontais a fuarthas agus a mheastar a bheith inaisíoctha mar dhliteanas fadtéarmach (nóta 19).

Sna himthosca seo tá méid an deontais inaisíoctha cothrom le méid iomlán na dtobhach a mheastar a bheidh le bailiú thar shaolré na scéime lúide aon tobhaigh a úsáidtear chun caiteachas incháilithe a fhritháireamh suas go dtí méid na gcistí státchiste a airleacan.

Tá sé ríthábhachtach meastachán ar na tobhaigh iomlána is dócha a gheofar thar shaolré na scéime agus an fhoráil d'airleacain státchiste inaisíoctha á ríomh. Déantar fáltais na dtobhach a mheas le cúnamh ó phleanálaithe baile gairmiúla an údaráis áitiúil a dhéanann boinn tuisceana ríthábhachtacha maidir le ráta agus méid na forbartha tráchtála miondíola agus cónaithe thar shaolré gach scéime. Chomh fada agus a bhíonn na boinn tuisceana seo fíor, ní bheidh aon athrú suntasach ar an méid a soláthraíodh chun airleacain státchiste a aisíoc agus ar an méid iarbhír a aisíocadh. Má athraíonn na coinníollacha atá mar bhonn leis na boinn tuisceana go suntasach, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige sin ar thorthaí iarbhír.



Tollán an M50

## 1. Beartais Chuntasaíochta (Ar lean)

### p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla (Ar lean)

Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha

Déanann dhá chonradh lamháltais (Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach), (M3 Cluain Aodha/ Ceanannas agus Tollán Luimnigh an N18) foráil d'íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha leis an oibreoir nuair a thiteann an méid tráchta faoi leibhéil sonraithe.

Tá íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha iníoctha ar chonarthaí ar fad agus déantar foráil do mheastacháin ar dhliteanais sa todhchaí sna ráitis airgeadais (nóta 19). Tá na meastacháin ar dhliteanais sa todhchaí bunaithe ar shonraí tráchta braite, réamhaisnéisí ar fhás tráchta agus boilsciú. Díorthaítear innéacsanna boilscithe ón Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí measta go n-ardóidh táillí dola ar aon dul leis an innéacs sin. I gcás ina bhfuil difríocht idir fás tráchta agus/nó boilsciú agus na réamhaisnéisí, beidh tionchar aige sin ar na méideanna íocaíochta oibríochtúla athraitheacha a bhfuil foráil déanta dóibh.

Fabhruithe

Déanann BIÉ soláthar do gach caipiteal ábhair agus caiteachais reatha a tabhaíodh roimh an dáta tuairiscithe a bhfuil dliteanas ann ina leith ar an dáta tuairiscithe.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar nuashonrú bliantúil ar toimhdí atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais á gcinneadh ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta) ag achtúire neamhspleách bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir. Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáide ardcháilíochta
(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, coinníollacha i margadh an tsaothair.

### q) Fardal

Déantar na tomhaltáin go léir a dhíscríobh sa bhliain cheannaigh.

## 2. Deontais agus Aisíocaíochtaí Stáit

Fuarthas deontais stáit, gan aisíocaíochtaí san áireamh dár luach €1,448m (2023: €1,477m) in 2024 ón Roinn Iompair, (Vóta 31) agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoi na fo-cheannteidil seo a leanas:

| | Nóta | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Riarachán | 2a | 36,590 | 34,412 |
| Iarnród Éadrom agus Meitreo | 2b | 120,282 | 95,150 |
| Gréasán Bóithre | 2c | 1,304,567 | 1,362,378 |
| | | 1,461,439 | 1,491,940 |

## 2a. Deontais agus Aisíocaíochtaí Stáit - Riarachán

| | Nóta | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Deontais** | | | |
| C5 Costais Oibríochta Bhonneagar Iompair Éireann | | 36,347 | 34,593 |
| Lúide ranníocaíochtaí na Scéime Pinsin Aonair a íocadh | | (719) | (655) |
| **Aisíocaíochtaí** | | | |
| Fostaithe ar Iasacht An Roinn Iompair (DoT) | | 696 | 237 |
| Fostaithe ar Iasacht An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) | | 162 | 164 |
| Aisíocaíocht ar thástáil ábhair Bhóthair ón Roinn Iompair (DoT) | | 104 | 73 |
| | | 36,590 | 34,412 |

## 2b. Deontais agus Aisíocaíochtaí Stáit - Iarnród Éadrom agus Meitreo

| | Nóta | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Deontais** | | | |
| Clár Caipitil NTA | | 90,974 | 66,652 |
| Deontas PSO de chuid NTA | | 29,308 | 28,498 |
| | | 120,282 | 95,150 |

## 2c. Deontais agus Aisíocaíochtaí Stáit - Gréasán Bóithre

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---:|---:|
| **Deontais** | | |
| C3.1 Caiteachas Reatha - Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní | 32,850 | 34,850 |
| C3.2 Infheistíocht Chaipitil - Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní | 225,160 | 268,000 |
| C3.3 Foirgníocht agus Forbairt Bóithre Náisiúnta | 191,640 | 237,055 |
| C3.4 Íocaíochtaí Oibríochta CPP | 92,000 | 120,000 |
| A.4.1 - Glasbhealaí – Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní | 1,929 | 0 |
| A.4.2 - Glasbhealaí | 61,537 | 49,000 |
| A3.3 Clár Siúil & Rothaíochta - Clár Caipitil NTA | 310 | 2,400 |
| C.4.1 Réigiúnach agus Áitiúil Reatha – Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní** | 42,311 | 40,511 |
| C.4.2 / C.4.3 Caipiteal Réigiúnach agus Áitiúil – Cosaint agus Athnuachan Sócmhainní/Caipiteal Réigiúnach agus Áitiúil – Bóithre Nua/Oibreacha Feabhsúcháin** | 644,126 | 595,891 |
| | | |
| **Aisíocaíochtaí ó DoT** | | |
| ZEVI (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann) PMO, Tacaíocht & Bonneagar | 2,449 | 2,079 |
| Scéimeanna AFHDV (Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Malartacha)/ ZEHDV (Feithiclí earraí troma a úsáideann astaíochtaí nialasacha) | 1,741 | 2,333 |
| Scéim LEVTI (Dreasacht Dola d'Fheithiclí Astaíochtaí Ísle) | 0 | 3,649 |
| Aisíocaíocht ar stoc salainn le haghaidh bóithre réigiúnacha | 5,611 | 4,412 |
| Aisíocaíocht ar Chostais Trialach Forbartha le haghaidh bóithre réigiúnacha | 56 | (3) |
| Aisíocaíocht ar Chostais a bhaineann le Dearadh Geoiméadrach Rioscabhunaithe do bhóithre réigiúnacha | 51 | 128 |
| Aisíocaíocht as Cur i bhFeidhm Athbhreithnithe ar Luasteorainn | 143 | 0 |
| CEF Maoiniú Tionscadal Meridian | 826 | 0 |
| Aisíocaíocht ar an Airéine Taighde Iompair (TRA) 2024 | 1,827 | 2,073 |
| | 1,304,567 | 1,362,378 |

Úsáidtear gach Deontas a fhaightear chun na gcríoch a bhfuil ceadú iarrtha agus faighte ina leith ón bhfoinse Maoinithe.

Tá infheistíocht an Stáit faoi chosaint agus ní úsáidfear í mar urrús d'aon ghníomhaíocht eile gan dul i gcomhairle roimh ré leis an Roinn Iompair agus ceadú DPENDPDR.

Úsáidtear próisis athbhreithnithe tairsí chun a chinntiú go gcomhlíonann tionscadail na clocha míle agus na coinníollacha riachtanacha le dul ar aghaidh. I gcás tionscadal Bóithre agus Glasbhealaí, oibrímid i gcomhréir le Treoirlínte Bonneagair an Rialtais agus ar ár dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail féin. I gcás tionscadal iarnróid éadroim agus Meitreo, oibrímid i gcomhréir le Treoirlínte Bonneagair an Rialtais agus Treoirlínte um Cheadú Tionscadail agus Bainistíocht Costais an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Tá BIÉ ag cloí leis na ciorcláin ábhartha, Ciorclán 44/2006 san áireamh. Tá Deimhniú Imréitigh Cánach ag BIÉ, ar féidir é a fhíorú ar líne.

**Go stairiúil, rinne an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus an Roinn Iompair araon íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun bóithre áitiúla agus réigiúnacha a thógáil, a fheabhsú, a chothabháil agus a bhainistiú. In 2014, ghlac an Roinn Iompair freagracht as bainistiú na n-íocaíochtaí sin, lena n-áirítear faomhadh le haghaidh íocaíochta. Feidhmíonn BIÉ anois mar ghníomhaire íocaíochta agus eisíonn na híocaíochtaí ábhartha ar treoir a fháil ón Roinn Iompair. In 2024, d'eisigh BIÉ íocaíochtaí dar luach iomlán €686 milliún (2023: €636 milliún) (nótaí 9a agus 9b) d'údaráis áitiúla ó mhaoiniú a fuair sé ón Roinn Iompair. Bhí agus tá an Roinn Iompair freagrach ar fad as na leithdháiltí bliantúla a chinneadh d'údaráis áitiúla maidir le bóithre réigiúnacha agus áitiúla. Chomh maith leis an méid thuas, déanann an Roinn Iompair roinnt íocaíochtaí go díreach le húdaráis áitiúla le haghaidh bóithre réigiúnacha agus áitiúla.

## 2d. Deontais ón AE

Faoi ionstraim maoinithe an Choimisiúin Eorpaigh SCE (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa), ní bhfuair BIÉ aon íocaíocht ó Arc Atlantique in 2024, (€0.3m in 2023). Aistríodh na cistí seo chuig DPENDPDR ar an 13 Samhain 2023 agus níl siad san áireamh inár n-ioncam deontais i Nóta 2.

Fuarthas €0.826m ón Roinn Iompair i leith Thionscadal Meridian an AE CEF, tá sé seo san áireamh i Nóta 2c.

## 3. Aisíocaíochtaí Deontais

Seo a leanas na haisíocaíochtaí deontais ó údaráis áitiúla:

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Cosaint agus Athnuachaintí ar Infheistíocht Chaipitil ar Bhóithre Náisiúnta | 191 | 516 |
| Bóithre Nua Náisiúnta a Thógáil | 10,759 | 139 |
| Oibríochtaí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí | 43 | 0 |
| | 10,993 | 655 |

## 4. Ioncam Dola

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Tollán Bhaile Átha Cliath | 32,002 | 27,036 |
| M50 eFlow | 212,134 | 189,997 |
| Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan | 3,946 | 3,214 |
| An M4 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad | 9,554 | 8,738 |
| M8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí | 35 | 0 |
| | 257,671 | 228,985 |

Léiríonn an t-ioncam dola:

a) Dolaí a ghearrtar ag oibreoirí dolaí tar éis muirir áirithe a asbhaint, lena n-áirítear táillí seirbhíse idir-inoibritheachta agus muirir bhainc, agus socraíochtaí idir-inoibritheachta le hoibreoirí dolaí eile.

b) San áireamh in ioncam dola M50/eflow tá €12.5m d'ioncam pionóis (2023:€12.4m).

c) I dtaca leis an Ordachán ón Aire dar dáta an 13 Nollaig 2022, níor méadaíodh rátaí dola ar an M50 idir Eanáir agus Meitheamh 2023. B'ionann an meastachán d'ioncam dola nár bailíodh ar an M50 mar thoradh ar an Ordachán ón Aire seo agus €7m. Tháinig méaduithe ar an ráta dola ar an M50 i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2023.

d) Sciar den ioncam atá dlite faoi théarmaí an chonartha CPP do scéimeanna M4 Cill Choca/Cionn Átha Gad, M1 Sheachbhóthar Thiar Dhún Dealgan agus M8 Ráth Chormaic/Fhear Maí

## 5. Ioncam Eile

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Riarachán | 5a | 5,891 | 5,981 |
| Iarnród Éadrom agus Meitreo | 5b | 3,188 | 2,859 |
| Gréasán Bóithre | 5c | 4,194 | 3,887 |
| | | 13,273 | 12,727 |

## 5a. Ioncam Eile – Riarachán

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 20e | 5,697 | 5,810 |
| Ioncam Ilghnéitheach | | 194 | 171 |
| | | 5,891 | 5,981 |

## 5b. Ioncam Eile - Iarnród Éadrom agus Meitreo

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas arna ghiniúint ó Shócmhainní Gaolmhara an Luas | 1,487 | 1,137 |
| Ioncam Cíosa | 189 | 210 |
| Tobhaigh Amúchta agus Creidmheasanna Iarchurtha | 1,512 | 1,512 |
| | 3,188 | 2,859 |

## 5c. Ioncam Eile - Gréasán Bóithre

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam Ilghnéitheach | 1,133 | 1,044 |
| Sciar Ioncaim d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh | 3,061 | 2,843 |
| | 4,194 | 3,887 |

**Sciar Ioncaim d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh:** Tá dhá Chonradh CPP Limistéar Seirbhíse Mótarbhealaigh (MSA) bronnta ag BIÉ. Bronnadh Conradh MSA Tráinse 1 i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus rinneadh foráil ann do Limistéir Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an M1 agus an M4. Bronnadh Conradh MSA Tráinse 2 i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus cuireadh ar fáil é d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh ar an M6, M9 agus M11. Cuimsíonn an dá chonradh seo forálacha maidir le sciar ioncaim. B'ionann an t-ioncam a bhí dlite do 2024 agus €3m (2023: €2.8m).

## 6. Caiteachas

| | Nóta | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Riarachán | 7 | 39,847 | 37,005 |
| Iarnród Éadrom agus Meitreo | 8 | 174,962 | 143,315 |
| Gréasán Bóithre | 9/10 | 1,547,643 | 1,562,800 |
| | | 1,762,452 | 1,743,120 |

## 7. Caiteachas - Costais Riaracháin

| | Nóta | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Luach Saothair agus Costais Phá Eile | 7a | 32,720 | 30,391 |
| Costais chóiríochta | 7d | 2,749 | 2,632 |
| Costais Riaracháin eile | 7e | 3,757 | 3,376 |
| Dímheas | | 565 | 605 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | 56 | 1 |
| Iomlán na gCostas Riaracháin | | 39,847 | 37,005 |

Tá fáilteachas dár luach €2k (2023: €2k) san áireamh sna figiúirí thuas.

## 7a. Luach Saothair agus Costais Phá Eile

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | | 26,153 | 24,257 |
| Ragobair | | 35 | 46 |
| Árachas Sláinte / BIK Gluaisteán | | 1 | 1 |
| Costais Phinsin | 20a | 3,860 | 3,579 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra le Leas Sóisialach | | 2,543 | 2,388 |
| Luach Saothair agus Speansais Comhaltaí Boird | | 128 | 120 |
| | | 32,720 | 30,391 |

Baineadh Ranníocaíochtaí Aoisliúntais breise, ASC, de €832k (2023 €770k) agus íocadh iad leis an Roinn Iompair.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain (2023: €Nialas).

## 7b. Miondealú ar Shochair d'Fhostaithe

| Réimse de shochair iomlána d'fhostaithe a tuilleadh sa bhliain<br>Ó Go dtí | Meánlíon na bhfostaithe 2024 | Meánlíon na bhfostaithe 2023 |
|---|---|---|
| Líon iomlán na gCoibhéisí Lánaimseartha | 295 | 293 |
| €60,000 - €69,999 | 29 | 47 |
| €70,000 - €79,999 | 46 | 45 |
| €80,000 - €89,999 | 41 | 45 |
| €90,000 - €99,999 | 42 | 39 |
| €100,000 - €109,999 | 23 | 11 |
| €110,000 - €119,999 | 18 | 29 |
| €120,000 - €129,999 | 17 | 9 |
| €130,000 - €139,999 | 7 | 3 |
| €140,000 - €149,999 | 5 | 3 |
| €150,000 - €159,999 | 1 | 0 |
| €160,000 - €169,999 | 0 | 1 |
| €170,000 - €179,999 | 0 | 3 |
| €180,000 - €189,999 | 4 | 0 |
| €190,000 - €199,999 | 0 | 0 |
| €200,000 - €209,999 | 0 | 0 |
| €210,000 - €219,999 | 0 | 1 |
| €220,000 - €229,999 | 1 | 0 |

Cuimsíonn an tábla fostaithe ar iasacht chuig comhlachtaí eile san earnáil phoiblí.

## 7c. Cúiteamh Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear an Bord, an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí Oibríochtaí Tráchtála, Bainistíocht Líonra, Seirbhísí Gnó, Seirbhísí Gairmiúla, Seirbhísí Corparáideacha, Clár Caipitil, MetroLink, Cumarsáid Chorparáideach agus an oifig Feidhmiúcháin, na daoine a bhfuil údarás agus freagracht acu gníomhaíochtaí BIÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Tuarastail agus Táillí Comhaltaí Boird | 1,754 | 1,294 |
| BIK Gluaisteán | 1 | 0 |
| | 1,755 | 1,294 |

Ní áirítear leis seo luach na sochar scoir a fabhraíodh sa bhliain. Cé is moite de chomhaltaí an Bhoird, is baill de scéimeanna pinsin sochair shainithe maoinithe nó neamhchistithe BIÉ iad na príomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn a dteidlíochtaí ina leith sin téarmaí na scéimeanna sin.

Seo a leanas Luach Saothair an POF i leith Peter Walsh atá san áireamh i gcúiteamh príomhphearsanra bainistíochta:

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Luach Saothair P Walsh | 225 | 215 |
| | 225 | 215 |

Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim pinsin shochair shainithe neamh-mhaoinithe BIÉ agus ní sháraíonn a theidlíocht ina leith sin téarmaí mhúnla na scéime pinsin don tseirbhís phoiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir a fabhraíodh sa bhliain sa tuarastal a tuairiscíodh.

## 7d. Costais Chóiríochta

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Cíos, Rátaí agus Seirbhísí | | 2,119 |
| Soilsiú, Teas agus Glanadh | | 495 |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil | | 18 |
| | 2,749 | 2,632 |

## 7e. Costais Riaracháin Eile

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Teileafón agus Postas | 129 | 141 |
| Priontáil agus Stáiseanóireacht | 54 | 36 |
| Táillí Ríomhaire | 1,592 | 1,393 |
| Oiliúint Foirne, Forbairt agus Síntiúis Ghairmiúla | 261 | 203 |
| Taisteal agus Cothabháil Foirne - Náisiúnta | 423 | 390 |
| Taisteal agus Cothabháil Foirne - Idirnáisiúnta | 129 | 100 |
| Costais Mhótair | 40 | 50 |
| Táillí Iniúchóireachta | 81 | 81 |
| Leabhair agus Tréimhseacháin | 22 | 21 |
| Árachas | 270 | 259 |
| Táillí Bróicéara | 69 | 69 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil - Trealamh | 199 | 163 |
| Ilearraí | 221 | 297 |
| Riarachán Pinsin & Tacaíocht | 41 | 37 |
| Sainchomhairleoireacht | 74 | 82 |
| Táillí Dlí | 69 | 20 |
| Costais a bhaineann le Ceapachán Foirne | 83 | 34 |
| | 3,757 | 3,376 |

## 8. Caiteachas – Iarnród Éadrom agus Meitreo

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Dímheas | | 59,257 |
| Diúscairtí/Lagú | | 939 |
| Rátaí Údaráis Áitiúil | | 629 |
| Costais Forbartha Tionscadail MetroLink | | 45,396 |
| Costais Forbartha Tionscadail Luas | | 8,708 |
| Easnamh ar Sholáthar Bonneagair Luas | | 28,386 |
| | 174,962 | 143,315 |

## 9. Caiteachas – Gréasán Bóithre

| | Note | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Foirgníocht agus Feabhsú Bóithre | 9a | 1,254,447 | 1,261,847 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre | 9b | 93,529 | 93,208 |
| CPP, Oibríochtaí Tolláin agus Dola | 10 | 180,876 | 192,801 |
| Scéimeanna AFHDV (Feithiclí Tromshaothair a úsáideann Breoslaí Malartacha)/ZEHDV (Feithiclí earraí troma a úsáideann astaíochtaí nialasacha) | | 1,639 | 2,333 |
| ZEVI (Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann) PMO agus Tacaíocht | | 2,449 | 1,279 |
| Airéine Taighde Iompair (TRA) 2024 | | 1,952 | 1,980 |
| Diúscairtí/Lagú | | 0 | 214 |
| Dímheas | | 12,751 | 9,138 |
| | | 1,547,643 | 1,562,800 |

## 9a. Caiteachas - Tógáil agus Feabhsú Bóithre

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Cosaint agus Athnuachaintí ar Infheistíocht Chaipitil ar Bhóithre Náisiúnta | | 213,112 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Nua a bheith Tógtha ag Bóithre Náisiúnta | | 221,825 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla [Nóta 2] | | 595,891 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Clár Infheistíochta Iompair Phoiblí agus Iompair Inbhuanaithe | | 49,265 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Cosaint agus Athnuachan Chaipitil Glasbhealaí | | 0 |
| Comharthaí agus Línte | | 17,636 |
| Iompar | | 10,302 |
| Oibreacha Droichid | | 8,646 |
| Sábháilteacht | | 9,563 |
| Cothabháil Mótarbhealaigh | | 47,533 |
| Oibreacha Cosáin agus Mionoibreacha | | 63,537 |
| Íocaíochtaí Eile | | 24,537 |
| | 1,254,447 | 1,261,847 |

Áirítear leis an gcaiteachas in 2024 agus íocaíochtaí dár luach €7.0m (2023: €26.6m) a rinneadh le húdaráis áitiúla chun costais a chlúdach mar thoradh ar imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a eascraíonn as tionscadail foirgníochta bóithre. I measc na bhfigiúirí tá costais CBL, dlí agus comhairleoirí.

I measc na n-íocaíochtaí eile bhí caiteachas ar thionscadail athnuachana sócmhainní ar an ngréasán mótarbhealaí, lena n-áirítear forleaganacha ar dhromchlaí bóithre, comharthaí agus línte, athsholáthar agus deisiúcháin bacainní, oibreacha athnuachana droichid, faoiseamh tuile agus bearta sábháilteachta.

## 9b. Cothabháil agus Bainistiú Bóithre

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Náisiúnta | | 24,798 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla [Nóta 2] | | 40,511 |
| Íocaíochtaí Eile | | 27,899 |
| | 93,529 | 93,208 |

I measc na n-íocaíochtaí eile tá caiteachas ar a leanas: ceannach agus stóráil salainn; gnáthchothabháil bóithre ar an ngréasán mótarbhealaí lena n-áirítear gearradh féir, seirbhís gheimhridh agus córais draenála a chothabháil; monatóireacht ar shócmhainní dromchla na mbóithre náisiúnta; agus córais monatóireachta gheimhridh agus cóireála réamh-mheastacha aimsire a sholáthar.

## 10. Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí, Oibríochtaí Tolláin agus Costais Dola

| | Nóta | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Costais Choimhdeacha | 10a | 15,042 | 15,371 |
| Muirir Oibríochta na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí | 10b | 81,858 | 111,305 |
| Scéim Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí - Athruithe ar Sholáthar | 10c | (8,220) | (27,659) |
| Oibríochtaí Tolláin agus Dola | 10d | 92,196 | 93,784 |
| | | 180,876 | 192,801 |

## 10a. Costais Choimhdeacha

Baineann costais choimhdeacha a thabhaítear le pleanáil scéime, maoirseacht scéime, seirbhísí comhairleacha airgeadais, dlí agus teicniúla, seirbhísí idir-inoibritheachta dolaí, fógraí reachtúla agus margaíocht.

## 10b. Muirir Oibríochta na Scéime Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 Mar a Athdhearbhaíodh |
|---|---|---|
| N25 Seachbhóthar Chathair Phort Láirge | 924 | 1,945 |
| N18 Tollán Luimnigh | 751 | 785 |
| Uasghrádú ar an M50 | 22,664 | 21,154 |
| N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe | 845 | 1,790 |
| M3 Cluain Aodha/Ceanannas | 0 | 21,277 |
| M7/M8 Phort Laoise | 0 | 19 |
| Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan | 529 | 244 |
| N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí | 422 | 930 |
| M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad | 383 | 511 |
| N11 ó Arcló go Ráth Naoi | 12,317 | 12,233 |
| M17/N18 ón nGort go Tuaim | 25,830 | 25,797 |
| M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh | 10,442 | 10,269 |
| Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25 | 6,674 | 6,662 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla – Scéimeanna CPP | 70 | 145 |
| Scéim Fhorlíontach Dola CPP* | 7 | 7,544 |
| | 81,858 | 111,305 |

*I dtaca leis an Ordachán ón Aire dar dáta an 13 Nollaig 2022, níor méadaíodh bóithre lamháltais dola CPP idir Eanáir agus Meitheamh 2023. D'íoc BIÉ € 7.544m san iomlán le 8 gcuideachta lamháltais dola CPP i rith na tréimhse seo, b'ionann sin agus méideanna a bhí dlite do na cuideachtaí seo as an easnamh in ioncam dolaí, costais riaracháin agus táillí tríú páirtí.

Níl aon mhéideanna san áireamh i muirir oibríochta a eascraíonn as socraíochtaí (2023: €Nialas).

Áirítear ar na muirir oibríochta a thaispeántar sa tábla thuas costais oibríochta, chothabhála agus airgeadais CPP lúide aon ioncam infhaighte maidir le comhroinnt riosca árachais.

**Comhroinnt Riosca Árachais:** Tá clásal comhroinnte riosca árachais ag roinnt tionscadal CPP. Faoin gclásal seo, déantar athbhreithniú ar na costais árachais gach trí bliana, agus ag brath ar chostais a tabhaíodh sa tréimhse, d'fhéadfadh cúiteamh a bheith iníoctha le BIÉ, nó iníoctha ag BIÉ. B'ionann an t-ioncam a bhí dlite maidir le comhroinnt riosca árachais in 2024 agus €0.5m (2023: €0m).

## 10c. Gluaiseacht sa Dliteanas Iomlán i leith Íocaíochtaí Oibríochta Athraitheacha

Tá ocht CPP Lamháltas Dola anois ag BIÉ. Déantar CPPanna Lamháltais Dola a mhaoiniú go páirteach nó go hiomlán ag an earnáil phríobháideach agus íoctha ag muirir úsáideoirí (dolaí) agus íocaíochtaí BIÉ (íocaíochtaí foirgníochta agus íocaíochtaí oibríochtúla den chuid is mó). Déantar soláthar in dhá cheann de chonarthaí CPP Lamháltais Dola BIÉ (Conarthaí CPP an M3 Cluain Aodha-Ceanannas agus N18 Tollán Luimnigh) d'íocaíochtaí breise dá ngairtear Íocaíochtaí Ráthaíochta Tráchta faoi na Conarthaí ach dá ngairtear Íocaíochtaí Oibríochta Athraitheacha ('VOPanna') go coitianta.

Is é an príomhpharaiméadar lena gcinntear an chaoi a ríomhfar VOPanna sa todhchaí ná an bhearna idir an Mheántrácht Laethúil (ADT) iarbhír agus na tairseacha ráthaithe a shonraítear sna conarthaí CPP faoi seach. Go ginearálta, i gcás ina bhfuil ADT iarbhír níos airde ná ADT ráthaithe, níor cheart go mbeidh feidhm ag VOPanna, áfach, i gcás ina bhfuil ADT iarbhír níos ísle ná ADT ráthaithe, bíonn VOPanna iníoctha. Dá mhó an bhearna idir an ADT iarbhír agus ADT ráthaithe, is mó an leibhéal VOPanna a bheidh iníoctha. Tá an fhreagracht ar BIÉ maidir le riosca tráchta níos lú ná an tairseach ráthaithe.

A luaithe a bheidh na VOPanna iníoctha, tá foráil ag teastáil chun soláthar a dhéanamh maidir leis an dliteanas measta do VOPanna thar shaolré na gconarthaí. Tá méid an dliteanais a mheastar a bheith iníoctha laistigh de bhliain amháin san áireamh i gCreidiúnaithe (Nóta 15). Taifeadtar an chuid seo den dliteanas anseo mar go bhfuil cinnteacht réasúnta ann maidir le méid agus uainiú na híocaíochta. Mar gheall ar éiginnteacht maidir le sreafaí tráchta agus lascainí sa todhchaí, tá gá le hiarmhéid an dliteanais a tuairisciú faoi Fhorálacha (Nóta 19). Tá meastacháin sreafa tráchta agus toimhdí ráta lascaine lárnach i ríomh an dliteanais mheasta.

In 2024, tháinig feabhas ar mhéideanna tráchta a ndearnadh meastachán arís orthu, rud a d'fhág go raibh laghdú ar an bhforáil. Ar na tosca eile a raibh tionchar acu ar ríomh an dliteanais iomláin do VOPanna, ba iad na méideanna iníoctha don bhliain agus an muirear airgeadais chun aisiompú na lascaine ar an dliteanas comhlán a léiriú.

| | Nóta | N18 Tollán Luimnigh €'000 | *M3 ó Chluain Aodha go Ceanannas €'000 | Iomlán 2024 €'000 | Iomlán 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Amhail 01 Eanáir 2024** | | | | | |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 15 | 6,458 | 0 | 6,458 | 8,212 |
| Soláthar | 19 | 64,908 | 0 | 64,908 | 92,690 |
| Iomlán | | 71,366 | 0 | 71,366 | 100,902 |
| Iníoctha le hoibreoirí sa bhliain | 19 | (5,704) | 0 | (5,704) | (5,913) |
| Laghdú ar an soláthar mar gheall ar éagsúlachtaí i dToirt Tráchta | | (8,220) | 0 | (8,220) | (27,659) |
| Muirir airgeadais, ina n-aithnítear tionchar na lascainithe ar an uainiú le dliteanais a ghlanadh | 11 | 2,855 | 0 | 2,855 | 4,036 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | 60,297 | 0 | 60,297 | 71,366 |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 15 | 5,947 | 0 | 5,947 | 6,458 |
| Soláthar | 19 | 54,349 | 0 | 54,349 | 64,908 |
| Iomlán | 18 | 60,296 | 0 | 60,296 | 71,366 |

* Níl foráil ag teastáil níos nó ar an M3 Cluain Aodha/Ceanannas mar gheall ar mhéideanna tráchta a ndearnadh tuar arís orthu

## 10d. Oibríochtaí Tolláin agus Costais Dola BIÉ

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tollán Bhaile Átha Cliath | 27,811 | 28,321 |
| M50 eFlow | 58,045 | 54,690 |
| Tollán Jack Lynch | 6,340 | 8,298 |
| Scéim LEVTI (Dreasacht Dola d'Fheithiclí Astaíochtaí Ísle) | 0 | 2,475 |
| | 92,196 | 93,784 |

Baineann na costais seo le costais oibríochta, costais bhailithe dolaí agus muirir údaráis áitiúil Thollán Bhaile Átha Cliath; costais bhailithe dolaí, muirir as drochfhiach agus rátaí údaráis áitiúil an M50 eFlow; costais oibríochta Thollán Jack Lynch agus íocaíochtaí a rinneadh faoin Scéim Dreasachta Dola d'Fheithiclí Astaíochtaí Ísle.

Níl aon chostais do d'Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh (MSA) san áireamh sa tábla thuas. Glacann na hoibreoirí isteach an costas a bhaineann leis na hionaid seirbhísí a oibriú agus a chothabháil.

## 10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna N25 Waterford City Bypass

Bronnadh conradh lamháltais dola Sheachbhóthar N25 Chathair Phort Láirge ar chuibhreannas an Celtic Roads Group (Port Láirge) Ltd. in Aibreán 2006. Maireann téarma an chonartha 30 bliain. Cuimsíodh sa scéim tógáil sheachbhóthar an N25 a shíneann ó Chill Mhíodáin i gContae Phort Láirge go Sliabh Rua i gContae Chill Chainnigh. Trasnaíonn an bealach an tSiúir ag an nGreanach, rud a sholáthraíonn an dara droichead mór do Phort Láirge thar an tSiúir agus ag ligean do thrácht ar bhealach an N25 Corcaigh go Ros Láir gabháil timpeall ar an gcathair. Bhí thart ar 23km de dhébhealach sa scéim, droichead thar an tSiúir atá tuairim is 475m ar fad agus tógadh tuairim is 4km de charrbhealach aonair. Áiríodh sa chonradh agus 11km breise de thaobh-bhóithre agus ceangailtí-isteach agus 2km d'athailíniú iarnróid.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

### Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh

Tá dhá Chonradh CPP d'Ionad Seirbhísí Mótarbhealaigh (MSA) bronnta ag BIÉ. Bronnadh conradh MSA Tráinse 1 i mí Dheireadh Fómhair 2009 agus rinneadh foráil d'Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh dhá bhealach ag dhá shuíomh ar an M1 agus suíomh amháin ar an M4.

Bronnadh Conradh MSA Tráinse 2 i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus cuireadh ar fáil é d'Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh aontaobhacha ar an M6, M9 agus M11. Cuimsíonn an dá chonradh MSA seo forálacha maidir le sciar ioncaim.

### N18 Tollán Luimnigh

Bronnadh conradh lamháltais dola Thollán Luimnigh ar chuibhreannas DirectRoute (Luimneach) Ltd. i mí Lúnasa 2006. Maireann téarma an chonartha 35 bliain. Cuimsíodh le Scéim Tolláin Luimnigh thart ar 10km de dhébhealach nua a thógáil mar aon le nascbhóithre agus taobh-bhóithre gaolmhara. Bhí tollán feadáin tumtha i gceist le trasnú tolláin na Sionainne, tuairim is 0.9km ar fad, a nascann baile fearainn Ó Cuanach leis an mbruach thuaidh le baile fearainn Bhun Leice ar bhruach theas na Sionainne.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 2 agus 4, do thrácht i mí Iúil 2010. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

## 10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (Ar Lean)

### Uasghrádú ar an M50

Bronnadh conradh CPP Uasghrádaithe an M50 i Meán Fómhair 2007 le téarma conartha 35 bliain ar M50 Concession Ltd. Cuimsíodh leis an bhfoirgníocht a bhí mar chuid de chonradh CPP Uasghrádaithe an M50 agus leathnú 24km den M50 ó dheas ón acomhal M1/M50 (Turnapain) go dtí acomhal N3 agus ó dheas ó acomhal Bhaile an Mhóintigh go dtí acomhal Áth an Ghainimh, lena n-áirítear acomhail feadh na gcodanna seo a uasghrádú. Cuireadh na hoibreacha uasghrádaithe i gcrích in 2010. Déantar costais infheistíochta na Cuideachta CPP a chúiteamh trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ*.

Chomh maith le conradh CPP Uasghrádaithe an M50, fuarthas oibreacha uasghrádaithe M50 ar leith trí dhá chonradh Dearaidh & Tógála. Rinne na conarthaí seo foráil do (i) thart ar 8km de charrbhealach príomhlíne a leathnú idir an N4 (Acomhal 7) agus Baile an Mhóta (Acomhal 10) mar aon le acomhail an N4, an N7 agus Bhaile an Mhóta a uasghrádú, agus (ii) 1.3km de mhótarbhealach a leathnú ó dheas ó acomhal an N3. Cuireadh na hoibreacha uasghrádaithe sin i gcrích in 2008.

Tá an Chuideachta CPP freagrach as oibriú leanúnach, cothabháil agus oibreacha saolré phríomhlíne mhótarbhealaigh an M50 ón acomhal M1/M50 (Turnapain) go dtí acomhal Áth an Ghainimh ar feadh thréimhse an chonartha.

* Bíodh go bhfuil an M50 faoi réir dola idir Acomhal 6 agus 7, níl baint aige seo le conradh CPP an M50. Tá soláthraí seirbhíse dola faighte ag BIÉ le bailiúchán dolaí an M50 a oibriú thar ceann BIÉ.

### An N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe

Bronnadh conradh lamháltais dola an N6 Gaillimh/ Béal Átha na Sluaighe ar chuibhreannas an N6 (Lamháltais) Ltd. in Aibreán 2007. Maireann téarma an chonartha 30 bliain. Cuimsíodh leis an scéim seo agus thart ar 56km de dhébhealach nua a thógáil, nascbhóthar 7km chuig seachbhóthar Bhaile Locha Riach, 32km de thaobhbhóithre agus cúig acomhal ar leibhéil dheighilte.

Síneann an scéim ó Dhabhach Uisce, soir ó Chathair na Gaillimhe, go dtí an N6 atá ann soir ó Bhéal Átha na Sluaighe i gContae Ros Comáin.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 15 agus 16, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

### M3 Cluain Aodha/Ceanannas

Bronnadh conradh lamháltais dola an M3 Cluain Aodha/Ceanannas ar chuibhreannas Eurolink Motorway Operations Ltd i mí an Mhárta 2007. Maireann téarma an chonartha 45 bliain.

Is éard a bhí i gceist leis an scéim, a seachbhóithre ar Dhún Búinne, Dún Seachlainn, An Uaimh, Ceanannas agus Carn na Ros, ná mótarbhealach a thógáil atá thart ar 47km ar fad agus atá nasctha ag fobhóithre laistigh den ghréasán bóithre a bhí ann cheana trí acomhail ar leibhéil dheighilte ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluindín, Cill an Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an scéim iomlán 10km de dhébhealach N3 nua ó Cheanannas go Tuaisceart Charn na Ros agus 4km de Sheachbhóthar N52 Ceanannas.

Tógadh 4km eile de Dhébhealach Náisiúnta den Dara Grád, Cineál 1 agus 40km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla san iomlán. Ina theannta sin, bhí os cionn 100 struchtúr comhdhéanta de 62 droichead agus lintéir agus ballaí coinneála éagsúla ag teastáil.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 5 agus 6 agus idir acomhail 9 agus 10, do thrácht i mí an Mheithimh 2010. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

### M7/M8 Port Laoise

Bronnadh conradh lamháltais dola M7/M8 Phort Laoise ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Port Laoise). Bronnadh an conradh i mí an Mheithimh 2007. Maireann téarma an chonartha 30 bliain. Tógadh mótarbhealach dola atá thart ar 41km ar fad ar an iomlán mar chuid den tionscadal seo, a sholáthraíonn seachbhóithre ar Mhainistir Laoise, Darú, an Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus Buiríos Mór Osraí. Tá acomhail ar leibhéil dheighilte ann ag Port Laoise, Buiríos Mór Osraí agus Ráth Domhnaigh chomh maith le mótarbhealach páirteach chuig acomhal

mótarbhealaigh ag Achadh Bhó. Áiríodh leis an scéim freisin nascbhóthar réigiúnach nua 3km ón mótarbhealach ar ais go dtí Buiríos Mór Osraí mar aon le thart ar 15km de thaobh-bhóithre.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir Acomhal 18 (Port Laoise Thiar) agus Acomhal 19 (acomhal an M7/M8), do thrácht i mí na Bealtaine 2010. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré do thréimhse an chonartha.

### Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan

Bronnadh conradh lamháltais dola Sheachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Dún Dealgan) Ltd. i mí Feabhra 2004. Maireann an conradh ar feadh téarma 30 bliain. Is éard a bhí i gceist leis an scéim ná stráice 11km de bhóthar a thógáil atá mar chuid de phríomhbhealach náisiúnta an N1/M1 i gcomharsanacht bhaile Dhún Dealgan, Co. An Lú mar aon le thart ar 8km de thaobh-bhóithre agus de cheangailtí isteach gaolmhara. Cuireadh na hoibreacha tógála i gcrích in 2005. Chomh maith leis sin, cuimsítear leis an gconradh oibriú agus cothabháil an mhótarbhealaigh atá ann cheana agus a bhfuil fad thart ar 42km air, i.e. Seachbhóthar Dhún Léire agus Mótarbhealach Dhún Léire/Dhún Dealgan chomh maith le hoibriú agus cothabháil na n-áiseanna dola idir acomhal 7 agus 10 ar an scéim M1 (Baile Mhic Gormáin go Mainistir Bhuithe).

### N8 Seachbhóthar Ráth Chormaic – Mhainistir Fhear Maí

Bronnadh conradh Sheachbhóthar Ráth Chormaic – Mhainistir Fhear Maí N8 ar chuibhreannas Direct Route (Mainistir Fhear Maí) Ltd. i mí an Mheithimh 2004 agus maireann an conradh ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain. Cuimsíodh leis an gconradh lamháltais dola agus dearadh, foirgníocht, oibriú agus cothabháil de thart ar 17.5 km de mhótarbhealach. Cuimsíonn an scéim trí acomhal ar leibhéil dheighilte ag Ráth Chormaic Theas, an Carn, agus an Chloch Liath agus tarbhealach 450m ar fad a chuimsíonn Gleann na hAbhann Duibhe.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 14 agus 17, do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2006. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré ar an stráice mótarbhealaigh do thréimhse an chonartha.

### An M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad

Bronnadh an conradh lamháltais dola M4/M6 ó Cill Choca go Cionn Átha Gad ar Eurolink Motorway Operation Ltd i mí an Mhárta 2003. Maireann an conradh ar feadh tréimhse lamháltais 30 bliain. Cuimsíodh leis an scéim seo 39km de mhótarbhealach a thógáil, lena n-áirítear 19 dtardhroichead, 7 bhfodhroichead agus 3 íosbhealach.

Osclaíodh an scéim, atá faoi réir dola idir acomhail 8 agus 10, do thrácht i mí na Nollag 2005. Tá an Chuideachta CPP freagrach as na hoibreacha leanúnacha oibríochta, cothabhála agus saolré ar an stráice mótarbhealaigh do thréimhse an chonartha.

### N11 Arcló/Ráth Naoi

Bronnadh an conradh CPP N11 Arcló/Ráth Naoi ar N11 Arklow Rathnew PPP Ltd. i mí Aibreáin 2013. Cuimsíodh le conradh CPP Arcló/Ráth Naoi an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart ar 16.5km de dhébhealach ar an gcuid idir Arcló agus Ráth Naoi ar an N11, cuid bhreise 30km den bhealach M11/N11 atá ann cheana a oibriú agus a chothabháil (Arcló go Guaire agus Seachbhóthar Arcló), dearadh agus tógáil Ionad Seirbhíse Ghuaire an N11 agus dearadh, tógáil, oibriú, agus cothabháil ar Uasghrádú Acomhal N7 Chrois an Fhearainn Nua.

Críochnaíodh cuid Chrois an Fhearainn Nua i mí na Samhna 2014 agus osclaíodh cuid Arcló/Ráth Naoi don trácht i mí Iúil 2015. Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ.



Cothabháil Bóithre

## 10e. Cur síos ginearálta ar scéimeanna (Ar Lean)

### An M17/N18 ón nGort go Tuaim

Bronnadh Scéim CPP M17/M18 ar chuibhreannas DirectRoute (Tuaim) Ltd. i mí Aibreáin 2014. Cuimsíonn conradh CPP M17/M18 dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil thart ar 53km de mhótarbhealach mar aon le 4km de dhébhealach a dhearadh agus a thógáil. Soláthraíonn an scéim seachbhóithre do bhailte Dhroichead an Chláirín, Bhaile Chláir agus Thuama. Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ. Osclaíodh an scéim do thrácht i mí Mheán an Fhómhair 2017.

### An M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh

Bronnadh an conradh CPP an M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh ar Gorey to Enniscorthy M11 PPP Ltd i mí Dheireadh Fómhair 2015. Áirítear sa chonradh CPP dearadh, foirgníocht, oibriú agus cothabháil thart ar 31.4km de dhébhealach (Bealaí M11 agus “Bóthar Ceangail N80”) agus dearadh, foirgníocht agus maoiniú 8.0km de charrbhealach aonair (bealach N30). Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ. Osclaíodh sciar phríomhlíne an M11 don trácht i mí Iúil 2019 agus osclaíodh sciar an N30 i mí Lúnasa 2019.

### Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25

Bronnadh an conradh do Scéim CPP Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25 ar New Ross N25 Bypass Designated Activity Company i mí Eanáir 2016. Cuimsítear leis an gconradh CPP agus dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil sciartha de bhealaí N25 agus N30 araon. Níos mionsonraithe arís, cuimsíodh oibreacha de thart ar 13.6km de dhébhealach (bealaí N25 agus N30) agus 1.2km de charrbhealach aonair (bealach Ros Mhic Thriúin N30) sa scéim, lena n-áirítear Droichead Rose Fitzgerald Kennedy 36m os cionn na Bearú, droichead 900m ar fad, tacaithe ag ocht bpiara, le trí túr easdroma. Is í tréimhse oibríochta an chonartha ná 25 bliana ó chríochnú na scéime agus gheobhaidh an Chuideachta CPP Co a costais infheistíochta trí íocaíochtaí infhaighteachta a íocann BIÉ. Osclaíodh an scéim do thrácht i mí Eanáir 2020.

## 11. Muirir Airgeadais

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Muirir Airgeadais na Scéime Pinsin | 20b | 3,107 | 3,310 |
| Costais Léasa Airgeadais | | 0 | 8 |
| Muirear airgeadais a bhaineann le Dliteanais Lamháltais Seirbhíse | | 23,347 | 25,136 |
| | | 26,454 | 28,454 |

Faoi FRS 102, déantar glan an úis ar dhliteanais pinsin na scéime sochair shainithe agus an toradh ionchais ar shócmhainní €3.1m a thaifeadadh mar mhuirear airgeadais in aice le muirir úis sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (2023:€3.3m) féach nóta 20b.

## 12. Cuntas Caipitil

| | 2024 €'000 | 2024 €'000 | 2023 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Amhail 01 Eanáir | | 2,378,403 | | 2,358,018 |
| Riarachán | | | | |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach | 95 | | 374 | |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (564) | | (605) | |
| De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais | | (469) | | (231) |
| Iarnród Éadrom agus Meitreo | | | | |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach | 19,719 | | 14,364 | |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (56,513) | | (56,064) | |
| Diúscairtí/Lagú | (9,413) | | (939) | |
| De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais | | (46,207) | | (42,639) |
| Gréasán Bóithre | | | | |
| Ioncam a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach | 34,061 | | 57,189 | |
| Ioncam a úsáidtear chun dliteanas lamháltais seirbhíse a mhaoiniú | 36,532 | | 36,299 | |
| Ioncam a úsáidtear chun dliteanas léasa airgeadais a mhaoiniú | 38 | | 226 | |
| Scaoileadh i gcomhréir le muirir airgeadais | (20,492) | | (21,107) | |
| Diúscairtí/Lagú | 0 | | (214) | |
| Amúchadh i gcomhréir le dímheas | (12,751) | | (9,138) | |
| De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais | | 37,388.00 | | 63,255.00 |
| Amhail an 31 Nollaig | | 2,369,115 | | 2,378,403 |

## Bonneagar Iarnróid Éadroim agus Meitreo

| | Bonneagar Iarnróid Éadroim agus Meitreo €'000 | Sócmhainní Iarnróid Éadroim & Meitreo atá faoi Thógáil €'000 | Rothstoc & Trealamh €'000 | Bonneagar Gréasáin Bóithre €'000 | Gréasán Bóithre faoi Thógáil €'000 | Daingneáin Troscáin & Trealamh €'000 | Feabhsú ar Áitribh Léasachta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Costas | | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 1,507,647 | 15,907 | 334,582 | 2,533,235 | 136,620 | 2,903 | 12,699 | 4,543,593 |
| Breiseanna sa tréimhse | 4,884 | 8,086 | 6,517 | 24,990 | 5,353 | 167 | 2,509 | 52,506 |
| Diúscairtí agus laguithe | (19,753) | 0 | 0 | 0 | | (180) | (672) | (20,605) |
| Aistrithe | 2,305 | (2,305) | 0 | 141,973 | (141,973) | 0 | 0 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 1,495,083 | 21,688 | 341,099 | 2,700,198 | 0 | 2,890 | 14,536 | 4,575,494 |
| Dímheas Carntha | | | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 592,045 | 0 | 212,908 | 89,777 | 0 | 2,490 | 7,223 | 904,443 |
| Muirear dímheasa | 42,007 | 0 | 17,700 | 11,868 | 0 | 200 | 1,247 | 73,022 |
| Diúscairtí agus laguithe | (10,340) | 0 | 0 | 0 | | (180) | (429) | (10,949) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 623,712 | 0 | 230,608 | 101,645 | 0 | 2,510 | 8,041 | 966,516 |
| Glanluach Leabhar | | | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 871,371 | 21,688 | 110,491 | 2,598,553 | 0 | 380 | 6,495 | 3,608,978 |
| Costas | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2023 | 1,503,303 | 14,015 | 329,337 | 2,515,643 | 102,290 | 2,853 | 11,101 | 4,478,542 |
| Breiseanna sa tréimhse | 4,885 | 6,941 | 5,245 | 21,283 | 34,330 | 414 | 1,630 | 74,728 |
| Diúscairtí agus laguithe | (5,590) | 0 | 0 | (3,691) | 0 | (364) | (32) | (9,677) |
| Aistrithe | 5,049 | (5,049) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 1,507,647 | 15,907 | 334,582 | 2,533,235 | 136,620 | 2,903 | 12,699 | 4,543,593 |
| Dímheas Carntha | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2023 | 554,856 | 0 | 195,491 | 84,769 | 0 | 2,663 | 6,188 | 843,967 |
| Muirear dímheasa | 41,840 | 0 | 17,417 | 8,502 | 0 | 191 | 1,050 | 69,000 |
| Diúscairtí agus laguithe | (4,651) | 0 | 0 | (3,494) | 0 | (364) | (15) | (8,524) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 592,045 | 0 | 212,908 | 89,777 | 0 | 2,490 | 7,223 | 904,443 |
| Glanluach Leabhar | | | | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 915,602 | 15,907 | 121,674 | 2,443,458 | 136,620 | 413 | 5,476 | 3,639,150 |

## 14. Infháltais

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe d'Ioncam Dola | 14,371 | 13,687 |
| Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile | 12,277 | 18,547 |
| | 26,648 | 32,234 |

Luaitear ioncam dola infhála ag deireadh na bliana maidir le Tollán Bhaile Átha Cliath agus eFlow M50 tar éis foráil de €9.4m (2023: €8.8m) le haghaidh muirir dola eFlow a mheastar a bheith dobhailithe. Tá an fhoráil seo bunaithe ar rátaí bailithe dolaí an M50 thar thréimhse rollach dhá bhliain.

B'ionann an muirear drochfhiacha don bhliain agus €6.1m (2023: €5.4m).

I measc na Réamhíocaíochtaí agus na bhFéichiúnaithe Eile, tá €1.6m atá dlite tar éis bliana (2023: €2.5m).

## 15. Airgead Iníoctha (Suimeanna Dlite laistigh de Bhliain Amháin)

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe | | 95,349 | 65,584 |
| CBL | | 6,182 | 8,862 |
| Dliteanas Lamháltais Seirbhíse | 18 | 36,770 | 36,532 |
| Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha | 18 | 5,947 | 6,458 |
| Ioncam Iarchurtha Luas CityWest | | 1,309 | 1,309 |
| Tuarastail | | 1,643 | 1,397 |
| Oibleagáidí faoi Léasanna Airgeadais | 18 | 0 | 225 |
| | | 147,200 | 120,367 |

## 16. Airgead Iníoctha (Suimeanna Dlite Tar éis Bliana)

| | Nóta | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|---|
| Dliteanas Lamháltais Seirbhíse | 18 | 459,497 | 475,774 |
| Ioncam Iarchurtha Luas CityWest* | | 18,311 | 19,620 |
| Creidiúnaithe Trádála agus Fabhruithe | | 408 | 423 |
| | | 478,216 | 495,817 |

*Áirítear i gcreidiúnaithe ioncam iarchurtha a léiríonn luach na réadmhaoine agus na seirbhísí curtha ar fáil ag tríú páirtithe i ndáil le forbairt Luas CityWest. Scaoiltear an t-ioncam seo leis an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar aon dul leis an dímheas ar na sócmhainní gaolmhara.

## 17. Gealltanais

### 17a. Gealltanais Léas Oibriúcháin

| Amhail an 31 Nollaig, bhí dliteanais íocaíochta léasa ag BIÉ faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas: | Talamh & Foirgnimh 2024 €'000 | Talamh & Foirgnimh 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 1,793 | 1,793 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 7,052 | 7,171 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 2,098 | 3,777 |

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €1.8m (2023: €1.8m)

a. Rinne BIÉ léas 16 bliana agus 7 mí ón 01 Eanáir 2015 maidir le cóiríocht ag Bloc A, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8. Rachaidh an léas in éag ar an 31 Iúil 2031 agus is é €0.7m sa bhliain an cíos iníoctha.

b. Ghlac BIÉ seilbh ar dhá léas ón RPA maidir le lóistín ag Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8:

   Bloc B: Léas 25 bliain ón 01 Lúnasa 2006 go dtí an 31 Iúil 2031. Is é €0.6m sa bhliain an cíos iníoctha.

   Bloc C: Léas 28 bliain ón 29 Meán Fómhair 2001 go dtí an 28 Meán Fómhair 2029. Is é an cíos iníoctha €0.5m sa bhliain.

## 17a. Gealltanais Léas Oibriúcháin (ar lean)

| Amhail an 31 Nollaig, bhí dliteanais íocaíochta léasa ag BIÉ faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas: | Mótarfheithiclí 2024 €'000 | Mótarfheithiclí 2024 €'000 |
|---|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 11 | 5 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 20 | 0 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 0 | 0 |

B'ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas agus €0.02m (2023: €0.02m).

Amhail an 31 Nollaig 2024 bhí léasanna oibriúcháin ag BIÉ maidir le 1 fheithicil leictreach. Rachaidh an léas seo in éag an 10 Deireadh Fómhair 2027. Is é €0.01 sa bhliain an muirear bliantúil ina leith seo.

## 17b. Réamhoibleagáidí an Ghréasáin Bóithre

Tá anailís déanta ag BIÉ ar réamhoibleagáidí chonarthacha, gan gealltanais CPP a áireamh, ar costais tuartha iad atá faoi réir éagsúlachtaí candamacha agus uainiúcháin, agus is iad seo a leanas iad:

| Bliain | Gealltanas* € Milliún | An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe **maoiniú caipitil ceadaithe do BIÉ 2025-2027* € Milliún | Gealltanas mar % den leithdháileadh bliantúil | Tiomantas ceadaithe na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe an NDP mar % den leithdháileadh bliantúil |
|---|---|---|---|---|
| 2025 | 527 | 652 | 80.8% ag titim go 65% | 75 |
| 2026 | 353 | 739.4 | 47.7% | 60 |
| 2027 | 254 | 924.3 | 27.5% | 50 |

*Déantar fóráil go n-úsáidfear Dolaí agus Ioncam eile.

**Ar dháta sínithe na Ráiteas Airgeadais seo, tá leibhéil mhaoinithe do 2026 & 2027 faoi réir athraithe.

## 17c. Réamhoibleagáidí Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí

| Méid Ainmniúil: | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| N25 Seachbhóthar Chathair Phort Láirge | 3,563 | 4,795 |
| N18 Tollán Luimnigh | 12,972 | 13,878 |
| Uasghrádú ar an M50 | 543,293 | 570,699 |
| N6 ó Ghaillimh go Béal Átha na Sluaighe | 19,709 | 20,440 |
| M3 Cluain Aodha/Ceanannas | 134,794 | 135,141 |
| M7/M8 Phort Laoise | 0 | 0 |
| Seachbhóthar M1 Iarthar Dhún Dealgan | 1,922 | 2,117 |
| N8 ó Ráth Chormaic go Mainistir Fhear Maí | 0 | 397 |
| M4/M6 ó Chill Choca go Cionn Átha Gad | 3,043 | 3,426 |
| N11 ó Arcló go Ráth Naoi | 275,200 | 293,246 |
| M17/N18 ón nGort go Tuaim | 660,172 | 698,378 |
| Seachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25 | 251,759 | 264,293 |
| M11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh | 377,801 | 397,071 |
| | 2,284,228 | 2,403,881 |

Forordaítear na gealltanais a nochtar thuas i sceidil na gconarthaí CPP. Luaitear iad gan CBL a áireamh agus cuimsíonn siad íocaíochtaí le haghaidh costais tógála, maoinithe, oibriúcháin agus saolré ar feadh a bhfuil fágtha den chonradh. Déantar iad a innéacsú @ 2% go dtí an Praghasinnéacs Tomhaltóirí garbh agus ní dhéantar iad a lascainiú chuig an luach reatha. Ní thuairiscítear ach gné thógála (lascainithe go hiomchuí) na réamhoibleagáidí seo i gclár comhardaithe BIÉ. Tá na méideanna neamhlascainithe iomlána le haghaidh íocaíochtaí foirgníochta de €718m (2023: €754m) san áireamh sa tábla thuas. Nochtar na méideanna lascainithe mar dhliteanas i nóta 18. Ní dhéantar VOPanna, a d'fhéadfadh a bheith iníoctha faoi chonarthaí CPP an M3 nó N18, a chatagóiriú mar gheall go bhfuil siad éiginnte agus níl siad san áireamh anseo. Féach nóta 10c le haghaidh nochtadh iomlán VOPanna.

## 17d. Gealltanais Chaipitil Iarnróid Éadroim agus Meitreo

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Ag deireadh na bliana ní raibh foráil déanta do na gealltanais chaipitil seo a leanas sna ráitis airgeadais: | | |
| Faoi chonradh ach gan foráil a bheith déanta ina leith | 6,965 | 6,965 |
| Údaraithe ach gan a bheith curtha faoi chonradh ina leith | 0 | 585 |
| | 6,965 | 7,550 |

## 18. Gealltanais Léasa Airgeadais

| Seo a leanas na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí amhail an 31 Nollaig 2024: | Lamháltas Seirbhíse €'000 | Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha €'000 | Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall* €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 36,770 | 5,947 | 0 | 42,717 |
| Níos déanaí ná bliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 149,556 | 26,776 | 0 | 176,332 |
| Níos déanaí ná cúig bliana | 529,306 | 43,135 | 0 | 572,441 |
| Iomlán na nÍocaíochtaí Comhlána | 715,632 | 75,858 | 0 | 791,490 |
| Lúide: Muirir Airgeadais | (219,365) | (15,562) | 0 | (234,927) |
| Méid dliteanais tugtha anonn | 496,267 | 60,296 | 0 | 556,563 |
| Rangaithe mar: | | | | |
| - Airgead Iníoctha (Suimeanna Dlite laistigh de bhliain amháin) | 36,770 | 5,947 | 0 | 42,717 |
| - Airgead Iníoctha (suimeanna dlite tar éis bliana) | 459,497 | 0 | 0 | 459,497 |
| - Forálacha | 0 | 54,349 | 0 | 54,349 |

| Seo a leanas na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí amhail an 31 Nollaig 2023: | Lamháltas Seirbhíse €'000 | Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha €'000 | Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall* €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin | 36,532 | 6,458 | 226 | 43,216 |
| Níos déanaí ná bliain amháin ach tráth nach déanaí ná cúig bliana | 148,555 | 28,726 | 0 | 177,281 |
| Níos déanaí ná cúig bliana | 567,077 | 56,531 | 0 | 623,608 |
| Iomlán na nÍocaíochtaí Comhlána | 752,164 | 91,715 | 226 | 844,105 |
| Lúide: Muirir Airgeadais | (239,858) | (20,349) | (1) | (260,208) |
| Méid dliteanais tugtha anonn | 512,306 | 71,366 | 225 | 583,897 |
| Rangaithe mar: | | | | |
| - Airgead Iníoctha (Suimeanna Dlite laistigh de bhliain amháin) | 36,532 | 6,458 | 225 | 43,215 |
| - Airgead Iníoctha (suimeanna dlite tar éis bliana) | 475,774 | 0 | 0 | 475,774 |
| - Forálacha | 0 | 64,908 | 0 | 64,908 |

*Rinne BIÉ léas fiche bliain ón 1 Márta 2004 le Comhairle Contae Dhún na nGall maidir le cóiríocht d'Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall. Is ionann an cíos in aghaidh na bliana agus €0.2m.

Tomhaistear na dliteanais léasa airgeadais thuas ag costas amúchta.

## 19. Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir

| | Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha €'000 | Airleacain Státchiste Inaisíoctha €'000 | Forálacha Tionscadail €'000 | Athchóiriú Rianta €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Amhail 01 Eanáir 2024 | 64,908 | 64,947 | 567 | 4,307 | 134,729 |
| Iníoctha le hoibreoirí sa bhliain | (5,704) | 0 | 0 | (94) | (5,798) |
| (Laghdú) / Méadú ar fhoráil | (7,710) | 0 | 0 | 117 | (7,593) |
| Muirir airgeadais, ina n-aithnítear tionchar na lascainithe ar an uainiú le dliteanais a ghlanadh | 2,855 | 0 | 0 | 0 | 2,855 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 54,349 | 64,947 | 567 | 4,330 | 124,193 |

Rinneadh na forálacha de réir na mbeartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach i nótaí 1(m), (o) agus (p) a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

### Íocaíochtaí Oibriúcháin Athraitheacha

I gcás dhá scéim lamháltais CPP (i.e. M3 Cluain Aodha-Ceanannas agus N18 Tollán Luimnigh) déantar foráil sa chomhaontú CPP d'íocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha má thiteann méideanna tráchta faoi bhun leibhéil sonraithe. Tá foráil iomlán déanta ag BIÉ don mhéid a bhfuil súil aige a íoc i ndáil leis na híocaíochtaí oibríochtúla athraitheacha seo thar an saolré atá fágtha den chonradh CPP ábhartha.

Tuairiscítear é seo sa Ráiteas ar Staid Airgeadais faoi "Airgead iníoctha" atá dlite laistigh de bhliain amháin €5.9m agus faoi "Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir" €54.3m.

Athraíonn an fhoráil ó bhliain go bliain chun athruithe ar na méideanna tráchta tuartha ar an mbóthar ábhartha a léiriú. Gearrtar athruithe ar an bhforáil (déantar iad a chreidiúnú)/ ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais (€8.2m) in 2024 (2023:(€27.7m)) Nóta 10 (c).

Léirítear an t-athrú ar fhoráil de €10.6m leis an laghdú ar fhoráil de €7.7m agus laghdú ar airgead iníoctha atá dlite laistigh de bhliain amháin de €2.9m.

Is é €5.7m an méid atá iníoctha sa bhliain (2023:€5.9m). Is ionann an méid iníoctha do Tollán Luimnigh N18 agus €5.7m (2023: €5.9m) mar go bhfuil leibhéil tráchta faoi bhun na leibhéal tairsí ráthaíochta faoi láthair agus is ionann an méid iníoctha do M3 Cluain Aodha-Ceanannas agus €0m (2023 €0m) toisc go bhfuil leibhéil tráchta os cionn leibhéil na tairsí ráthaíochta faoi láthair.

### Airleacain Státchiste Inaisíoctha

Áirítear i ndeontais stáit iníoctha deontais Stáit curtha ar fáil mar réamh-mhaoiniú chun tionscadail áirithe a chur chun feidhme a bhfuil scéimeanna tobhaigh forbartha i bhfeidhm ina leith agus a mheastar a bheith iníoctha de réir Bheartas Cuntasaíochta nóta 1(m). Tá na réamhíocaíochtaí seo inaisíoctha thar shaolré na scéimeanna tobhaigh agus dá bharr sin ní dócha go mbeidh an fhoráil á leachtú ina hiomláine sa mheántéarma.

Níor tháinig aon athrú ar an bhforáil sa bhliain (2023: €0.0m).

### Forálacha Tionscadail

Rinne BIÉ foráil leordhóthanach do dhliteanais tionscadail sa chás nach bhfuil cinnteacht ann faoi uainiú a n-íocaíochta. Baineann an fhoráil seo le dliteanais Iarnróid Éadroim agus Meitreo.

## 19. Forálacha le haghaidh Dliteanais agus Muirir (Ar Lean)

**Athchóiriú Rianta**

Baineann forálacha maidir le hathchóiriú rianta le costais leasúcháin agus feabhsúcháin atá le tabhú. Tá BIÉ ag súil go n-úsáidfear an fhoráil thar shaolré na sócmhainní gaolmhara agus dá bharr sin ní dócha go mbeidh an fhoráil á leachtú ina hiomláine sa mheántéarma.

In 2024, rinne BIÉ íocaíochtaí dár luach €0.1m (2023:

€0.3m) maidir le costais leasúcháin agus mhéadaigh sé an soláthar faoi €0.1m.

## 20. Oibleagáidí Scoir

Cuirtear sonraí faoi scéimeanna pinsin BIÉ ar fáil thíos:

**Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]**

Cuireadh plean pinsin ranníocaíochta sainithe ar bun in 2003 d'iarfhoireann RPA nár cháiligh do bhallraíocht sa scéim ranníocaíochtaí sainithe maoinithe a luaitear thíos. Ní eascraíonn aon dliteanas maoinithe as an bplean seo do BIÉ faoi FRS 102.

**Scéim Sochair Shainithe – Maoinithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]**

D'fhonn forálacha ailt 24 agus 25 den Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid), 2001 a chomhlíonadh, bhunaigh RPA scéim sochair shainithe in 2003 chun foráil a dhéanamh maidir le teidlíochtaí pinsin na bhfostaithe sin a aistríonn ó scéim sochair shainithe CIÉ 1951. Cuireadh an scéim nua ar bun trí úsáid a bhaint as teimpléad na scéime samhla do shocruithe pinsin na hearnála poiblí arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais, arna modhnú de réir mar is gá le hathchruthú a dhéanamh ar na sochair a cuireadh ar fáil faoi scéim pinsin shochair shainithe CIÉ 1951.

Rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2025) ar shócmhainní agus ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2024. Luacháladh na sócmhainní agus na dliteanais sin trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Aithníodh barrachas pinsin €0.0m sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Léirigh luacháil an bharrachais faoi rialacha FRS 102 barrachas teicniúil de €8.1m. Is é méid an bharrachais sin is féidir a aithint sna Ráitis Airgeadais agus an luach atá i gceist leis an sos ranníocaíochta fostóra go brách. Is ionann sos ranníocaíochta den sórt sin faoi láthair agus €0.0m.

**Scéim Sochair Shainithe – Neamh-mhaoinithe [Dúnta d'iontrálaithe nua]**

Socrú pinsin sochair shainithe an tuarastail dheiridh is ea an scéim phinsin. Tá na sochair agus na ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin 'samhlacha' reatha le haghaidh scéim na hearnála poiblí.

Ní raibh an scéim seo ar fáil ach d'iarfhostaithe NRA a tháinig isteach roimh an 1 Eanáir 2013. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse), bónas nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí.

Is é 65ú breithlá an bhaill an ghnáthaois scoir. Tá fostaithe a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scoir gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Méadaíonn pinsin in íocaíocht (agus atá á n-athchur) de ghnáth ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil luacháil iomlán (Feabhra 2025) ar dhliteanais na scéime amhail an 31Nollaig 2024. Luacháladh na sócmhainní agus na dliteanais sin trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

**Scéim Pinsin Aonair – Neamh-mhaoinithe**

Feidhmíonn BIÉ an Scéim Aonair, ar scéim meántuarastail sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe (DPENDPDR). Tá costais, dliteanais agus sócmhainní BIÉ maidir leis an Scéim Pinsin Aonair curtha san áireamh sna nochtuithe ar an scéim Sochair Shainithe neamh-mhaoinithe.

## 20a. Anailís ar na costais phinsin iomlána á ngearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe: | | |
| Costas Seirbhíse Reatha | 4,789 | 4,425 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (501) | (476) |
| | 4,288 | 3,949 |
| | | |
| Scéim Pinsin Aonair: | | |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe | (719) | (655) |
| | (719) | (655) |
| Scéim Sochair Shainithe Mhaoinithe: | | |
| Costas Seirbhíse Reatha | (4) | (4) |
| | (4) | (4) |
| Costais na Scéime Sochair Shainithe - Iomlán | 3,565 | 3,290 |
| Costais na Scéime Ranníocaíochta Sainithe* | 295 | 289 |
| Iomlán | 3,860 | 3,579 |

*Tá an muirear pinsin maidir leis an bplean scéime ranníocaíochtaí sainithe cothrom leis na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag BIÉ don bhliain.

## 20b. Anailís ar mhuirear airgeadais a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---|---|
| Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe: | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 3,408 | 3,597 |
| | | |
| Scéim Sochair Shainithe Mhaoinithe: | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 103 | 107 |
| Toradh ar shócmhainní scéime | (404) | (394) |
| | (301) | (287) |
| Iomlán an mhuirir airgeadais | 3,107 | 3,310 |

## 20c. Anailís ar an méid a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe: | | |
| (Gnóthachan)/Caillteanas ó thaithí | 1,410 | (501) |
| Athrú ar thoimhdí atá mar bhonn le luach reatha dhliteanais na scéime | (11,941) | 3,006 |
| | (10,531) | 2,505 |
| Scéim Sochair Shainithe Mhaoinithe: | | |
| (Gnóthachan)/Caillteanas ó thaithí | 1,985 | (107) |
| Athrú ar thoimhdí atá mar bhonn le luach reatha dhliteanais na scéime | (246) | 45 |
| | 1,739 | (62) |
| (Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach iomlán | (8,792) | 2,443 |
| Athrú ar Bharrachas Do-athfhála | (1,734) | 66 |
| | (10,526) | 2,509 |

## 20d. Gluaiseacht in oibleagáidí sochair scoir ghlana/sóchmhainní i rith na bliana airgeadais

### Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| Glan-oibleagáid scoir sochair shainithe amhail an 01 Eanáir | 109,838 | 101,520 |
| Costas seirbhíse reatha | 4,789 | 4,425 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach iomlán | (10,531) | 2,505 |
| Costas úis | 3,408 | 3,597 |
| Pinsin a íocadh sa bhliain | (2,333) | (2,209) |
| Glan-oibleagáid scoir sochair shainithe amhail an 31 Nollaig | 105,171 | 109,838 |

## 20d. Gluaiseacht in oibleagáidí sochair scoir ghlana/sóchmhainní i rith na bliana airgeadais (Ar lean)

### Scéim Maoinithe Sochair Shainithe

| | Sócmhainní Scéime €'000 | Dliteanais Scéime €'000 | Barrachas Pinsin €'000 |
|---|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 11,042 | (2,922) | 8,120 |
| Costas seirbhíse reatha | 0 | 4 | 4 |
| Caillteanas achtúireach | (470) | (1,269) | (1,739) |
| Toradh ionchasach ar shócmhainní scéime | 404 | 0 | 404 |
| Costas úis | 0 | (103) | (103) |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe na scéime | 16 | (16) | 0 |
| Sochair íoctha | (77) | 77 | 0 |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 10,915 | (4,229) | 6,686 |

## 20e. Cistiú iarchurtha do shochair scoir

### Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe

Aithníonn an Bord méideanna atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe sochair shainithe le haghaidh pinsean ar bhonn tacar toimhdí ag nóta 20 (g) agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Ar na himeachtaí áirítear an bonn reachtúil do bhunú na scéime pinsin agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord nach gcomhlíonfaidh an beartas maoinithe sin na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Is mar a leanas a bhí an maoiniú glan iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú atá in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir na bliana reatha | 8,197 | 8,022 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm ar shochair pá scoir | (2,500) | (2,212) |
| | 5,697 | 5,810 |

Is mar a leanas a bhí an maoiniú glan iarchurtha do shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach:

| | 2024 €'000 | 2023 €'000 |
|---|---|---|
| Coigeartú ar Oibleagáid Sochair Scoir Iarchurtha | (10,531) | 2,505 |

B'ionann an Maoiniú do Shochar Scoir Sainithe Iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2024 agus €105.17m (2023: €109.84m).



## 20f. Stair n-oibleagáidí sochair shainithe, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó taithí

### Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe

| | 31 Nollaig 2024 | 31 Nollaig 2023 | 31 Nollaig 2022 | 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|---|---|
| Méid na n-oibleagáidí sochair shainithe (€'000) | (105,171) | (109,838) | (101,520) | (128,138) |
| Coigeartuithe ó thaithí ar mhéid dhliteanais na scéime (€'000) | (1,410) | 501 | (6,904) | (3,377) |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%) | 1.34% | (0.46%) | 6.80% | 2.64% |
| Coigeartuithe ó thoimhdí ar mhéid dhliteanais na scéime (€'000) | 11,941 | (3,006) | 38,868 | (2,218) |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%) | (11.35%) | 2.74% | (38.29)% | 1.73% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach suas go dtí an 31 Nollaig 2024 agus an caillteanas sin san áireamh agus €14.6m (31 Nollaig 2023: €25.2m).

### Scéim Mhaoinithe Sochair Shainithe:

| | 31 Nollaig 2024 | 31 Nollaig 2023 | 31 Nollaig 2022 | 31 Nollaig 2021 |
|---|---|---|---|---|
| Méid na n-oibleagáidí sochair shainithe (€'000) | (4,229) | (2,922) | (3,020) | (3,823) |
| Méid na sócmhainní sochair shainithe (€'000) | 10,915 | 11,042 | 10,787 | 12,947 |
| Barrachas sochair shainithe | 6,686 | 8,120 | 7,767 | 9,124 |
| Barrachas do-aisghabhála ar an scéim sochair scoir | (6,686) | (8,120) | (7,767) | (9,058) |
| Barrachas pinsean sochair shainithe | 0 | 0 | 0 | 66 |
| Coigeartuithe ó thaithí ar mhéid dhliteanais na scéime (€'000) | (1,515) | 184 | (60) | 315 |
| Mar chéatadán de dhliteanais na scéime (%) | 35.82% | (6.30%) | 1.99% | 8.24% |
| Coigeartuithe ó thaithí ar mhéid shócmhainní na scéime (€'000) | (470) | (77) | (2,237) | (207) |
| Mar chéatadán de shócmhainní na scéime (%) | 4.31% | 0.70% | 20.74% | 1.60% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach suas go dtí an 31 Nollaig 2024 agus an caillteanas sin san áireamh agus €0.7m (31 Nollaig 2023: gnóthachan €0.6m). Is ionann na ranníocaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo don bhliain dár gcionn agus €Nialas.

## 20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha

**Scéim Sochair Shainithe Neamh-mhaoinithe**

Na príomh-thoimhdí achtúireacha ag dáta an chláir chomhardaithe:

| | 31 Nollaig 2024 % | 31 Nollaig 2023 % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.45 | 3.15 |
| Arduithe tuarastail sa todhchaí | 3.05 | 3.30 |
| Méaduithe pinsin sa todhchaí | 2.55 | 2.80 |
| Ráta boilscithe | 2.05 | 2.30 |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit sa todhchaí | 2.05 | 2.30 |

Déantar foráil sa bhonn mortlaíochta glactha le haghaidh feabhsúchán ar ionchas saoil in imeacht ama, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ar an mbliain ina slánaíonn an comhalta aois scoir (aois 65). Taispeántar sa tábla thíos ionchais saoil na gcomhaltaí a shlánóidh 65 bliain sna blianta 2023 agus 2043.

An Bhliain ina Shlánaítear 65 Bliain d'Aois.

| | 2024 | 2044 |
|---|---|---|
| Ionchas Saoil – Fear | 21.7 | 23.0 |
| Ionchas Saoil – Bean | 24.1 | 25.5 |

**Scéim Maoinithe Sochair Shainithe**

Na príomh-thoimhdí achtúireacha ag dáta an chláir chomhardaithe:

| | 31 Nollaig 2024 % | 31 Nollaig 2023 % |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.40 | 3.15 |
| Arduithe tuarastail sa todhchaí | 2.95 | 3.20 |
| Méaduithe pinsin sa todhchaí | 2.45 | 2.70 |
| Ráta boilscithe | 1.95 | 2.20 |
| Méaduithe ar Phinsean Stáit sa todhchaí | 1.95 | 2.20 |

Socraítear toimhdí maidir le básmhaireacht sa todhchaí bunaithe ar chomhairle ó staitisticí foilsithe agus ó thaithí. Tá na toimhdí mortlaíochta bunaithe ar tháblaí caighdeánacha mortlaíochta a chiallaíonn go bhfuil feabhas in ann tarlú ar bhásmhaireacht sna toimhdí sa todhchaí.

Tá triúr pinsinéirí reatha páirteach sa scéim. Fadsaolaí do bhaill atá ag dul ar scor ag aois 65.

| | 2024 Years | 2044 Years |
|---|---|---|
| Fear | 21.7 | 23.0 |
| Bean | 24.1 | 25.5 |

## 20g. Cur síos ginearálta ar an scéim agus toimhdí achtúireacha (ar lean)

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí sócmhainní na scéime infheistithe i gCiste Airgid Pinsin Bheatha na hÉireann, Bannaí AAA Sraith 8 10 mBliana innéacsaithe Bheatha na hÉireann agus Ciste Bannaí 2042 Bheatha na hÉireann na hÍsiltíre. Déanann na hIontaobhaithe, le hionchur óna gcomhairleoirí gairmiúla, cinneadh ar an meascán sócmhainní bunaithe ar phróifíl riosca na scéime

Tá luach cóir shócmhainní na scéime mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime leagtha amach thíos:

| (mar chéatadán de shócmhainní iomlána na scéime) | 31 Nollaig 2024 % | 31 Nollaig 2023 % |
|---|---:|---:|
| Blianachtaí | 10.0 | 0.0 |
| Bannaí | 33.0 | 35.0 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | 57.0 | 65.0 |
| | 100 | 100 |

Ní chuimsíonn sócmhainní scéime aon cheann d’ionstraimí airgeadais BIÉ féin, ná aon réadmhaoin atá á sealbhú ag BIÉ.

## 21. Tobhaigh agus Ranníocaíochtaí Forbartha

| | 2024 €’000 | 2023 €’000 |
|---|---:|---:|
| Amhail an 1 Eanáir | 112,266 | 105,496 |
| Tobhaigh agus ranníocaíochtaí forbartha | 8,621 | 6,973 |
| Amúchadh tobhach | (203) | (203) |
| Amhail an 31 Nollaig | 120,684 | 112,266 |

Mar a leagtar amach i nóta 1(e), coinnítear tobhaigh forbartha agus ranníocaíochtaí forbróra faighte ag BIÉ i gcúlchiste tobhach forbartha agus ranníocaíochtaí forbróra. Sa chás go n-úsáidtear tobhaigh chun seachadadh tionscadail a mhaoiniú, déantar iad a amúchadh chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## 22. Dlíthíocht agus Éilimh

Tá baint ag BIÉ le roinnt cásanna dlí a bhfuil a dtoradh le cinneadh go fóill. Níl aon soláthar déanta ag BIÉ d'aon chostais a thiocfaidh chun cinn.

## 23. Idirbhearta Páirtí Gaolmhara

Féach nóta 7c le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus ar na sochair a íoctar le príomhphearsanra bainistíochta. Glacann BIÉ le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe a chlúdaíonn leasanna pearsanta na gcomhaltaí Boird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh BIÉ deontais a cheadú nó socruithe conarthacha eile a dhéanamh le heintitis ina bhfuil comhaltaí Bhord BIÉ fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile.

I gcásanna coinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, ní fhaigheann comhaltaí Boird doiciméid ábhartha an Bhoird ná ní ghlacann siad páirt i ndíospóireachtaí maidir leis na hidirbhearta seo. Coinnítear taifead ar gach cás den sórt sin.

I rith na bliana ní raibh aon idirbhearta páirtí gaolmhara ann.

## 24. Figiúirí comparáideacha

Tá roinnt figiúirí comparáideacha athrangaithe ionas go mbeidh siad ag teacht lena gcóireáil sa bhliain reatha.

## 25. Imeachtaí ina Dhiaidh Sin

**Imeachtaí tar éis na tréimhse tuairiscithe go dtí an 31 Nollaig 2024**

Níor tharla aon imeacht eile tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe a d'éileodh coigeartuithe nó nochtuithe ar fhigiúirí a tuairiscíodh amhail an 31 Nollaig 2024.


## 26. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo ar an 24 Meitheamh 2025.



An bealach atá beartaithe do Ghlasbhealach an Bhearnais Mhóir ar an Seanlíne Iarnróid

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland



www.tii.ie